

# Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail na Mí
2023-2029

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil na Mí
Meath Local Community Development Committee

comhairle chontae na mí
*meath county council*

Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail na Mí

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Teachtaireacht ón gCathaoirleach | 3 |
| 2. | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chontae na Mí | **4** |
| 3. | An PÁEP a Fhorbairt agus a Ullmhú | 12 |
| 4. | Sracfhéachaint ar an Mí | 15 |
| 5. | Rannpháirtíocht an phobail sa Mhí | 35 |
| 6. | Fís do Chontae na Mí | 41 |
| 7. | Plean cur chun feidhme do Chontae na Mí | 62 |
| 8. | Monatóireacht agus Meastóireacht | 116 |
| 9. | Aguisíní | 117 |




# 1. Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach Choiste Forbartha Pobail Áitiúil na Mí, tá lúcháir orm a bheith páirteach chun an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a ullmhú, an dara plean den chineál seo do Chontae na Mí.

Aithnítear go bhfuil tionchar ollmhór ag ár dtimpeallacht fhisiceach, shóisialta agus chultúrtha ar ár sláinte agus ar ár bhfolláine. Léirítear sna sonraí is deireanaí atá ar fáil go bhfuil ardú 12.9% tagtha ar dhaonra na Mí, an dara hardú is mó sa tír, agus bhí an ráta dífhostaíochta arna choigeartú de réir an tséasúir, 3.8%, níos ísle ná riamh i mí na Bealtaine 2023. Beidh idir dheiseanna agus dhúshláin romhainn mar gheall ar an méadú ar an daonra, ar daonra é atá ag dul in aois.

In PÁEP na Mí leagtar amach plean cur chun feidhme uaillmhianach dhá bhliain a bheidh ina chuidiú chun feabhas a chur ar gach gné den chontae ina mairimid; déantar forbairt ar dheiseanna sa phlean ach tugtar cabhair freisin chun cuid de na dúshláin a shárú.

In PÁEP na Mí leagtar amach na seacht sprioc ardleibhéil a forbraíodh tar éis comhairliúchán fairsing poiblí. Faoi gach ceann de na spriocanna seo tá Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe (CPInna) agus Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna), atá ag teacht le chéile.

Beidh ceannaireacht na ngníomhaireachtaí éagsúla ag teastáil chun an PÁEP seo a chur i bhfeidhm agus táim ag súil le hobair a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí seo; déanann comhghleacaithe de mo chuid ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ionadaíocht do chuid mhaith acu. Tá na baill den CFPÁ tiomanta do pháirt a ghlacadh i bhforbairt leanúnach a gcuid pobal ar fud an chontae agus don fhorbairt seo a chumasú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Maria Hall ó Hub Planning as a cúnamh chun PÁEP na Mí a phleanáil agus a fhorbairt agus le Fiona Fallon, Príomhoifigeach, a chomhordaigh soláthar an dara PÁEP seo don Mhí agus a chinntigh gur cloíodh le gach sprioc-am.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le PÁEP na Mí a fhorbairt; plean is ea é chun an contae a fheabhsú agus táim ag súil leis na buntáistí a bheidh ann nuair a chuirfear i bhfeidhm é.

*Suzanne Brady*

# 2. Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chontae na Mí

I bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) na Mí, leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhartha, i gcomhair tréimhse sé bliana, a theastaíonn chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus forbairt pobail agus chun iad a chur chun cinn. Is é an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) an phríomhuirlis chun gníomhartha ó straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. Dearadh an PÁEP chun gníomhartha agus tionscnaimh a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus pobail sa Mhí a lárú mar straitéis chomhaontaithe amháin.

I gcaitheamh shaolré an chéad PÁEP don chontae (2016-2021), rinneadh dul chun cinn suntasach chun Spriocanna Ardleibhéil an phlean a chur i bhfeidhm trí iarracht chomhordaithe idir Comhairle Contae na Mí agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí áitiúla eile.

Sna Spriocanna Ardleibhéil atá mar chuid de PÁEP 2023-2029 na Mí, tógtar ar bhunchloch an chéad PÁEP (2016-2021) agus áirítear gnéithe nua a bheidh mar thaca leis an bhfís a leagadh síos i bPlean Forbartha Contae na Mí: "Caighdeán na beatha a fheabhsú do gach saoránach sa Mhí trí thimpeallacht a chruthú ina dtacaítear le geilleagar bríomhar atá ag fás agus le háit insroichte le maireachtáil agus le staidéar nó gnó a dhéanamh."

## 2.1 Cuspóir na Creatcháipéise PÁEP


Tá sé beartaithe go gcuirfear bunús agus bonn fianaise an phlean cur chun feidhme PÁEP ar fáil sa cháipéis seo, dá ngairtear an Creat-PÁEP. Sa cháipéis seo:

- Míneofar cuspóir an PÁEP agus cé a chuirfidh na gníomhartha i bhfeidhm
- Cuirfear síos ar conas a forbraíodh agus a ullmhaíodh an PÁEP
- Tabharfar léargas ar staitisticí eacnamaíocha agus pobail sa Mhí
- Tabharfar achoimre ar phríomhthorthaí an chomhairliúcháin phoiblí
- Cuirfear anailís LLDB ar fáil atá treoraithe ag torthaí ón taighde agus ón gcomhairliúchán poiblí
- Cuirfear na seacht Sprioc Ardleibhéil, a bheidh mar threoir ag an PÁEP sna sé bliana atá amach romhainn, i láthair
- Cuirfear achoimre mhionsonraithe ar fáil ar na cuspóirí agus na gníomhartha a bhaineann le gach Sprioc Ardleibhéil
- Míneofar conas a dhéanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an PÁEP ar bhonn leanúnach.

### Tá PÁEP 2023-2029 na Mí...

- **Treoraithe ag eolas agus ionchur ball den phobal agus páirtithe leasmhara ar fud na Mí**
- **Faoi threoir torthaí: tá na Spriocanna Ardleibhéil mar threoir ag cuspóirí agus gníomhartha sa PÁEP**
- **Uaillmhianach, indéanta agus réadúil.**

**Léaráid 1: Comhthéacs Beartais**




## 2.2 Struchtúir i gcomhair forbartha agus cur i bhfeidhm

Plean ilghníomhaireachtaí is ea PÁEP Chontae na Mí, rud a chiallaíonn go gcuirfidh réimse leathan soláthraithe seirbhíse gníomhartha i bhfeidhm. Tá Comhairle Contae na Mí i measc na soláthraithe seirbhíse, inti féin agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eacnamaíochta agus pobail eile. Ar aon dul le Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus an Dualgas maidir le Cearta an Duine, tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta an duine a chosaint d'fhostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus gach duine ar a dtéann a cuid beartas agus pleananna i bhfeidhm.

## 2.3 Ailíniú Beartas

Is é PÁEP 2023-2029 an phríomh-mheicníocht chun spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Léirítear sa léaráid thuas conas a réitíonn an PÁEP le comhthéacs beartais na Mí (féach Aguisín A le haghaidh liosta cáipéisí beartais ábhartha agus gaolmhara).

Léirítear sa léaráid thíos conas a aithnítear pleananna agus straitéisí náisiúnta agus a chuirtear in iúl iad ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal áitiúil. Tá an PÁEP treoraithe ag na spriocanna, na cuspóirí agus na dea-chleachtais a achoimrítear sna pleananna agus sna straitéisí seo agus i bpleananna agus straitéisí eile (féach Aguisín A le haghaidh liosta iomlán de na cáipéisí beartais gaolmhara).

Gné thábhachtach de PÁEP 2023- 2029 is ea an bhéim mhéadaithe ar an inbhuanaitheacht. Cuardaigh an deilbhín do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na NA i réamhrá gach míre i gCaibidil 7.0 chun féachaint ar conas atá PÁEP na Mí ag teacht leis na 17 SFI.

**Léaráid 2: Pleananna agus straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla roghnaithe mar threoir ag PÁEP na Mí**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Pleananna & Straitéisí Náisiúnta | An Plean Eacnamaíochta Náisiúnta | Fiontar 2025 Athnuaite | An Plean Forbartha Náisiúnta (2018-2027) | Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 Ár dTodhchaí Thuaithe | Bonneagar Iompair Éireann |
| | An Plean Soghluaisteachta Tuaithe, Éire a Nascadh | Tithíocht do Chách: Plean Nua Tithíochta d'Éirinn | An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 | An Plean Náisiúnta Gníomhaithe um Bithéagsúlacht 2023 | An Straitéis Náisiúnta um Imeascadh Imirceach |
| | An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach (SNAD) | Straitéis agus Plean Gníomhaithe Sláintecare, 2021-2023 | Creat Éire na Sláinte, 2019-2025 | Clár Éire Chruthaitheach, 2023-2027 | An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 |
| Pleananna & Straitéisí Réigiúnacha | Straitéis Forbartha Geilleagraí na Mí | Plean Réigiúnach Fiontraíochta an Lár-Oirthir go dtí 2024 | Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER) don TROLT | Plean Forbartha Contae na Mí, 2019-2025 | Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 2022-2042 |
| | An Straitéis Iompair do Bhaile Dhroichead Átha agus don Chóngaracht | Clár Cóiríochta na Mí do Thaistealaithe, 2019-2024 | Straitéis Ghníomhaithe na Mí ar son na hAeráide, 2019-2024 | Plean Gníomhaithe na Mí um Bithéagsúlacht, 2015-2020 | Straitéis Chomhtháite Imirceach Lú & na Mí, 2019-2022 |
| | Straitéis Aoisbháúil na Mí, 2023-2028 | Plean Éire na Sláinte, Eagraíocht Phobail um Chúram Sláinte Lú agus na Mí, 2018-2022 | Plean Sláinte na Mí, 2019-2021 | Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta na Mí | Scéim Gaeilge Chomhairle Contae na Mí, 2021-2024 |

## 2.4 Struchtúr an PÁEP

Ar aon dul le Treoirlínte an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, a eisíodh in 2021, tá dhá chuid ar leith in PÁEP na Mí ach tá gaol acu le chéile:


- An Creat-PÁEP, lena n-áirítear bonn fianaise a aistrítear go Spriocanna Ardleibhéil agus cuspóirí a bheidh mar threoir ag an PÁEP ar feadh shaolré an phlean (2023-2029)
- An Plean Cur chun Feidhme, ina dtugtar sonraí maidir leis na gníomhartha atá le cur i bhfeidhm thar thréimhse dhá bhliain a bheidh ina gcuidiú chun na cuspóirí agus na Spriocanna Ardleibhéil a achoimrítear sa Chreat-PÁEP a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm ag an struchtúr seo go soláthrófar treoir láidir straitéiseach sa Chreat-PÁEP. Féadfaidh an Plean Cur chun Feidhme, dá réir sin, a bheith solúbtha agus oiriúnaithe chun teacht le riachtanais a eascróidh le linn shaolré an phlean, agus iad á dtreorú ag an bhfís, na spriocanna agus an sainchúram a thugtar sa Chreat den PÁEP.
Déantar pleanáil sa PÁEP i gcomhair idir fhorbairt gheilleagrach agus fhorbairt pobail na Mí. Tá gaol ag an dá ghné seo le chéile, nó braitheann siad ar a chéile, agus beidh forluí eatarthu dá bharr i gcás na Spriocanna Ardleibhéil, na gcuspóirí agus na ngníomhartha.

**Léaráid 3: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SFInna)**






### Spriocanna Ardleibhéil

Tá treo foriomlán an PÁEP faoi threoir Spriocanna Ardleibhéil. Is iad na príomhspriocanna seo a sholáthraíonn croí-aidhmeanna an PÁEP agus a sheasann don chaoi ar chóir don Mhí fás thar shaolré an phlean.
Iarrtar ar gach duine ionchur a bheith acu i bhforbairt na Spriocanna Ardleibhéil.

### Cuspóirí

Beidh roinnt Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) agus Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) ag baint le gach Sprioc Ardleibhéil agus beidh gaol acu le chéile.
Is réimsí eochairthosaíochta iad na CPInna agus na CFEInna laistigh de gach Sprioc Ardleibhéil agus úsáidtear iad i dtosach báire chun plean praiticiúil a dhéanamh de phlean ardaidhmeannach. Tá na cuspóirí mar tháscaire ar conas a d'fhéadfaí gníomhartha a ghrúpáil chun obair a dhéanamh leis na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach.

### Gníomhartha

Gníomhartha is ea na tionscadail nó na tionscnaimh ar leith a shainaithnítear chun na cuspóirí a chomhlíonadh agus atá mar chuidiú leis na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach. Deartar gníomhartha laistigh den chreat SIIÁA (nó SMART sa Bhéarla), rud a chiallaíonn go bhfuil siad Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Ábhartha agus faoi Cheangal Ama. Is mar gheall ar ghníomhartha a fheidhmíonn an PÁEP agus deartar iad chun freagairt d'ionchur agus riachtanais an phobail.

Lena chois sin, cuirtear san áireamh sa PÁEP conas a d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar roinnt tosaíochtaí trasearnála. Topaicí is ea tosaíochtaí trasearnála a shainaithnítear a bheith tábhachtach agus a bhfuil tionchar acu ar fhormhór na ngnéithe den fhorbairt, nó ar na gnéithe ar fad den fhorbairt, nó a bhfuil baint acu leo. Cuireadh na topaicí seo san áireamh le linn gach céime den PÁEP agus beidh siad mar threoir ag forbairt na Spriocanna Ardleibhéil, na gcuspóirí agus na ngníomhartha:




## 2.5 Dualgas Earnála Poiblí

Oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí is ea Dualgas Earnála Poiblí lena n-éilítear orthu, agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a thabhairt ar an ngá le leithcheal a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint do bhaill foirne agus dóibh siúd a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí.

In Alt 42(2) d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, éilítear ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta an duine a mheasúnú, a phlé agus a thuairisciú ina bplean straitéiseach agus ina gcuid tuarascálacha bliantúla ar bhealach atá inrochtana don phobal.

Bhíothas ag obair go gníomhach ar an PÁEP chun Dualgas Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm trí na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas sa chontae a shainaithint. Tá an obair seo bunaithe ar fhoinsí sonraí náisiúnta agus Eorpacha agus ar cháipéisí beartais náisiúnta a tiomsaíodh chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais arna sainaithint. Trí Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus Dualgas Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm, forbraíodh an PÁEP seo laistigh de pharaiméadair Ráiteas Chomhairle Contae na Mí maidir le Comhionannas agus Luachanna Chearta an Duine agus Measúnú Chomhairle Contae na Mí ar Shaincheisteanna um Chomhionannas agus um Chearta an Duine, de réir mar is ábhartha do na feidhmeanna a dtugtar aghaidh orthu sa Straitéis.

Leagtar amach na saincheisteanna a sainaithníodh maidir le comhionannas agus cearta an duine a bhaineann leis an PÁEP, a fuarthas ón Measúnú ar Shaincheisteanna um Chomhionannas agus um Chearta an Duine, agus catagóirítear iad de réir na luachanna comhionannais agus cearta daonna Dínit, Ionchuimsiú, Ceartas Sóisialta, Daonlathas agus Féinriail.



Baineann an **Dínit** le luach an duine dhaonna agus le slánchúis gach duine aonair, le meas agus cóir chomhionann a léiriú do gach duine, beag beann ar éagsúlachtaí, agus le cur chuige daonlárnach.

Ráiteas Tosaíochta:
Bíonn Comhairle Contae na Mí ag obair chun bheith ina cosantóir agus ina heiseamláir, agus chun caighdeán a leagan síos maidir le timpeallacht a chruthú ina bhfuil caidreamh sármhaith bunaithe ar luach an duine agus slánchúis an duine aonair, ar leibhéal an phobail agus san ionad oibre araon.

Saincheisteanna Ábhartha maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine:

- Steiréitíopaí, stiogma, fuathchaint agus coireacht fuatha ar fud na ngrúpaí arna sainaithint
- Leithcheal i soláthar seirbhísí ar fud na ngrúpaí arna sainaithint
- Foréigean agus imeaglú, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, drochúsáid daoine scothaosta agus eagla roimh an bhforéigean agus taithí air i spásanna poiblí, i gcás daoine LADTI+ agus daoine scothaosta go háirithe

Baineann **Ionchuimsiú** le himeascadh agus aitheantas a thabhairt don éagsúlacht. Baineann sé leis an bpobal, le comhtháthú sóisialta, le solúbthacht ó thaobh dul in oiriúint don éagsúlacht riachtanas de, agus le béim a dhíriú orthu siúd is mó a eisiatar.

Ráiteas Tosaíochta:
Bíonn Comhairle Contae na Mí ag obair chun pobail agus ionad oibre níos ionchuimsithí a chur chun cinn trí rannpháirtíocht a spreagadh agus a chumasú i measc grúpaí a bhfuil taithí acu ar neamhionannas.

Saincheisteanna Ábhartha maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine:

- Leithlisiú, leochaileacht, uaigneas, agus eagla roimh choireacht
- Easpa dearadh uilíoch i gcomhair foirgneamh agus spásanna poiblí agus bonneagar TF
- Easpa airde ar riachtanais ar leith daoine sna grúpaí arna sainaithint

Baineann Ceartas Sóisialta le bochtaineacht a dhíbirt agus le hacmhainní a dháileadh go cothrom, amhail fostaíocht agus earraí agus seirbhísí poiblí. Baineann sé le caighdeán na beatha, folláine agus deiseanna a bheith páirteach go hiomlán sa tsochaí.

Ráiteas Tosaíochta:
Déanann Comhairle Contae na Mí a dícheall chun deiseanna a sholáthar agus torthaí a bhaint amach don éagsúlacht grúpaí atá á bhfostú aici agus sna seirbhísí a chuireann sí ar fáil, agus chun caidrimh chothroma agus chóra a chur chun cinn sa tsochaí i gcoitinne.

Saincheisteanna Ábhartha maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine:

- Éiginnteacht tithíochta, coinníollacha tithíochta ar dhroch-chaighdeán, bacainní maidir le rochtain de bharr dearadh tithe nó easpa oiriúnú

tithe, agus easpa tithíocht chuí, lena n-áirítear easpa tithíochta atá cuí ó thaobh an chultúir de, agus bacainní maidir leis an aistriú ó sholáthar díreach go maireachtáil neamhspleách

- Bochtaineacht agus priacal ard bochtaineachta, ar fud na ngrúpaí arna sainaithint agus i limistéir dhíothachta arna sainaithint, lena n-áirítear tearcrochtain fuinnimh
- Bacainní ar rannpháirtíocht de bharr saincheisteanna litearthachta, saincheisteanna rochtana digití ar fud na ngrúpaí arna sainaithint.

Baineann an **Daonlathas** le guth an duine, le tuairimí á nochtadh agus aird á tabhairt orthu, agus le páirt á glacadh sa chinnteoireacht. Baineann sé le trédhearcacht, cuntasacht agus cumasú. Áirítear leis an rogha labhairt amach nó gan labhairt amach ar chúrsaí.

Saincheisteanna Ábhartha maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine:

- Easpa deiseanna chun dearcthaí a chur in iúl agus easpa tionchair ar chinnteoireacht ar fud na ngrúpaí arna sainaithint
- Asláithreacht ghuth na ndaoine ó eagraíochtaí laistigh de na grúpaí arna sainaithint i bhfóraim chomhairliúcháin agus chinnteoireachta.

Baineann **Féinriail** le féinchinntiúchán agus le roghanna a bheith ag duine agus iad a dhéanamh. Áirítear léi an ceart chun gníomhú chun do leasa féin, saor ó chomhéigean, agus aird á tabhairt do chearta daoine eile.

**Ráiteas Tosaíochta:**
Bíonn Comhairle Contae na Mí ag obair chun a chinntiú go mbíonn roghanna fiúntacha, bunaithe ar fhíor-roghanna, ag grúpaí ag a bhfuil taithí ar neamhionannas maidir le soláthar seirbhísí agus fostaíocht laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

Saincheisteanna Ábhartha maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine:

- Easpa roghanna nó roghanna teoranta á gcur ar fáil i seirbhísí
- Láithreacha comhchónaithe, soláthar díreach agus cineálacha cúraim institiúidigh a mbaineann roghanna teoranta agus neamhspleáchas teoranta leo

Baineadh úsáid as an méid thuasluaite chun gníomhartha sa PÁEP a áireamh trína dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna seo chun an dualgas a chur i bhfeidhm.

## 2.6 Monatóireacht agus meastóireacht

De réir Threoirlínte an PÁEP, éascófar monatóireacht agus meastóireacht leanúnach an PÁEP trí shraith torthaí agus táscairí a áireamh leis an gcreat-PÁEP atá oiriúnach le dul chun cinn a thomhas maidir leis na Spriocanna Ardleibhéil agus na cuspóirí inbhuanaithe a bhaint amach.

Éilítear athbhreithniú ar dhul chun cinn an PÁEP gach re bliain. Féach Mír 8.0 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le próiseas monatóireachta agus meastóireachta PÁEP na Mí, 2023-2029.




# 3. An PÁEP a Fhorbairt agus a Ullmhú

Próiseas comhoibríoch agus atriallach ab ea forbairt an PÁEP. Ar aon dul le Treoirlínte PÁEP 2021, forbraíodh PÁEP na Mí thar shé chéim.

### Céim 1: Ullmhúchán

Áiríodh réamh-athbhreithniú ar an gcomhthéacs beartais leis an gcéad chéim, ina ndearnadh iniúchadh mionchúiseach ar phleananna cur chun feidhme an PÁEP roimhe sin agus anailís shocheacnamaíoch bheacht ar Chontae na Mí. Bhí an chéim seo mar threoir ag forbairt an Ráitis Shocheacnamaíoch, lenar áiríodh torthaí ríthábhachtacha ón anailís shocheacnamaíoch, achoimre ar ar baineadh amach thar thréimhse an PÁEP roimhe sin, príomhthéamaí a shainaithint, agus dréacht-Spriocanna Ardleibhéil.

**Léaráid 4: Na sé chéim i bhforbairt an PÁEP**



### Céim 2: Comhairliúchán Poiblí

Le linn chéim an chomhairliúcháin, eisíodh an Ráiteas Socheacnamaíoch i gcomhair athbhreithniú agus trácht ón bpobal. Úsáideadh modhanna éagsúla ar líne agus i láthair go pearsanta chun aiseolas a lorg ó phobail agus páirtithe leasmhara (féach Caibidil 6.0 i gcomhair modheolaíocht mhionsonraithe). Bhí 7000+ rannpháirtí páirteach le linn chéim an chomhairliúcháin: daoine den phobal agus ó ghrúpaí pobail, soláthraithe seirbhísí áitiúla, ionadaithe ó earnálacha ar leith, gníomhaireachtaí reachtúla agus rialtas áitiúil.

### Céim 3: Cuspóirí agus Torthaí a Fhorbairt

Tar éis chéim an chomhairliúcháin, leasaíodh agus méadaíodh an Dréacht-Ráiteas Socheacnamaíoch chun athbhreithniú iomlán ar ailíniú beartais, próifíl shocheacnamaíoch, anailís ar an gcomhairliúchán agus anailís nuashonraithe LLDB a áireamh. Bhí na gnéithe seo mar threoir ag na Spriocanna Ardleibhéil, agus ag forbairt na gCuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) agus na gCuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) a bhaineann le gach Sprioc Ardleibhéil. Cuireadh an Ráiteas Socheacnamaíoch leasaithe ar fáil don CBS, don CFPÁ agus do Cheantair Bhardasacha le trácht a dhéanamh air.

### Céim 4: An Plean a Thabhairt chun Críche

Bunaithe ar aiseolas a fuarthas ón CBS, ón CFPÁ agus ó na Ceantair Bhardasacha, forbraíodh dréachtchreat den PÁEP. Le linn na céime seo, rinneadh tuilleadh comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara chun gníomhartha mionsonraithe ailínithe leis na Spriocanna Ardleibhéil, na CPInna agus na CFEInna arna gcomhaontú a shainaithint. Bhí an comhairliúchán seo mar bhonn leis an bPlean cur chun Feidhme agus, ar nós fhorbairt an Chreat-PÁEP, ba phróiseas comhoibríoch agus atriallach é. Cuireadh dréacht críochnaithe den Chreat-PÁEP faoi bhráid an CBS, an CFPÁ agus na gCeantar Bardasach le trácht a dhéanamh air agus leasaíodh an dréacht chun an t-aiseolas a fuarthas a léiriú. D'fhaomh an CBS an Creat-PÁEP deireanach agus an Plean cur chun Feidhme deireanach ar an 6 Iúil 2023 agus d'fhaomh an CFPÁ iad ar an 28 Iúil 2023; ghlac Comhairle Contae na Mí leo go foirmiúil ar an 2 Deireadh Fómhair 2023.

### Céimeanna 5 agus 6: Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht & Meastóireacht

Seoladh an PÁEP in 2023. Leanfar den chur i bhfeidhm ó 2023- 2029 agus áireofar monatóireacht agus athbhreithniú rialta leis seo (féach Caibidil 9.0 i gcomhair tuilleadh sonraí ar an bpróiseas athbhreithnithe). Tugtar faoi deara, de réir Threoirlínte PÁEP 2021, gur gá Pleananna cur chun Feidhme a fhorbairt i gcomhair tréimhse dhá bhliain (trí Phlean cur chun Feidhme san iomlán thar shaolré an PÁEP). Tar éis gach tréimhse dhá bhliain, ba chóir na Pleananna cur chun Feidhme seo a athbhreithniú agus a leasú chun freagairt do riachtanais arna dteacht chun cinn.



# 4. Sracfhéachaint ar an Mí

Tá Contae na Mí suite in oirthear na hÉireann agus is cuid de limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre é. Tá réimse gnéithe geografacha sa chontae, cnoic agus ceantair ardtalún, ceantair ísealchríche, conairí aibhneacha agus inbhir, agus ceantair cois cósta ina measc. Contae tuaithe is ea an Mhí den chuid is mó, ó thaobh talamhúsáide de, agus tá daonra mór tuaithe ann.

I measc na mbealaí éagsúla a n-úsáidtear ceantair thuaithe laistigh den Mhí tá tionscail talmhaíochta agus eachaí, ionaid táirgthe bia áitiúil, gníomhaíochtaí áineasa agus turasóireachta, sráidbhailte seanbhunaithe agus tithíocht tuaithe ar leith.

Tá an Contae eisceachtúil in Éirinn mar gheall ar an oidhreacht thógtha atá ann. Áirítear leis an oidhreacht seo Brú na Bóinne, Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid EOECNA, suíomh Ardríthe na hÉireann i dTeamhair, tuamaí pasáiste Loch Craobh, an caisleán Angla-Normannach is mó san Eoraip i mBaile Átha Troim, bailte stairiúla na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Cheanannais, tithe móra, tírdhreacha diméine agus oidhreacht shuntasach thionsclaíoch canálacha agus muilte. Tá féiniúlacht an chontae nasctha lena oidhreacht uathúil, atá mar dhlúthchuid de charachtar agus tarraingteacht an Chontae agus atá ríthábhachtach chun turasóireacht agus infheistíocht a mhealladh isteach.

In SSER TROLT, sainaithnítear an Uaimh mar Eochair-Bhaile laistigh den Réigiún agus sainaithnítear Droichead Átha mar Ionad Fáis Réigiúnach sa Réigiún. Tá an chuid thoir theas de Chontae na Mí suite laistigh de Cheantar Uirbeach Bhaile Átha



Cliath agus í taobh istigh de théarmaí tagartha Phlean Straitéiseach Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin, tugtar breac-chuntas san SSER ar ordlathas miondíola an réigiúin, ina sainaithnítear an Uaimh ar Leibhéal 2 (Láir Bailte Móra agus Láir Bailte Contae), agus Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceanannas, Baile Átha Troim agus an Inse/Baile an Bhiataigh ar Leibhéal 3 (Láir Bailte agus/nó Ceantar agus Láir Bailte Fo-Chontae).

I bPlean Forbartha Contae na Mí 2021-2027, sainaithnítear seacht láithreán straitéiseacha fostaíochta atá oiriúnach d'fhorbairt gheilleagrach sna blianta atá amach romhainn.

Léirítear sna láithreáin seo na ceantair sin ina bhfuil an mhinicíocht is airde comaitéireachta amach i dteannta próifíl ardchaighdeáin ó thaobh tacar sainscileanna de, agus áirítear leo Ceanannas, Ráth Tó, Dún Seachlainn, an Inse, Maigh Nuad, an Uaimh agus an Bóthar Buí.

Soláthraítear seirbhís mhaith don chontae tríd an nGréasán Bóithre Náisiúnta, agus téann na bealaí seo a leanas tríd an gcontae, agus iad mar naisc idir ceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath agus na réigiúin:

- M1 Baile Átha Cliath - Béal Feirste (N1 tráth, R132 anois)
- N2 Baile Átha Cliath – Doire
- M3 an Cabhán - Baile Átha Cliath (N3 tráth, R147 anois)
- M4 Baile Átha Cliath go Gaillimh,
- Caisleán an Bharraigh agus Sligeach (N4 tráth, R148 anois)

Trébhóithre meánraoin is ea an N51 agus an N52, bóithre náisiúnta den dara grád atá mar naisc idir bailte tábhachtacha. Tá tábhacht ar leith leis an N52 mar bhealach forbartha bonneagair agus mar bhealach straitéiseach, agus é ina nasc idir Dún Dealgan agus an Muileann gCearr-Baile Átha Luain-Tulach Mhór. Braitheann an Contae go mór ar a bhonneagar bóithre i gcomhair gluaiseacht agus rochtain laistigh den chontae agus le contaetha eile.

## 4.1 Próifíl shocheacnamaíoch: Conas atáimid ag athrú

Sna staitisticí thíos tugtar fíricí agus figiúirí ríthábhachtacha faoi gheilleagar agus pobail Chontae na Mí. Seo iad na figiúirí is reatha atá ar fáil agus an anailís á déanamh (Meán Fómhair 2022).

I gcaitheamh PÁEP 2023-2029, déanfaidh Comhairle Contae na Mí monatóireacht ar na staitisticí seo agus nuashonróidh sí gníomhartha ón PÁEP chun freagairt do threochtaí nua agus athruithe nua.

### 4.1.1 Daonra na Mí

*Daonra atá ag dul i méid*

- De réir thorthaí Dhaonáireamh 2022, is é 220,826 daonra na Mí. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air seo go dtí idir 225,500-231,500 faoi 2030
- Sna deich mbliana a chuaigh thart, bhí ráta fáis Chontae na Mí ní b'airde ná ráta fáis Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus ráta fáis an Stáit
- Idir 2016-2022, tháinig méadú 13.2% ar dhaonra na Mí, an dara méadú is airde sa Réigiún agus sa Stát araon (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2022)
- In 2016 daonra uirbeach a bhí ann den chuid is mó agus bhí 59% de chónaitheoirí ina gcónaí i mbailte satailíte nó neamhspleácha. Tá roinnt bailte agus sráidbhailte níos lú sa chontae freisin, áfach, agus carachtar láidir tuaithe ag cuid mhaith acu

*Daonra óg*

- Ba é 35.2 an mheánaois, an dara meánaois ab ísle sa Stát, agus níos ísle ná an mheánaois sa Stát (37.4)
- Bhí 29.3% de dhaonra na Mí faoi bhun 18 in 2016, an séú leibhéal ab airde in Éirinn (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Tá an cóimheas aoise is cleithiúnais don óige (comhréir an daonra faoi bhun 15 mar % den daonra in aois oibre) ag 39%, i bhfad níos airde ná an leibhéal don Stát, 32.3%
- Tá 194 seirbhís cúraim leanaí sa Mhí (170 seirbhís phríobháideach agus 24 seirbhís phobail) (Pobal, 2020/2021)
- Ba é €191.52 an meánchostas seachtainiúil ar chúram leanaí in 2021 (Pobal, 2020/2021)

*Daonra atá ag dul in aois*

- In 2016 bhí 25% de dhaonra iomlán na Mí faoi bhun 15 bliana, bhí 64% idir 15 bliana agus 64 bliain, agus bhí 11% 65 nó os a chionn sin (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Idir 2011 agus 2016, tháinig méadú ó 1,600 go 1,991 ar an daonra sa Mhí a bhí 85+ bliain (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016).

*Sláinte measartha maith*

- Thuairiscigh 65% de dhaoine sa Mhí go raibh sláinte an-mhaith acu in 2016, thart ar 2% níos airde ná an céatadán don Stát (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Bhí 11.1% de dhaoine sa Mhí faoi mhíchumas in 2016, níos ísle ná an ráta don Stát (13.5%) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Taifeadadh ráta féinmharaithe 5.8 in aghaidh 100,000 den daonra sa tréimhse 2016–2018, níos ísle ná an ráta náisiúnta, 8.2 in aghaidh 100,000 den daonra. (Plean don Mhí Shláintiúil, 2019–2021).

*Riachtanais bhreise*

- Bhí 11.1% de dhaoine sa Mhí faoi mhíchumas in 2016, níos ísle ná an ráta don Stát (13.5%) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Bhí 426 leanbh faoi mhíchumas intleachtúil (an 12ú ráta is airde sa Stát) (tuarascáil Staid Leanaí an Náisiúin, 2016)
- Bhí 597 leanbh cláraithe a bheith faoi mhíchumas fisiciúil/céadfach sa Mhí, arbh é sin an tríú ráta clárúcháin ab airde sa Stát (tuarascáil Staid Leanaí an Náisiúin, 2016).

### *Céatadán ard de líonta tí teaghlaigh*

- Ba sa Mhí a bhí an céatadán ab airde de líonta tí ina raibh lánúineacha a raibh leanaí acu (44.4%) i measc Chontaetha ar fad an Stáit. Idir 2011 agus 2016, tháinig méadú ar an gcéatadán seo i ngach Ceantar Bardasach ach amháin Ráth Tó
- In 2016, ba sa Mhí a bhí an céatadán ab airde de dhaoine pósta (39.9%) i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.
- In 2016, ba sa Mhí a bhí an dara céatadán ab ísle de líonta tí aontuismitheora (9.7%) sa réigiún (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016).

### *Deighilt uathúil idir an daonra tuaithe agus an daonra uirbeach*

- Cé go raibh formhór dhaonra na Mí (59%) ina gcónaí i suíomh uirbeach, bhí 41% den daonra ina gcónaí faoin tuath, agus bhí sé seo ní b'airde ná an céatadán don Stát (37%) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- De réir fhigiúirí daonra an Réamh-Dhaonáirimh, is é an meándlús daonra sa Mhí ná thart ar 94.1/km², i gcomparáid leis an meándlús 72km² don Stát (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2022).

### Príomhthorthaí:

Tá daonra na Mí ag fás go tapúil. Cé go bhfuil formhór na ndaoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha, tá an céatadán daoine atá ina gcónaí faoin tuath nó i mbailte nó sráidbhailte níos airde ná an meán náisiúnta. Cé go bhfuil próifíl aoise an Chontae óg i gcoibhneas le contaetha eile, tá méadú tagtha ar an gcéatadán daoine fásta atá níos sine freisin, rud atá ag teacht leis an treocht náisiúnta.

Tá sláinte mhaith ag daoine sa chontae i gcoitinne agus tá an céatadán daoine faoi mhíchumas níos ísle ná mar atá sa Stát ar fad.





## Daonra na Mí

Tá cónaí ar **220,296** duine sa Mhí. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air seo go dtí idir **225,500-231,500** faoi **2030**.

Thuairiscigh **65%** de dhaoine sa Mhí go raibh **sláinte mhaith** acu in 2016, thart ar 2% níos airde ná an céatadán don Stát.

Bhí **426** leanbh sa Mhí faoi **mhíchumas intleachtúil** - an 12ú ráta is airde sa Stát.

Bhí **597 leanbh** cláraithe a bheith faoi **mhíchumas fisiciúil/céadfach** sa Mhí, arbh é sin an tríú ráta clárúcháin ab airde sa Stát.

Ba é **€191.52** an **meánchostas seachtainiúil ar chúram leanaí** in 2021.

Tá **194 seirbhís cúraim leanaí** sa Mhí (170 seirbhís phríobháideach agus 24 seirbhís phobail).

## 4.1.2 Geilleagar na Mí

### *Tionscail shainiúla agus próifíl fostaíochta*

- Bhí an céatadán líonta tí sa Mhí a thuairiscigh na cineálacha fostaíochta seo a leanas ní b'airde ná mar a bhí ar leibhéal an Stáit: fostóirí agus bainisteoirí; obair láimhe agus oilte; oibrithe féinchuntais; agus oibrithe talmhaíochta
- In 2019, bhí formhór na bhfiontar sa Mhí (92.7%) beag (níos lú ná 10 bhfostaí). Bhí sé seo beagán ní b'airde ná na leibhéil don réigiún agus don Stát (91.4% agus 92.1% faoi seach)
- Bhí céatadán íseal (0.1%) gnólachtaí móra (os cionn 250 fostaí) sa Mhí i gcomparáid leis an réigiún (0.4%) agus leis an Stát (0.3%)
- I measc na dtionscal is mó fostaíocht tá: gnó agraibhia agus foraoiseacht, mianadóireacht, cairéalú agus táirgeadh móna, déantúsaíocht, iompar, stóráil agus cumarsáid
- Bhí tionchar ar leith ag COVID-19 ar earnáil na turasóireachta. De réir na Príomh-Oifige Staidrimh, in 2021 rinne cónaitheoirí in Éirinn 96 míle turas (laghdú 59% ó 237 míle in 2019) agus chaith siad thart ar EUR 11 mhilliún sa Mhí (laghdú 65% ó thart ar EUR 30 milliún in 2019)

Tá na nithe seo a leanas lonnaithe sa Mhí...

- Ceann de na 10 gCuideachta is mó ar domhan
- Ceanncheathrú san AE d'Ionad Eolaíochta Bithí na Cuideachta Bithchógaisíochta is mó ar Domhan
- Facebook
- An siopa is mó in Éirinn de chuid Avoca
- Boyne Valley Food - ionad ardcháile náisiúnta as bia







### *Turasóireacht*

- In 2022, gineadh an méadú is mó i measc Shéadchomharthaí Náisiúnta na tíre ag Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne, áit ar bailíodh €774,085 faoi dheireadh mhí Lúnasa, i gcomparáid le €575,000 in 2019
- Tá ocht Láithreán Oidhreachta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (suíomh gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí, https:// heritageireland.ie/visit/places-to-visit/) agus Emerald Park lonnaithe sa Mhí
- Tá oidhreacht ársa an cheantair le feiceáil i Réigiún Ghleann na Bóinne, atá laistigh den Mhí den chuid is mó, agus atá mar phríomhchúram Phlean Forbartha Fáilte Éireann maidir le hEispéiris ar Chinn Scríbe Ársa

### *Ráta ard fostaíochta*

- Fostaithe ab ea 88.8% de na freagróirí in 2016, agus ba chúis é seo le Ráta Rannpháirtíochta 64.2% san Fhórsa Saothair (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Bhí cónaí ar 82,605 oibrí sa Chontae in 2016 (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- In 2020, bhí thart ar 13,354 gnólacht áitiúil sa Mhí (Monatóir Geilleagair agus Pobail na Mí)
- In 2019, thaifead an Mhí ioncam indiúscartha €21,674 in aghaidh an duine, arbh é sin an séú hioncam indiúscartha ab airde sa tír
- Bhí 40,000 post lonnaithe laistigh den Mhí (Monatóir Geilleagair agus Pobail na Mí)
- Idir mí Mheán Fómhair 2021-2022 bhí 3,911 ar an meán ar an mBeochlár,

agus i mí na Nollag 2022 bhí 3,774 duine san iomlán ar an mBeochlár sa Mhí (An Phríomh-Oifig Staidrimh, Beochlár 2022).

- Murab ionann is Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus an Stát, tá níos mó ban ná fir ar an mBeochlár i gContae na Mí

### *Rátaí díothachta ar leibhéal an Chontae*

- Ar leibhéal an Chontae, tá an Mhí rangaithe mar os cionn an mheáin de bheagán (i gcomparáid le Contaetha eile) ar innéacs díothachta Pobal, lena ndéantar tomhas ar rachmas/díothacht choibhneasta (Innéacs Díothachta HP Pobal, 2016)
- Ar leibhéal níos mine, áfach, léirítear díothacht ar bhonn spásúil, lena n-áirítear paistí arna rangú a bheith faoi mhíbhuntáiste mór i mBaile Átha Troim agus san Uaimh (HP Pobal Deprivation Index, 2016)
- In 2016, ba é an t-ioncam comhlán teaghlaigh airmheánach sa Mhí ná €52,156, níos airde ná mar a bhí sa Stát (€45,256) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Tá toghroinn uirbeach Cheanannais rangaithe mar cheantar ard-dífhostaíochta, an t-aon cheantar amháin den chineál sin sa Mhí

### *Ardoilte*

- In 2016, thuairiscigh 48.5% de dhaonra na Mí go raibh leibhéal oideachais os cionn na meánscoile uachtaraí acu. Bhí sé seo beagán ní b'airde ná an figiúr don Stát (48.1%) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Bhain céatadán measartha ard de dhaonra na Mí leas as oideachas








treasach lasmuigh den ollscoil, agus chríochnaigh 16.6% díobh printíseacht nó teastas gairmoideachais, i gcomparáid le 13.7% ar leibhéal an réigiúin agus 14.7% ar leibhéal an Stáit (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)

- In 2016, ba iad na cáilíochtaí ba choitianta i measc fear ná innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil (37.8%), agus ba iad na cáilíochtaí ba choitianta i measc ban ná eolaíochtaí sóisialta, gnó agus dlí (35.0%). Agus réimsí na teicneolaíochta agus na tógála ag teacht chun cinn le gairid sa Mhí, bhí gannionadaíocht ag mná a raibh cáilíochtaí ábhartha acu (2.9% de mhná a bhain cáilíocht amach san innealtóireacht, sa déantúsaíocht nó sa tógáil). Bhí 22.9% de mhná cáilithe sa tsláinte agus sa leas, áfach (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- In 2021, lean 43.4% de dhaltaí Ardteistiméireachta ar aghaidh chun na hollscoile, cosúil leis an ráta sa réigiún (43.3%) agus beagán ní b'airde ná an ráta don Stát (42.7%) (an tÚdarás um Ard-Oideachas, 2021)
- Soláthraíonn Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne agus Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí oideachas tríú leibhéal laistigh den Chontae

### *Spleáchas ar Ghluaisteáin agus Rátaí Comaitéireachta*

- Taistealaíonn 25,377 chun na hoibre laistigh den Chontae agus taistealaíonn 36,460 oibrí chun na hoibre lasmuigh den Chontae (Daonáireamh 2016)
- Thuairiscigh 59% de fhreagróirí i Suirbhé Comaitéireachta na Mí go dtaistealaíonn siad lasmuigh den chontae chun na hoibre, agus bíonn 4 as 5 (80%) ag taisteal sa ghluaisteán, agus 13% ag taisteal ar an traein nó ar an mbus. Ba san Uaimh a bhí an líon

ba mhó cónaitheoirí-oibrithe agus ba i Ráth Tó/Cill Dhéagláin a bhí an líon ba mhó daoine ag taisteal chun na hoibre lasmuigh den chontae (Suirbhé Comaitéireachta na Mí)

- Lasmuigh den Chontae, luadh Baile Átha Cliath mar an áit ba mhó ar thaistil comaitéirí ón Mí chuici don obair (13,362 duine), agus thuairiscigh 10,133 cónaitheoir sa Mhí go dtaistealaíonn siad go Fine Gall don obair
- Laistigh den chontae is í an Uaimh an áit is mó a dtaistealaíonn comaitéirí chuici don obair agus is é Baile Átha Troim an dara háit is mó
- In 2016, thaistil 82% de dhaonra oibre na Mí chun na hoibre i bhfeithicil phríobháideach, i gcomparáid le 73% ar bhonn náisiúnta (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Bhaineadh 7% de chomaitéirí sa Mhí úsáid as iompar poiblí mar mhodh taistil chun na hoibre (i gcomparáid le 9% ar bhonn náisiúnta), agus thaistealaíodh 6% de chomaitéirí chun na hoibre de shiúl na gcos nó ar rothar (i gcomparáid le 12% ar leibhéal an Stáit) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- Bhí an céatadán ba mhó agaí comaitéireachta (32.9%) faoi bhun 15 nóiméad, agus bhí 25.4% d'agaí comaitéireachta idir 15-30 nóiméad. Caitheann 11.6% de dhaoine idir 60-90 nóiméad ag comaitéireacht, áfach.
- Ba i gContae na Mí a bhí an céatadán ba mhó líonta tí a raibh dhá ghluaisteán acu sa Stát.
- Ba i gContae na Mí a bhí an céatadán ab airde sa Stát de dhaoine a thosaíonn a dturas chun na hoibre roimh 7 am.

### *Rochtain isteach agus amach ar an gContae*

- Soláthraíonn na mótarbhealaí agus na bóithre náisiúnta a thrasnaíonn an Mhí (M1, M2/N2, M3/N3 agus M4/N4) agus na naisc le cuar-mhótarbhealach Bhaile Átha Cliath, an M50, so-rochtaineacht ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Bhí cónaí ar níos mó na leath de phobal na Mí (54.4%) níos lú ná 5km ó phríomhbhóthar náisiúnta nó bóthar den dara grád, ach bhí sé seo ní b'ísle ná an meán náisiúnta, thart ar 70% (an Phríomh-Oifig Staidrimh 2019, Measuring Distances to Everyday Services (ag Tomhas Fad chuig Seirbhísí Coitianta))
- Beartaítear soláthar an iarnróid go dtí an Uaimh i Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2022-2042)
- I gClár um Fhorleathnú DART beartaítear bonneagar nua agus leictriú na línte reatha, lena n-áirítear seirbhísí leictrithe chuig Droichead Átha, Maigh Nuad agus Bealach na Páirce M3 ar an líne go Maigh Nuad/Sligeach (Plean Forbartha Contae 2021-2027)
- Tá níos mó ná 10 n-imeacht sa lá ón stad iompair phoiblí is gaire dóibh ag 73.5% de dhaoine sa Mhí (meastar gurb ionann níos lú ná 10 n-imeacht sa lá agus seirbhís ísealmhinicíochta) (an Phríomh-Oifig Staidrimh 2019, Measuring Distances to Everyday Services (ag Tomhas Fad chuig Seirbhísí Coitianta))
- Tá an Mhí an-ghar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Bhaile Átha Cliath.

## Príomhthorthaí:

Tá tírdhreach uathúil geilleagrach ag an Mí agus i measc na dtionscal ardfhostaíochta tá: Tráchtáil agus Trádáil, Seirbhísí Gairmiúla, agus Tionscail Déantúsaíochta. Tá earnáil an ghnó agraibhia ag fás go tapúil sa Chontae agus gné thábhachtach eile den gheilleagar áitiúil is ea an turasóireacht. Tá an ráta dífhostaíochta sa chontae íseal i gcoitinne agus tá an tríú ráta rannpháirtíochta san fhórsa saothair is airde sa tír ann, rud a léiríonn na coinníollacha láidre geilleagracha sa Mhí. Tá tionscail na cógaisíochta, na teicneolaíochta agus na miondíoltóireachta ag fás sa Mhí freisin agus tá deiseanna fostaíochta ar fáil i réimsí éagsúla dá bharr. Lena chois sin, tá roinnt mórchuideachtaí ilnáisiúnta lonnaithe sa chontae, rud a chuireann borradh sa bhreis faoin ngeilleagar áitiúil.

Ar leibhéal an Chontae, tá ráta díothachta measartha íseal sa Mhí. Ar leibhéal níos mine, áfach, léirítear díothacht ar bhonn spásúil, lena n-áirítear paistí faoi mhíbhuntáiste mór i mBaile Átha Troim agus san Uaimh. Tá rátaí arda gnóthachtála oideachais sa chontae agus baineann céatadán níos airde de dhaoine leas as printíseachtaí nó teastais ghairmoideachais sa Mhí ná ar leibhéal náisiúnta. Tá naisc mhaithe idir an Mhí agus contaetha eile agus tá roinnt Bóithre Náisiúnta sa chontae. Bhí cónaí ar níos mó na leath de phobal na Mí (54.4%) níos lú ná 5km ó phríomhbhóthar náisiúnta nó bóthar den dara grád, ach bhí sé seo ní b'ísle ná an figiúr don Stát. Mar gheall ar an nascacht seo le contaetha eile, agus le Baile Átha Cliath go háirithe, tá tóir ag comaitéirí ar an Mí agus taistealaíonn níos mó ná leath na n-oibrithe chuig post lasmuigh den chontae Tá spleáchas fíor-ard ar ghluaisteáin sa chontae agus bhí na rátaí comaitéireachta chun na hoibre ar iompar poiblí nó iompar gníomhach (de shiúl na gcos nó ar rothar) ní b'ísle ná na rátaí don Stát. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon daoine ag obair ón mbaile ó theacht COVID-19, áfach; is dócha go dtiocfaidh laghdú ar an líon comaitéirí ag taisteal lasmuigh den Mhí chun na hoibre mar gheall air seo. Dá réir sin, d'fhéadfadh méadú teacht ar líon na gcustaiméirí i mbailte agus sráidbhailte na Mí mar gheall ar an gcianobair, agus daoine in ann taitneamh a bhaint as a gceantar féin.



# Geilleagar na Mí



**€21,674** an **t-ioncam indiúscartha in aghaidh an duine** in 2019, an an 6ú hioncam indiúscartha ab airde sa Tír

**73.5%** de dhaonra na Mí a bhfuil níos mó ná **10 n-imeacht sa lá acu** ag an stad **iompair phoiblí** is gaire dóibh

**40,000 post** lonnaithe laistigh den Mhí.

**48.5%** de dhaonra na Mí a thuairiscigh go raibh leibhéal oideachais os cionn na meánscoile uachtaraí acu. Beagán ní b'airde ná an figiúr don Stát (48.1%).

**€52,156** an t-ioncam comhlán teaghlaigh airmheánach sa Mhí - **níos airde ná an meán don Stát** (€45,256).

**30 nóiméad go** hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Bhaile Átha Cliath.



## 4.1.3 Pobail na Mí

### *Saibhreas cultúir agus oidhreachta*

- Is í an Mhí an t-aon Chontae amháin i gCúige Laighean ina bhfuil ceantair Ghaeltachta
- Aithníonn Comhairle Contae na Mí an tábhacht a bhaineann le comhfhorbairt áite agus an luach atá le ríocht phoiblí ardchaighdeáin dár bpobal. Tá 7 bplean ríochta poiblí críochnaithe ag an gComhairle go nuige seo agus iad á gcur i bhfeidhm trí chistiú ó CAFU, CAFT, SBÁA, ÚNI, etc.
- Tá 23 Grúpa Ealaíon agus Cultúir cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail na Mí
- Tá os cionn 3,000 séadchomhartha agus láithreán oidhreachta sa Mhí (meathheritage.com)
- Tá Brú na Bóinne ar cheann den dá Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid EOECNA in Éirinn

### *Cúram ginearálta sláinte in aice láimhe*

- De réir FSS, tá 17 nIonad Sláinte sa Mhí
- De réir na Príomh-Oifige Staidrimh, in 2016 bhí cónaí ar dhaoine sa Mhí, ar an meán...
- 2.7km ó chógaslann (meán don Stát: 2.8km)
- 3.2km ó dhochtúir ginearálta (meán don Stát: 3.1km)
- 14.1km ó rannóg éigeandála (meán don Stát: 20.1km)

### *Tá an leibhéal coireachta measartha íseal*

- In 2022, thaifead na 16 rannán Gardaí sa Mhí 5,304 cion coiriúil.
- Tháinig méadú ar an líon cionta coiriúla a taifeadadh idir 2021 (4,908) agus 2022 (5,304)
- Tá 16 Stáisiún Gardaí sa Mhí. As a measc siúd, thuairiscigh an Uaimh an líon ba mhó cionta coiriúla in 2021 (1,439), agus bhí Cill Dhéagláin (703), agus an Inse (582) sa dara háit agus sa tríú háit faoi seach. Tá laghdú ag teacht ar chionta faoi na catagóirí éagsúla coireanna a bhaineann le hIonsaí is Cúis le Díobháil a Dhéanamh, Mionionsaithe, Gadaíocht (eile), Gadaíocht ó fheithicil, coireacht réadmhaoine, coireacht in aghaidh an duine agus damáiste coiriúil (Crime Trends 2020)
- Ba sa Mhí a bhí an tríú ráta athchiontaithe príosúin ab ísle sa Tír, 35%, agus is mór idir seo agus an ráta don Stát (44.6%)

### *Líonraí agus comhpháirtíochtaí láidre*

- Tá 40 ball tofa ar Chomhairle Contae na Mí
- Bunaithe ar Bhallraíocht Údaráis Áitiúil 40 ball, tá 19 nduine ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) don Mhí. Tá an bhallraíocht 51% Neamhreachtúil agus 49% Reachtúil
- Tá roinnt Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) ag Comhairle Contae na Mí, lena n-áirítear an CBS um Chomhshaol agus Seirbhísí Éigeandála, an CBS um Fhorbairt

Tithíochta, Pobail agus Chultúrtha, an CBS um Pleanáil, Forbairt Gheilleagrach agus Gnóthaí Eorpacha, agus an CBS um Iompar
- Tá 590 grúpa ó earnálacha Pobail, Deonacha, Cuimsitheachta Sóisialta agus Comhshaoil ina mbaill de Líonra Rannpháirtíochta Pobail na Mí.

### *Áit chónaithe do phobail nua (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016, mura sonraítear a mhalairt)*

- In 2016, thuairiscigh thart ar 14% de fhreagróirí sa daonáireamh gur bhain siad le grúpa eitneach seachas Geal Éireannach, ráta níos ísle ná an ráta don Stát (15.6%), agus an dara ráta is ísle sa réigiún
- Bhí 5 dhuine den lucht siúil Éireannach in aghaidh 1,000 duine den daonra iomlán sa Mhí, beagán níos lú ná an ráta don Stát (6.6 duine den lucht siúil Éireannach in aghaidh 1,000 duine den daonra iomlán
- In 2016, bhí an chuid ba mhó den lucht siúil i gContae na Mí ina gcónaí i mbaile na hUaimhe (664 san iomlán, nó 2.2% den daonra), céatadán a bhí ní b'airde ná an céatadán don chontae (0.7%) ná don Stát (0.5%)
- As measc dhaonra iomlán na Mí, thuairiscigh 10.2% go raibh náisiúntacht neamh-Éireannach acu, an tríú ráta is ísle de náisiúnaigh neamh-Éireannacha sa réigiún, agus níos ísle ná an céatadán de náisiúnaigh neamh-Éireannacha sa Stát (11.6%)
- In 2016, ba sa Mhí a bhí an tríú céatadán ab airde de náisiúnaigh Liotuánacha sa Stát
- Tá paistí ann ina bhfuil éagsúlacht mhór ó thaobh eitneachta agus náisiúntachta de. I gceantar uirbeach na hUaimhe, thuairiscigh 38.5% den daonra gur bhain siad le heitneacht seachas Geal Éireannach, agus thuairiscigh 31.1% den daonra go raibh náisiúntacht neamh-Éireannach acu
- Ar an 11 Nollaig, 2022, bhí UPSP eisithe chuig thart ar 1,835 dídeanaí Úcránach agus iad ar liosta seoltaí d'oifigí poist áitiúla i gCo. na Mí. Thuairiscigh an céatadán ab airde de dhídeanaithe Úcránacha sa Mhí go raibh seoladh a n-oifige poist áitiúla i gCeantar Bardasach Chill Dhéagláin.

### *Riachtanais uathúla tithíochta*

- De réir réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022, tá thart ar 79,224 teaghais sa Mhí
- Idir 2016 agus 2022, ba sa Mhí a tháinig an méadú comhréireach ba mhó ar sholáthar tithíochta sa Stát
- Thit an ráta folúntais ó 6.6% in 2016 go 5.5% in 2022. Tá sé seo níos ísle ná an ráta folúntais don Stát, atá 7.8%. Is i gCeanannas atá an ráta folúntais is airde (8.3%)
- I mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí 3,311 líon tí sa Mhí a bhí i dteideal tacaíocht tithíochta sóisialta (An Ghníomhaireacht Tithíochta 2022, Households Qualified for Social Housing Support)
- Ba sa Mhí a bhí an céatadán ab airde de charbháin/tithe soghluaiste sa réigiún (0.6%), níos airde ná an céatadán don Stát (0.3%) (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016)
- De réir an Annual Count of Traveller Families in 2021, measadh go raibh 475 teaghlach den lucht siúil sa Mhí. As measc na dteaghlach seo, bhí 53% i dtithe sóisialta nó ag fáil tacaíocht tithíochta ón Údarás Áitiúil, bhí 35% ina dtionóntaí príobháideacha, measadh go raibh 9% de líonta tí ag comhroinnt le teaghlaigh eile, agus taifeadadh go raibh 2% de líonta tí ag cur fúthu ar láithreáin neamhúdaraithe
- I mí na Samhna 2022, bhí fáil ag 190 duine fásta gan dídean ar thithíocht éigeandála sa Mhí (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2022, Monthly Homelessness Report)
- Tá an ráta críochnaithe do theaghaisí nua sa Mhí ag dul i méid ach ar ráta níos moille ná mar atá i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus sa Stát
- Murab ionann is Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus an Stát, tháinig laghdú ar an líon ionad réadmhaoine ÍCT i gContae na Mí idir 2020 agus 2021
- Tá an luach ceannaigh réadmhaoine airmheánach i gContae na Mí ag ardú, ach ar ráta níos moille ná mar atá i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

## Príomhthorthaí:

Tá saibhreas oidhreachta cultúrtha sa Mhí. Is í an Mhí an t-aon Chontae amháin i gCúige Laighean ina bhfuil ceantair Ghaeltachta agus tá Brú na Bóinne, ceann den dá Láithreán Oidhreachta de chuid EOECNA sa tír, suite ann. Tá an Contae measartha sábháilte agus tá rátaí coireachta ísle agus laghdaitheacha ann. Tá rochtain mhaith ag cónaitheoirí ar sheirbhís cúraim sláinte i gcomparáid le contaetha eile, lena n-áirítear cógaslanna agus DGanna. Tá líonra láidir eagraíochtaí pobail ar fud an chontae agus tá níos mó ná 450 eagraíocht agus grúpa pobail cláraithe mar bhaill den Líonra Rannpháirtíochta Pobail.
Tá éagsúlacht ag baint le daonra na Mí agus áirítear leis meascán de chónaitheoirí Éireannacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta. Tá éagsúlacht pobal sa Mhí, lena n-áirítear dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus daoine de lucht siúil na hÉireann. Is i gCill Dhéagláin a chuir an líon is mó dídeanaithe Úcránacha fúthu i gcaitheamh 2022, agus tá cónaí ar dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn in Ionad Soláthair Dhírigh Mhaigh Muirí in oirthear an chontae. Is san Uaimh atá an éagsúlacht eitneachta agus náisiúntachta is airde sa Chontae, lena n-áirítear pobal mór den lucht siúil.

Tá forbairt shuntasach tithíochta ar bun sa Mhí agus tá an ráta folúntais sa Chontae níos ísle ná mar atá sa Stát. Tá an ghéarchéim náisiúnta tithíochta ag dul i bhfeidhm ar an gContae go fóill agus dúshláin leanúnacha is ea an easpa dídine agus an gá le tacaíocht tithíochta sóisialta.



# Pobail na Mí

Tá Brú na Bóinne ar cheann den dá Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid EOECNA in Éirinn.

Measadh go raibh **475** teaghlach den lucht siúil sa Mhí in 2021.

Tá os cionn **3,000** séadchomhartha agus suíomh oidhreachta sa Mhí.

Bhí fáil ag **190** duine fásta gan dídean ar chóiríocht éigeandála sa Mhí i mí na Samhna 2022..

Bhí UPSP eisithe chuig thart ar **1,835** dídeanaí Úcránach agus iad ar liosta seoltaí d'oifigí poist áitiúla i gCo. na Mí ar an 11 Nollaig 2022.

Thit an ráta folúntais go 5.5% in 2022 ó 6.6% in 2016. Tá sé seo níos ísle ná an ráta folúntais don Stát, atá 7.8%.



## 4.1.4 Comhshaol na Mí

### *Béim ar bhuanchoimeád agus caomhnú*

- Tá Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide sa Mhí (suíomh gréasáin Chomhairle Contae na Mí)
- Tá Pleananna Gníomhaithe Pobail um Bithéagsúlacht forbartha ag seacht mbaile/sráidbhaile: Baile Iúiliáin, Ceanannas, Maigh Dearmhaí, Ráth Chairn, Ráth Tó, Baile Shláine agus Dún Seachlainn (suíomh gréasáin Chomhairle Contae na Mí)
- In 2021, thuairiscigh an Mhí 44 heicteár foraoisithe san iomlán (13ha d'fhorais leathanduilleach agus 31ha d'fhorais bhuaircíneach). Ba é sin an 12ú ráta foraoisithe ab ísle sa Stát (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Afforestation Area (Limistéar Foraoisithe) 2021)
- Tá trí Limistéar Oidhreachta Nádúrtha dheimhnithe sa Mhí agus 18 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha eile atá beartaithe (Plean Forbartha Contae na Mí, 2021-2027)
- Tá 13 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta ann (Plean Forbartha Contae na Mí, 2021-2027)
- Tá ceithre Limistéar faoi Chosaint Speisialta ann (Plean Forbartha Contae na Mí, 2021-2027)
- Bronnadh Gradam Cósta Glas ar Thrá Bhaile Uí Mhornáin in 2022, rud a léiríonn cáilíocht uisce den scoth agus bainistíocht inbhuanaithe Chomhairle Contae na Mí agus Choiste Bainistíochta Thrá Bhaile Uí Mhornáin (An Taisce, 2022).

### *Bainistíocht dramhaíola éiceabhách (Monatóir Geilleagair agus Pobail na Mí)*

- Is i gCo. na Mí atá an tríú céatadán is airde de sheirbhísí bailiúcháin araidí athchúrsála sa tír
- In 2019, thaifead an Mhí gur dhramhaíl



orgánach don araid dhonn a bhí in 8.7% den dramhaíl. Ciallaíonn sé seo gur rangaíodh an Mhí sa 15ú háit as 30 contae/lonnaíocht a thuairiscigh figiúirí dramhaíola
- In 2019, thaifead an Mhí gur dhramhaíl don araid dhubh a bhí in 49.7% den dramhaíl, ní b'airde ná na leibhéil don réigiún agus don Stát (38.9% agus 41.6% faoi seach). Thaifead an Mhí go raibh 12.4% den dramhaíl in-athchúrsáilte, an cúigiú leibhéal ab ísle sa Stát.

### *Bonneagar uisce (Monatóir Geilleagair agus Pobail na Mí)*

- In 2016, thuairiscigh an céatadán ab airde daoine go bhfuair siad a gcuid uisce ón bpríomhlíonra uisce, agus thuairiscigh 19% de dhaoine go bhfuair siad uisce ó fhoinse eile, a bhí príobháideach
- Ídiú uisce ar an meán i lítir sa lá: 37.
- Is é an t-éileamh reatha ar uisce i gContae na Mí ná c. 40,000m3/lá.

### *Líon ard gluaisteán in aghaidh an lín tí*

- Thuairiscigh an Mhí an céatadán ab ísle de líonta tí gan ghluaisteán sa Réigiún agus sa Stát agus an céatadán ab airde de líonta tí a raibh dhá ghluaisteán (44.3%), trí ghluaisteán (7.5%) nó ceithre ghluaisteán nó níos mó ná sin acu (2.7%) sa Réigiún agus sa Stát (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2016).

### *An-ghlacadh le carranna leictreacha*

- I gcaitheamh 2021-2022, cláraíodh 1085 feithicil leictreach mar ghluaisteáin phríobháideacha sa Mhí. Ba é sin an ceathrú líon feithiclí leictreacha ab airde arna gclárú sa Stát agus ní raibh ach Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Cill Dara ní b'airde ná sin. Sa Mhí, b'fheithiclí leictreacha iad 8.3% de na feithiclí a cláraíodh in 2021-22 agus bhí sé seo ní b'airde ná an céatadán comhfhreagrach don Stát.

### *Ídiú fuinnimh*

- In 2021, bhí an Mhí sa 6ú háit sa Stát ó thaobh ídiú leictreachais mhéadraithe chónaithe de agus taifeadadh 375 uair gigeavata; bhí an Mhí san 11ú háit ó thaobh ídiú leictreachais mhéadraithe neamhchónaithe de agus taifeadadh 346 uair gigeavata (an Phríomh-Oifig Staidrimh, Ídiú Leictreachais)
- In 2016, úsáideadh ola chun an céatadán ab airde de thithe (48.7%) a théamh. Bhí sé seo ard i gcomparáid leis an leibhéal don Stát (40.4%) (Monatóir Geilleagair agus Pobail na Mí).

### *Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh arda (RFF)*

- In 2020, bhí rátáil A ag céatadán an-ard foirgneamh tís sa Mhí (17.8%) i gcomparáid leis an Stát (8.4%). Lena chois sin, bhí rátáil B1, D1, E1, F agus G ag céatadán ní b'ísle d'fhoirgnimh tís sa Mhí i gcomparáid leis an Stát (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, 2021).

## Príomhthorthaí:

Cuirtear an-bhéim sa Mhí ar bhuanchoimeád agus caomhnú; táthar tiomanta do phleananna gníomhaithe um bithéagsúlacht agus um ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal an chontae, agus tá pleananna gníomhaithe áitiúla um bithéagsúlacht forbartha ag roinnt bailte. Cé go bhfuil céatadán ard seirbhísí athchúrsála sa Mhí, tá an t-éileamh ar an athchúrsáil measartha íseal.

Úsáidtear ola chun formhór na dtithe sa chontae a théamh agus bhí an contae ar an 6ú ceann ab airde ó thaobh ídiú leictreachais mhéadraithe chónaithe de in 2021. Tá céatadán ard tithe sa Mhí, áfach, a bhfuil rátálacha fuinnimh foirgneamh arda acu i gcomparáid leis an Stát. Mar a luadh thuas, tá spleáchas ard ar fheithiclí príobháideacha sa Chontae agus in 2016 ba sa Mhí a tuairiscíodh an céatadán ab ísle líonta tí gan ghluaisteán sa Stát.

In 2021-2022, thuairiscigh an Contae céatadán feithiclí leictreacha arna gclárú a bhí ní b'airde ná an céatadán don Stát.

# Comhshaol na Mí



**37** lítear an t-ídiú uisce ar an meán in aghaidh an lae sa Mhí

In 2021, bhí an Mhí sa 6ú háit sa Stát ó thaobh ídiú leictreachais mhéadraithe chónaithe de agus taifeadadh **342** uair gigeavata

**13** Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta

**38%** de na líonta tí ar fad sa Mhí a úsáideann fuinneamh in-athnuaite.

In 2021, thuairiscigh an Mhí **44** heicteár foraoisithe san iomlán. Ba é sin an 12ú ráta foraoisithe ab ísle sa Stát

Tá **4** Limistéar faoi Chosaint Speisialta i gContae na Mí



# 5.0 Rannpháirtíocht phobail sa Mhí

Díríodh sa chomhairliúchán poiblí ar na Dréacht-Spriocanna Ardleibhéil a bheachtú agus ar chuspóirí agus gníomhartha féideartha a shainaithint lena gcur isteach i ngach sprioc.

## 5.1 An próseas comhairliúcháin


Lorgaíodh rannpháirtíocht sa chomhairliúchán poiblí ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2022. Soláthraíodh modhanna éagsúla rannpháirtíochta lena chinntiú go mbeadh fáil ag a oiread daoine agus ab fhéidir ar fud an chontae ar an bpróiseas comhairliúcháin. Iarradh orthu siúd a bhí ag iarraidh aighneacht a dhéanamh féachaint ar Ráiteas Socheacnamaíoch a d'ullmhaigh Comhairle Contae na Mí chun tacú le céim an chomhairliúcháin phoiblí.

Úsáideadh modhanna comhairliúcháin i bpearsa agus ar líne araon. Leathnaíodh an cuireadh chuig an bpróiseas seo trí phreaseisiúint, gníomhaíocht sna meáin, feachtas meán sóisialta agus leathanach gréasáin tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae na Mí chun páirt a ghlacadh sna próisis chomhairliúcháin seo a leanas.

## 5.2 Cé a ghlac párt

San iomlán, ghlac os cionn 7,000 duine páirt i gcuid amháin ar a laghad den phróiseas comhairliúcháin. Is féidir teacht ar amlíne mhionsonraithe den chomhairliúchán in Aguisín 2 agus léirítear na líonta rannpháirtithe agus an déimeagrafaic díobh siúd a thug freagraí ar na suirbhéanna ar an gcéad leathanach eile.

**Léaráid 6: Forléargas ar na rannpháirtithe sa chomhairliúchán**



# An Próiseas Rannpháirtíochta

Rinneadh céim an chomhairliúcháin phoiblí den PÁEP ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2022.

Chláraigh **27** duine do sheisiún aiseolais agus faisnéise poiblí

Cuireadh **5** aighneacht isteach trí www.consult.meath.ie

**153+** freagairt ón bpobal ar shuirbhéanna

**56+** freagairt ó ghnólachtaí ar shuirbhéanna

**300+** duine a ghlac páirt i bpreabsheastáin sráide i 10 n-áit

**60+** rannpháirtí ar fud 10 ngrúpa fócais

**5,000+** duine a ghlac páirt ar líne trí 5 ardán meán sóisialta

**1,500+** leantóir ar fud ardáin meán sóisialta

### Freagróirí sa suirbhé poiblí

**90%** Éireannach

&


**10%** ó thíortha eile: an RA, an Pholainn & tíortha eile san AE

**73%** Baineann

**0%** neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de/ neamh-dhénártha

**27%** Fireann

Cohóirt Aoise




### Na freagróirí gnó

**77%** de ghnólachtaí an-sásta nó sásta a bheith lonnaithe sa Mhí

**58%** ina gcónaí & ag obair sa Mhí

**26%** ag obair nó ina n-úinéirí gnólachtaí sa Mhí

**15%** ina gcónaí amháin sa Mhí

**47%** Baineann

**47%** Fireann

**6%** arbh fhearr leo gan a rá

# Torthaí an Chomhairliúcháin

Fiafraíodh den phobal cé chomh maith is a thuig siad na sé Dhréacht-Sprioc Ardleibhéil agus iarradh orthu iad rangú de réir tábhachta. Nuashonraíodh agus leasaíodh na Spriocanna Ardleibhéil chun an t-aiseolas seo a áireamh.

**Sprioc1**: Contae folláin a bhfuil teacht aniar ann

**Sprioc 2**: Geilleagar dinimiciúil ina dtacaítear le riachtanais an lucht gnó agus an phobail agus ina bhfreastalaítear ar na riachtanais sin

**Sprioc 3**: Pobail chumasaithe, ionchuimsitheacha agus chothroma

**Sprioc 4**: Áiteanna sábháilte, inrochtana agus saibhriúcháin

**Sprioc 5**: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile

**Sprioc 6**: Contae Inbhuanaithe agus éiceabhách







### Fís na ndaoine dá bpobal féin

fáilteach
nasctha
sábháilte
oiriúnach do rothair
insiúlta
páirceanna
ionchuimsitheach
deiseanna
cumasaithe
sláintiúil
tithíocht
cairdiúil
spraoi

### Fís na ndaoine dá ngeilleagar áitiúil:

fiontraíocht
comhionannas
táirgeacht
geilleagar glas
fás
neamhspleách
infheistíocht eachtrach
dinimiciúil
bisiúil
fostaíocht
comaitéireacht

## 5.3 Tionchar an chomhairliúcháin phoiblí ar na Dréacht-Spriocanna Ardleibhéil

Gné ríthábhachtach den chomhairliúchán poiblí ná a chinntiú go léirítear aiseolas arna roinnt le linn an phróisis comhairliúcháin sa PÁEP.

Sa tábla seo a leanas tugtar achoimre ar an aiseolas a fuarthas ar na Dréacht-Spriocanna Ardleibhéil agus taispeántar conas a cuireadh na spriocanna deiridh in oiriúint chun ionchur an phobail a léiriú.

| Sprioc Ardleibhéil bhunaidh | Céard a dúirt na rannpháirtithe | Céard a rinneamar |
|---|---|---|
| Sprioc 1: Contae folláin a bhfuil teacht aniar ann | Níl an téarma 'teacht aniar' (resilient) sothuigthe ag gach léitheoir | Athraíodh an sprioc go: Contae folláin bisiúil |
| Sprioc 2: Geilleagar dinimiciúil ina dtacaítear le riachtanais an lucht gnó agus an phobail agus ina bhfreastalaítear ar na riachtanais sin | Tá an focal 'dinimiciúil' doiléir agus d'fhéadfadh baint níos sonraí a bheith ag an bhfrása "...riachtanais an lucht gnó agus an phobail agus ina bhfreastalaítear ar na riachtanais sin" leis an Mí. | Athraíodh an sprioc go: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo |
| Sprioc 3: Pobail chumasaithe, ionchuimsitheacha agus chothroma | Níl an focal 'cothrom' (equitable) sothuigthe ag gach léitheoir. Ní mór gníomhú ar an sprioc agus í a thabhairt chun críche, agus bheadh brí ní ba láidre ann ach an fhaí ghníomhach a úsáid seachas an fhaí chéasta. | Athraíodh an sprioc go: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad |
| Sprioc 4: Áiteanna sábháilte, inrochtana agus saibhriúcháin | Tá an iomarca mórthéamaí sa sprioc seo agus d'fhéadfadh baint níos sonraí a bheith aici leis an Mí. Tosaíochtaí ríthábhachtacha is ea an turasóireacht a mhéadú agus an ríocht phoiblí a fheabhsú. | Athraíodh an sprioc go: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta atá ann agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí |
| Sprioc 5: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile | Bhí sé measartha éasca an sprioc seo a thuiscint agus léirítear tosaíocht ríthábhachtach don Chontae léi, cé go bhfuil sí beagán doiléir. | Athraíodh an sprioc seo go: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach |
| Sprioc 6: Contae Inbhuanaithe agus Éiceabhách | Bheadh an sprioc seo ní ba phraiticiúla agus ní b'fhónta dá mbeadh na focail ag teacht le Plean Gníomhaithe na Mí ar son na hAeráide. | Athraíodh an sprioc go: Contae inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide |
| Aiseolas breise | Réimse tosaíochta ríthábhachtach is ea iompar agus nascacht agus tá baint aige seo leis na spriocanna eile. D'fhéadfadh sprioc inti féin a bheith tairbheach, áfach. Ba cheart ord na spriocanna a athrú lena chinntiú nach bhfuil ord tosaíochta ann. | Cuireadh an Sprioc Ardleibhéil seo leis an liosta: Contaetha nasctha agus inrochtana<br>Cuireadh athord agus uimhreacha éagsúla ar na spriocanna. |



## 5.4 Príomhthéamaí a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán

Chomh maith le tionchar a imirt ar na Spriocanna Ardleibhéil, bhí an t-aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin mar threoir ag na Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna), na Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) agus na gníomhartha a ghabhann leo. Is féidir teacht ar fhorléargas agus tuilleadh sonraí ar na CPInna agus na CFEInna i gCaibidil 7.0. Tá an tábla thíos eagraithe de réir na Spriocanna Ardleibhéil leasaithe (féach Mír 6.3 thuas) agus cuirtear na príomhthéamaí a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin i láthair ann.

| Sprioc Ardleibhéil leasaithe | Téamaí |
|---|---|
| **SPRIOC 1:** Contae Inbhuanaithe agus éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide | • Comhordú agus ceannaireacht ar leibhéal an chontae i dtaca le gníomhartha um inbhuanaitheacht agus um athrú aeráide<br>• Níos mó béime ar bhithéagsúlacht, buanchoimeád agus caomhnú<br>• Tús áite a thabhairt don athnuachan agus don athfhorbairt<br>• Cleachtais inbhuanaithe feirmeoireachta a mhéadú |
| **SPRIOC 2:** Contae nasctha agus inrochtana | • Úsáid modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn<br>• Tacú le gníomhaíocht agus fás geilleagrach trí dheiseanna a fheabhsú do dhaoine taisteal i gcomhair oibre nó gnó nuair is gá dóibh, agus gluaiseacht éifeachtúil earraí a éascú.<br>• Cúrsaí maireachtála agus oibre a chur chun cinn sa Mhí |

| | |
|---|---|
| **SPRIOC 3:** Contae folláin agus bisiúil | • Oideachas agus cur chun cinn méadaithe i dtaca le folláine coirp agus meabhairshláinte<br>• Éileamh ar sheirbhísí folláine coirp agus meabhairshláinte ag dul i méid<br>• Forbairt bonneagair shóisialta atá ar cóimhéid le forbairt tithíochta nua agus fás an daonra<br>• Sábháilteacht phobail agus phearsanta |
| **SPRIOC 4:** Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach | • Líonrú méadaithe idir comhlachtaí reachtúla agus eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachbhrabúsacha<br>• Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh<br>• Cur chuige comhordaithe maidir le seirbhísí a fhorbairt agus a sholáthar |
| **SPRIOC 5:** Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta atá ann agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí | • Iompar poiblí a fheabhsú<br>• Turasóireacht a spreagadh<br>• Sábháilteacht phobail a fheabhsú<br>• Rochtain chothrom ar spásanna ríochta poiblí agus glasa ardchaighdeáin |
| **SPRIOC 6:** Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad | • Leanúint d'imeascadh agus d'ionchuimsiú pobail agus iad a mhéadú<br>• Tacaíochtaí, seirbhísí agus deiseanna saincheaptha<br>• Rochtain ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí<br>• Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tithíochta<br>• Béim a leagan ar an gceannaireacht láidir phobail atá ann cheana féin agus í a fhorbairt<br>• Freagairtí tearmainn |
| **SPRIOC 7:** Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo | • Tacaíochtaí, seirbhísí agus deiseanna saincheaptha<br>• Rochtain ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí<br>• Imeascadh pobail<br>• Rochtain ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí<br>• Iompar agus páirceáil<br>• An fórsa saothair agus infheistíocht a choimeád agus a mhealladh<br>• Tacaíocht do ghnólachtaí<br>• Deiseanna méadaithe maidir le fostaíocht áitiúil |



# 6.0 Fís do Chontae na Mí

## 6.1 Fís

*"Contae a bhfuil geilleagar bríomhar aige agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chuireann ardchaighdeán beatha ar fáil dá bpobail éagsúla."*

## 6.2 Na Spriocanna Ardleibhéil



## Sprioc 1: Contae Inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide

### LÁIDREACHTAÍ

+ Tá Straitéis na Mí um Ghníomhú ar son na hAeráide ullmhaithe
+ Pleananna Gníomhaithe áitiúla um Bithéagsúlacht curtha i bhfeidhm i roinnt bailte
+ SFInna leabaithe sa Phlean Forbartha Contae
+ Tá CCM tar éis glacadh le beartas agus cleachtas i réimsí na hoidhreachta, an chultúir, na bithéagsúlachta agus na hinbhuanaitheachta
+ Beartas suntasach Náisiúnta agus áitiúil um chomhshaol agus um ghníomhú ar son na haeráide
+ Infheistíocht chaipitiúil shuntasach sa soláthar uisce le blianta beaga anuas
+ CCM ag cur cosc agus íoslaghdú dramhaíola chun cinn
+ An-ghlacadh le carranna leictreacha
+ Limistéar amháin faoi Chaomhnú Speisialta agus ocht limistéar eile atá ina n-iarrthóirí
+ 3 phortach atá suite i bpáirt nó ina n-iomláine laistigh den Mhí ar portaigh ardaithe iad atá ainmnithe mar limistéir faoi chaomhnú speisialta
+ Rannpháirtíocht láidir i dtionscnaimh áitiúla, ar nós Bailte Slachtmhara agus tionscnaimh áitiúla bithéagsúlachta eile

### DÚSHLÁIN

– Spleáchas measartha ard ar ola i gcomhair téamh baile
– Úsáid leictreachais mhéadraithe measartha ard
– Spleáchas ard ar fheithiclí príobháideacha i gcomhair comaitéireachta agus iompair
– Acmhainn nádúrtha shuntasach is ea cumascáin. Tá sé tábhachtach go leanfar prionsabail forbartha inbhuanaithe agus bainistíochta comhshaoil agus na hacmhainní seo á bhforbairt
– Tá roinnt dúshláin inbhuanaitheachta ag baint leis an traidisiún tithíochta tuaithe faoin tuath sa Mhí

### DEISEANNA

+ Acmhainneacht sa bhreis SFInna a leabú i mbeartas agus i gcleachtas
+ Forbairtí beartais idirnáisiúnta a bhfuil impleachtaí acu don bheartas náisiúnta sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a aontaíodh le gairid agus i dtorthaí COP21 i bPáras
+ Deis leanúnach tacaíocht a thabhairt do bhailte agus sráidbhailte Pleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus iad bunaithe ar phleananna atá ann cheana féin ar fud an chontae
+ Tacaíocht ar leibhéal an chontae maidir le líonrú agus gníomhartha comhshaoil comhtháite ar leibhéal áitiúil
+ Comhairle phraiticiúil agus tacaíochtaí praiticiúla a sholáthar do ghnólachtaí áitiúla atá ag iarraidh páirt níos mó a ghlacadh i ngníomhú ar son na haeráide
+ Nithe arna bhfoghlaim ón tionscadal URBACT i mBaile Átha Troim

### BAGAIRTÍ

– Aithnítear athrú aeráide mar fhadhb shuntasach chomhshaoil dhomhanda



## Sprioc 2: Contae nasctha agus inrochtana

### LÁIDREACHTAÍ

+ Aerfort idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath in aice láimhe
+ Gar do Bhaile Átha Cliath agus na conairí gathacha iompair (M1, M2, M3 agus M4 agus nasctha leis an M50)
+ Comaitéirí amach: sócmhainn uathúil agus thábhachtach ó thaobh gnóthachtáil oideachais agus scileanna san ionad oibre de
+ Soláthar roinnt tionscadail bóthair i gcaitheamh PÁEP 2016-2021
+ Roinnt tionscadal de chuid Bonneagar Iompair Éireann ar bun sa Mhí
+ Bunaíodh CFPÁ chun críocha cur chuige comhleanúnach agus comhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail sa chontae a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm
+ Dhá ghlasbhealach suite sa chontae

### DÚSHLÁIN

– Dúshláin nascachta idir suíomhanna uirbeacha agus tuaithe lasmuigh de na príomhlínte comaitéireachta
– Fás an daonra comhchruinnithe sna limistéir chomaitéireachta
– Treochtaí comaitéireachta neamh-inbhuanaithe de bharr 54% den phobal saothair ag taisteal lasmuigh den chontae gach lá chun na hoibre
– Braistint go bhfuil roghanna iompair teoranta, lena n-áirítear línte bus agus traenach, go háirithe i gceantair thuaithe
– Braistint go bhfuil nascacht theoranta laistigh den chontae
– Braistint sa phobal go bhfuil cosáin agus raonta rothar teoranta in go leor ceantar

### DEISEANNA

+ Díriú nua náisiúnta ar chianobair, mar a phléitear sa cháipéis Cianobair a Chumasú: An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair (2021)
+ I bPlean Soghluaisteachta Tuaithe 2021 Éire a Nascadh, beartaítear roinnt bealaí nua do Ghréasán Iompartha Poiblí na Mí, lena n-áirítear tuilleadh bealaí agus seirbhísí níos minice ar bhealaí atá ann cheana féin
+ Leanúint de chosáin agus raonta rothar a sholáthar, ag teacht le cuspóirí an PFC iompar gníomhach a spreagadh

### BAGAIRTÍ

– D'fhéadfadh laghdú teacht ar líon na gcustaiméirí agus rannpháirtíocht gheilleagrach laistigh den Mhí de bharr comaitéireacht go Baile Átha Cliath



## Sprioc 3: Contae folláin agus bisiúil

### LÁIDREACHTAÍ

+ Caighdeán beatha den scoth mar gheall ar shaoráidí spóirt, cultúrtha agus áineasa agus rochtain éasca ar lárionaid uirbeacha agus ar an tuath
+ Daonra measartha óg agus oilte
+ Sláinte measartha maith i gcomparáid le staitisticí náisiúnta
+ Tá Plean Sláinte tiomnaithe á fhorbairt don Mhí
+ Rátaí coireachta measartha íseal
+ Rátaí díothachta, dífhostaíochta agus cleithiúnais measartha íseal
+ Gar go maith do chúram sláinte ginearálta agus líonra láidir soláthraithe cúraim sláinte agus folláine ann

### DÚSHLÁIN

– Míbhuntáiste comhchruinnithe go fóill i gceantair gheografacha áirithe agus i measc pobail ar leith
– Soláthar tithíochta inacmhainne sna suíomhanna cearta atá leordhóthanach, seasmhach agus inbhuanaithe a chinntiú chun freastal ar riachtanais cónaitheoirí éagsúla
– Dúshláin náisiúnta maidir le liostaí feithimh i gcomhair cúram sláinte coirp agus meabhraí araon
– Braistint go bhfuil tuilleadh seirbhísí meabhairshláinte de dhíth
– Braistint go bhfuil ábhair imní ann maidir le sábháilteacht phoiblí
– Tá fás ard sa daonra tar éis cur le hualach na ndochtúirí ginearálta atá ann cheana féin
– Luadh bacainní litearthachta agus teanga mar dhúshláin maidir le hiarratas a chur isteach ar thacaíocht sláinte agus tithíochta
– Braistint go bhfuil rochtain theoranta ar thacaíochtaí agus seirbhísí sláinte, lena n-áirítear ionaid aclaíochta i gceantair áirithe sa Chontae
– Rochtain ar na seirbhísí riachtanacha a chinntiú de bharr daoine ag maireachtáil níos faide

### DEISEANNA

+ Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do sholáthar an láithreáin don ospidéal réigiúnach ag Baile Naoimhín, an Uaimh Thuaidh, a éascú
+ Ag leanúint de réimsí tosaíochta a shainaithint chun moil agus tionscnaimh sláinte pobail a fhorbairt
+ Tabhairt faoi Iniúchtaí sábháilteachta áitiúla chun cuidiú le soláthar Straitéis Chomhchoiste Póilíneachta na Mí, 2021-2026
+ Tacaíocht leanúnach agus bealaí soiléire do chónaitheoirí atá ag cur isteach ar chúnamh/tacaíocht sláinte agus tithíochta
+ Agus daoine ag maireachtáil níos faide, is féidir a gcuid saineolais agus taithí a úsáid in go leor réimsí, ar nós obair dheonach
+ Tacú le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail a chur ar bun

### BAGAIRTÍ

– Ráta níos airde daoine a bhfuil galair neamhtheagmhálacha orthu ó réimsí den tsochaí atá scoite amach
– Tá méadú ag teacht ar chastacht na coireachta ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil araon



## Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach

### LÁIDREACHTAÍ

+ Cuntas teiste maith maidir le comhoibriú Idirghníomhaireachta
+ CFPÁ láidir
+ Líonra Rannpháirtíochta Pobail atá ag dul i méid ina bhfuil eagraíochtaí/grúpaí agus ENRanna pobail, deonacha, cultúrtha agus comhshaoil
+ Ceannaireacht phobail agus Eagraíochtaí pobail ag dul i neart
+ Comhpháirtíochtaí forbartha trasearnála atá ag teacht chun cinn in go leor ceantar agus toilteanas obair a dhéanamh le chéile ar bhonn idirghníomhaireachta agus trasearnála
+ Struchtúir chomhoibríocha laistigh den Údarás Áitiúil, go háirithe an LRP, an CFPÁ, na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus Coiste Comhairleach an PÁEP
+ Cur chuige comhpháirteach i leith sábháilteacht phobail i gComhchoiste Póilíneachta na Mí
+ Bunú Fhóram Scileanna Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

### DÚSHLÁIN

– Éileamh ard ar bhonneagar pobail in go leor ceantar
– Baineann dúshláin lóistíochtúla le cumarsáid sheasmhach a choinneáil ar fud agus i measc na gcéadta soláthraí seirbhíse pobail
– Féadann sé a bheith dúshlánach rannpháirtíocht saoránach a spreagadh i measc na ngrúpaí pobail ar fad mar gheall ar bhacainní éagsúla, e.g. teanga, am, muinín, etc.

### DEISEANNA

+ Tacaíocht agus treoirlínte beartais náisiúnta i gcomhair cuir chuige chomhtháite i leith forbairt pobail, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta (2021-2025) agus Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn (2019-2024)

### BAGAIRTÍ

– Braitheann a lán gníomhartha comhtháite go mór ar bhonneagar teicneolaíochta, a d'fhéadfadh a bheith dáilte go héagothrom timpeall an Chontae
– Saincheisteanna domhanda leanúnacha maidir le hionadaíocht chothrom agus éagsúil i róil chinnteoireachta



## Sprioc 5: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí

### LÁIDREACHTAÍ

- + Flúirse acmhainní nádúrtha
- + Na ceantair Ghaeltachta, ina bhfuil traidisiúin láidre teanga agus chultúir
- + Stair shaibhir agus oidhreacht shaibhir a léirítear ar fud thírdhreacha nádúrtha agus tógtha na Mí
- + Brú na Bóinne, Láithreán Oidhreachta de chuid EOECNA
- + Tá trí Limistéar Oidhreachta Nádúrtha deimhnithe agus 28 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe faoi láthair
- + Tá earnáil na n-ealaíon agus an chultúir bríomhar agus tá réimse leathan gníomhaíochtaí ag baint léi a théann chun sochair don éagsúlacht phobail sa Chontae
- + Tá clár pleananna ríochta poiblí ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae na Mí
- + Líonra láidir leabharlann (13 leabharlann)
- + Obair ríochta poiblí leanúnach ar fud an Chontae, á soláthar faoi PÁEP 2016-2021

### DÚSHLÁIN

- – Chuaigh COVID-19 go mór i bhfeidhm ar thionscal na turasóireachta ar fud an chontae
- – Tá traidisiún fada cleachtas talmhaíochta agus feirmeoireachta sa Mhí agus ní mór iad seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach le go mbeidh siad ag teacht le cuspóirí idirnáisiúnta agus náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide
- – Tá luach suntasach áineasa ag foraoisí agus coillearnacha; tá ceann de na cóimheasa is ísle sa Stát i gContae na Mí, áfach, ó thaobh limistéir phlandaithe de
- – Sócmhainn a luaitear luach léi is ea an tionscal eachaí agus é an-tábhachtach ó thaobh fheidhmiú eacnamaíoch an Chontae de
- – Éileamh ón bpobal ar spásanna glasa inrochtana breise agus ríocht phoiblí faoi fhad siúil

### DEISEANNA

- + I measc chuspóirí Fáilte Ireland do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, 2024, tá pleananna chun Loingseoireacht agus Glasbhealach na Bóinne a fhorbairt, turas bóthair athshamhlaithe do Ghleann na Bóinne agus réimse tacaíochtaí gnó a sholáthar atá dírithe ar riachtanais thionscal turasóireachta an réigiúin a shásamh
- + Soláthar straitéisí cultúir agus cruthaitheachta na Mí, 2023 go 2027
- + Cuireadh síneadh ama le clár náisiúnta Éire Chruthaitheach (ina bhfuil an Mhí páirteach) go dtí 2027
- + Clár pleanála ríochta poiblí

### BAGAIRTÍ

- – Ró-úsáid nó róphlódú i gcás conláistí agus taitneamhachtaí áirithe

## Sprioc 6: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad

### LÁIDREACHTAÍ

- + Fás suntasach daonra idir 2016-2022 agus méadú 12.9% sa daonra i gcomparáid leis an Stát, 7.6%
- + Éagsúlacht eitneachta agus náisiúntachta ag dul i méid
- + Straitéis Aoisbháúil na Mí agus Comhaontas Aoisbhá na Mí
- + Bhí an imirce ghlan ina cúis le méadú thart ar 14,921 duine de réir réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022
- + Áit atá iomaíoch ó thaobh costas de – cíosanna, meánthuarastail, etc.
- + Bhí níos mó ná 1800 dídeanaí ón Úcráin cláraithe sa Chontae i mí na Nollag 2022
- + Tá an Clár um Chuimsitheacht Shóisialta agus Gníomhachtú Pobail á chur i bhfeidhm ar leibhéal an Chontae ag Comhpháirtíocht na Mí faoi láthair.

### DÚSHLÁIN

- – Éileamh ard ar bhonneagar pobail, go háirithe i gceantair nuafhorbartha agus ceantair ina bhfuil fás ard daonra
- – Dlús spásúil míbhuntáiste agus rachmais
- – Soláthar agus inacmhainneacht tithíochta a léiríonn dúshláin náisiúnta
- – Gá níos mó le tacaíochtaí agus seirbhísí i measc grúpaí áirithe, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair, an lucht siúil, daoine faoi mhíchumas agus daoine dífhostaithe go fadtéarmach
- – Ionchuimsitheacht mhéadaithe ag teastáil d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe
- – Éileamh ar imeascadh méadaithe i measc pobal ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha
- – Braistint go bhfuil níos mó spásanna poiblí tiomnaithe ag teastáil do dhéagóirí chun bualadh le chéile go sábháilte

### DEISEANNA

- + Patrúin nua imirce uirbeach-tuaithe mar thoradh ar dheiseanna oibre agus oideachais níos solúbtha
- + Forbairtí beartais náisiúnta agus áitiúla maidir le hionchuimsiú sóisialta
- + Soláthar Phlean Gníomhaithe na Mí um Sholáthar Tithíochta, 2022-2026

### BAGAIRTÍ

- – Géarchéim tithíochta náisiúnta atá ag leanúint ar aghaidh
- – Iarmhairtí leanúnacha ó choimhlintí agus ón díláithriú rialta daoine a bhaineann leo i gcomparáid leis an acmhainn agus an cumas freagairt dóibh

## Sprioc 7: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo

### LÁIDREACHTAÍ

+ Contae atá rachmasach go bunúsach
+ Cruthaithe a bheith láidir ó thaobh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh
+ Líonraí/eagraíochtaí seirbhíse gnó atá láidir agus lena dtacaítear go gníomhach le fiontair nua ghnó agus le cuideachtaí atá ag déanamh infheistíocht isteach
+ Rátaí arda rannpháirtíochta agus fostaíochta san fhórsa saothair
+ Tacaíocht shuntasach fiontraíochta ar fáil
+ Fás agus forbairt tagtha ar Boyne Valley Food Hub (Mol Bia Ghleann na Bóinne)
+ In 2019, ba sa Mhí a bhí an dara líon ab airde d'fhiontair ghníomhacha (9,864) agus daoine páirteach i bhfiontair ghníomhacha (44,690) sa réigiún
+ Áit atá iomaíoch ó thaobh costas de
+ Tá an ráta folúntas níos ísle sa Mhí (5.8%) ná mar atá sa Stát (7.8%),
+ Sainaithníodh acmhainn láidir mar gheall ar na leibhéil arda gnóthachtála oideachais i measc chónaitheoirí an Chontae.

### DÚSHLÁIN

– Cé go bhfuil Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ag dul i méid, níl sí chomh forbartha céanna le hinfheistíocht dhúchasach
– Sceitheadh suntasach caiteachais miondíola go contaetha eile i réimse na n-earraí comparáide ardoird
– Gníomhaíocht gheilleagrach thábhachtach is ea an talmhaíocht sa chontae go fóill; toisc líon teoranta den fhórsa saothair a bheith ag obair sa talmhaíocht anois, áfach, moltar éagsúlú agus deiseanna fostaíochta eile chun pobail tuaithe a chothú.
– Paistí logánta de dhíothacht ard, go háirithe i mBaile Átha Troim agus san Uaimh
– Ceantar ard-dífhostaíochta in 1 toghroinn: Ceanannas Uirbeach
– Braistint sa phobal go bhfuil gá le deiseanna méadaithe fostaíochta áitiúla

### DEISEANNA

+ Pobail inbhuanaithe 'oibre is saoil' a chruthú i roinnt lonnaíochtaí ardleibhéil
+ Cur chuige spriocdhírithe chun an timpeallacht miondíola agus tráchtála a mhéadú
+ Cur chuige spriocdhírithe chun dearóiliú agus rátaí folúntas a chomhrac
+ Beocht láir baile a spreagadh trí líon na gcustaiméirí a mhéadú mar thoradh ar ardú sa chianobair agus ar thionscadail fheabhsaithe ríochta poiblí

### BAGAIRTÍ

– Tionchair leanúnacha ón mBreatimeacht
– Tionchair leanúnacha ón gcogadh san Úcráin
– Eisimirce fórsa saothair oilte mar thoradh ar an ngéarchéim tithíochta leanúnach



## 6.5 Cuspóirí Pobail Inmharthana & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana

Glacadh cur chuige fianaisebhunaithe chun Cuspóirí Ardleibhéil an PÁEP a fhorbairt, agus bhí na Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) agus na Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) a bhaineann le gach Forbairt treoraithe ag na príomhthorthaí ón gcomhthéacs beartais, ón bpróifíl gheilleagrach agus ón gcomhairliúchán poiblí. Sa tábla thíos tugtar achoimre ar na Spriocanna Ardleibhéil agus na CPInna/CFEInna a bhaineann leo. Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí sa chéad chaibidil eile, 8.0 Plean cur chun feidhme do Chontae na Mí.

| Sprioc Ardleibhéil | Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) |
|---|---|
| Sprioc 1: Contae Inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide | CPI 1.1 An timpeallacht nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú |
| | CPI 1.2 Oideachas agus ról a thabhairt don phobal maidir le saincheisteanna agus deiseanna aeráide agus comhshaoil |
| | CFEI 1.3 An geilleagar glas a chur chun cinn |
| | CFEI 1.4 Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú i mbeartas agus i gcleachtas. |
| Sprioc 2: Contae nasctha agus inrochtana | CPI 2.1 Tacú le gréasáin iompartha poiblí nasctha agus chomhtháite laistigh de cheantair uirbeacha agus tuaithe agus eatarthu |
| | CPI 2.2 Iompar gníomhach a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó (rothaíocht agus siúl) |
| | CFEI 2.3 An t-aistriú go patrúin iompair níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn |
| | CFEI 2.4 Tacú le rochtain chothrom ar an idirlíon agus le scileanna digiteacha |
| Sprioc 3: Contae folláin agus bisiúil | CPI 3.1 Torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú |
| | CPI 3.2 Tacú le tithíocht agus dídean leordhóthanach a sholáthar |
| | CPI 3.3 Tacú le freagairtí réamhghníomhacha do riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn agus atá práinneach |
| | CPI 3.4 Cuir le braistintí agus taithí ar shábháilteacht sa phobal |
| | CPI 3.5 Cuir le rannpháirtíocht san áineas, sa spórt agus san fhóillíocht |
| | CPI 3.6 Tacú le tacaíochtaí sláinte pobail a sholáthar |

| | |
|---|---|
| Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach | CPI 4.1 Cuir chuige idirghníomhaireachta agus chomhoibríocha san earnáil phoiblí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh |
| | CPI 4.2 Tacú le hacmhainn inmheánach don PÁEP agus don CFPÁ |
| | CPI 4.3 Rannpháirtíocht saoránach a spreagadh, lena n-áirítear próisis dhaonlathacha na gcónaitheoirí agus na bpobal ar fad |
| | CPI 4.4 Cur chuige comhtháite maidir le soláthar faisnéise sa phobal a chumasú |
| | CFEI 4.5 Líonraí níos láidre a chruthú i measc gníomhaireachtaí agus fiontair ríthábhachtacha |
| SPRIOC 5: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí | CPI 5.1 Gníomhartha ealaíon agus cultúrtha sa phobal a fhorbairt níos mó |
| | CPI 5.2 Oidhreacht na Mí a chaomhnú agus rochtain chuí a chumasú |
| | CPI 5.3 Stádas na Gaeilge a fheabhsú laistigh agus lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta |
| | CPI 5.4 Spásanna poiblí agus páirceanna atá tarraingteach agus inrochtana a chur ar fáil ar fud an chontae |
| | CFEI 5.5 Taitneamhachtaí an chontae a chur chun cinn go réamhghníomhach |
| | CFEI 5.6 An ríocht phoiblí a fheabhsú agus láir phríomhbhailte na Mí a chur chun cinn mar ionaid mhiondíola, cuairteoirí agus fostaíochta |
| SPRIOC 6: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad | CPI 6.1 Rochtain chothrom ar bhonneagar pobail a leathnú amach agus a neartú |
| | CPI 6.2 Imeascadh agus ionchuimsiú a chur chun cinn do gach pobal sa Mhí |
| | CPI 6.3 Míbhuntáiste oideachasúil a laghdú |
| | CFEI 6.4 Soláthar éifeachtach bonneagair oideachasúil a chur ar fáil |
| | CFEI 6.5 Leanúint den fhreagairt chomhoibríoch agus thacúil do phróisis pleanála áitiúla a stiúradh |
| Sprioc 7: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo | CPI 7.1 Leibhéil fostaíochta áitiúla agus coinníollacha i gcomhair infhostaitheachta a mhéadú |
| | CPI 7.2 Deiseanna i gcomhair cianoibre a mhéadú |
| | CPI 7.3 Leanúint d'éiteas a chur chun cinn i dtaca le forbairt gheilleagrach agus fostaíochta ar fud gach rannóige agus feidhme laistigh de Chomhairle Contae na Mí, i measc ionadaithe tofa na Comhairle san áireamh |
| | CFEI 7.4 Soláthar éifeachtach bonneagair a chur ar fáil - láithreáin agus réitigh réadmhaoine i gcomhair giniúint fostaíochta |
| | CFEI 7.5 Na deiseanna agus gnóthachtálacha geilleagracha sa Chontae a chur chun cinn |



## 6.6 Ailíniú le Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach TROLT

Áirítear le hAlt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil (2014) ceanglas go mbeidh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) i gcomhréir le haon Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach mar aon le croístraitéis agus cuspóirí phlean forbartha an údaráis áitiúil lena mbaineann. Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil éilítear ar údaráis áitiúla dréacht-PÁEP a chur faoi bhráid an Tionóil Réigiúnaigh lena bhreithniú agus éilítear ar an Tionól glacadh le ráiteas ar an dréacht-PÁEP.

Tá 3 bhunphrionsabal mar bhonn agus taca ag an SSER i.e. Comhfhorbairt Áite Shláintiúil, Gníomhú ar son na hAeráide agus Deiseanna Geilleagracha. Déantar crostagairt do 16 Thoradh Straitéiseacha Réigiúnacha (TSRanna) agus ailínítear iad le 3 bhunphrionsabal an SSER agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.

Breithníodh TSRanna nuair a bhí creat-PÁEP na Mí á fhorbairt, i dtaca le forbairt na Spriocanna Ardleibhéil, na gCuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) agus na gCuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna). Sa tábla thíos léirítear an t-ailíniú idir creat-PÁEP na Mí agus SSER TROLT.

## Ailíniú idir an Creat-PÁEP agus SSER TROLT

| Prionsabal SSER TROLT | Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha | Sprioc Ardleibhéil PÁEP na Mí | | CPInna agus CFEInna PÁEP na Mí |
|---|---|---|---|---|
| **Deis Gheilleagrach** | Réigiún cathrach domhanda | Sprioc 2: Contae ina bhfuil pobail chomhtháite agus inrochtana | | CPI 2.1 Tacú le gréasáin iompartha poiblí nasctha agus chomhtháite laistigh de cheantair uirbeacha agus thuaithe agus eatarthu<br>CFEI 2.4 Tacú le rochtain chothrom ar an idirlíon agus le scileanna digiteacha |
| | Nascacht réigiúnach a fheabhsú | | | |
| | Oideachas, scileanna agus ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú | SPRIOC 6: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad | | CPI 6.1 Rochtain chothrom ar bhonneagar pobail a leathnú amach agus a neartú<br>CPI 6.2 Imeascadh agus ionchuimsiú a chur chun cinn do gach pobal sa Mhí<br>CPI 6.3 Míbhuntáiste oideachasúil a laghdú<br>CFEI 6.4 Soláthar éifeachtach bonneagair oideachasúil a chur ar fáil<br>CFEI 6.5 Leanúint den fhreagairt chomhoibríoch agus thacúil do phróisis pleanála áitiúla a stiúradh |
| | Ardán comhoibríoch | Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach | | CPI 4.1 Cuir chuige idirghníomhaireachta agus chomhoibríocha san earnáil phoiblí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh<br>CPI 4.2 Tacú le hacmhainn inmheánach don PÁEP agus don CFPÁ<br>CPI 4.4 Cur chuige comhtháite maidir le soláthar faisnéise sa phobal a chumasú<br>CFEI 4.5 Líonraí níos láidre a chruthú i measc gníomhaireachtaí agus fiontair ríthábhachtacha |
| | Geilleagar láidir a bhfuil fiontraíocht agus nuálaíocht mar thaca aige | Sprioc 7: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo | | CPI 7.1 Leibhéil fostaíochta áitiúla agus coinníollacha i gcomhair infhostaitheachta a mhéadú<br>CPI 7.2 Deiseanna i gcomhair cianoibre a mhéadú<br>CPI 7.3 Leanúint d'éiteas a chur chun cinn i dtaca le forbairt gheilleagrach agus fostaíochta ar fud gach rannóige agus feidhme laistigh de Chomhairle Contae na Mí, i measc ionadaithe tofa na Comhairle san áireamh<br>CFEI 7.4 Soláthar éifeachtach bonneagair a chur ar fáil - láithreáin agus réitigh réadmhaoine i gcomhair giniúint fostaíochta<br>CFEI 7.5 Na deiseanna agus gnóthachtálacha geilleagracha sa Chontae a chur chun cinn |

| Prionsabal SSER TROLT | Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha (TSRanna) an SSER | Sprioc Ardleibhéil PÁEP na Mí | CPInna agus CFEInna PÁEP na Mí |
|---|---|---|---|
| **Gníomhú ar son na hAeráide** | Bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha | Sprioc 1: Contae inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide | CPI 1.2 Oideachas agus páirt a thabhairt don phobal maidir le saincheisteanna agus deiseanna aeráide agus comhshaoil<br>CFEI 1.3 An geilleagar glas a chur chun cinn<br>CFEI 1.4 Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú i mbeartas agus i gcleachtas. |
| | Teacht aniar aeráide a fhorbairt | | |
| | Bainistíocht inbhuanaithe ar uisce, dramhaíl agus acmhainní eile | | |
| | Iompar agus úsáid | | |
| | Bonneagar glas feabhsaithe | Sprioc 2: Contae ina bhfuil pobail chomhtháite agus inrochtana | CPI 2.2 Iompar gníomhach a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó (rothaíocht agus siúl)<br>CFEI 2.3 An t-aistriú go patrúin iompair níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn |
| | Tacú leis an aistriú chuig fuinneamh glan ar bheagán carbóin | | |
| **Comhfhorbairt áite shláintiúil** | Pobail shláintiúla | Sprioc 3: Contae folláin agus bisiúil | CPI 3.1 Torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú<br>CPI 3.2 Tacú le tithíocht agus dídean leordhóthanach a sholáthar<br>CPI 3.3 Tacú le freagairtí réamhghníomhacha do riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn agus atá práinneach<br>CPI 3.4 Cuir le braistintí agus taithí ar shábháilteacht sa phobal<br>CPI 3.5 Cuir le rannpháirtíocht san áineas, sa spórt agus san fhóillíocht<br>CPI 3.6 Tacú le tacaíochtaí sláinte pobail a sholáthar |
| | Pobail tuaithe | Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach | CPI 4.3 Rannpháirtíocht saoránach a spreagadh, lena n-áirítear próisis dhaonlathacha na gcónaitheoirí agus na bpobal ar fad |
| | | Sprioc 5: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí | CPI 5.1 Gníomhartha ealaíon agus cultúrtha sa phobal a fhorbairt níos mó<br>CPI 5.2 Oidhreacht na Mí a chaomhnú agus rochtain chuí a chumasú<br>CPI 5.3 Stádas na Gaeilge a fheabhsú laistigh agus lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta<br>CPI 5.4 Spásanna poiblí agus páirceanna atá tarraingteach agus inrochtana a chur ar fáil ar fud an chontae<br>CFEI 5.5 Taitneamhachtaí an chontae a chur chun cinn go réamhghníomhach<br>CFEI 5.6 An ríocht phoiblí a fheabhsú agus láir phríomhbhailte na Mí a chur chun cinn mar |
| | Áiteanna | | |
| | Fás dlúth agus athghiniúint | | |
| | Patrúin lonnaíochta inbhuanaithe | | |

| Sprioc Ardleibhéil | Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) | Ailíniú le Plean Forbartha Chontae na Mí, 2021-2027 |
|---|---|---|
| Sprioc 1: Contae Inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide | CPI 1.1 An timpeallacht nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú | CS OBJ 13 Tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe um Athrú Aeráide Ag Tógáil Teacht Aniar maidir le hAthrú Aeráide (2012) tríd an bPlean Forbartha Contae agus trí Phlean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide a ullmhú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha.<br><br>ER OBJ 59 Sócmhainní bonneagair ghlais agus láithreáin a bhfuil luach leo ó thaobh na bithéagsúlachta áitiúla de a shainaithint agus a léarscáiliú thar shaolré an Phlean. |
| | CPI 1.2 Oideachas agus páirt a thabhairt don phobal maidir le saincheisteanna agus deiseanna aeráide agus comhshaoil | CS OBJ 13 Tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe um Athrú Aeráide Ag Tógáil Teacht Aniar maidir le hAthrú Aeráide (2012) tríd an bPlean Forbartha Contae agus trí Phlean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide a ullmhú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha. |
| | CFEI 1.3 An geilleagar glas a chur chun cinn | HER POL 55 Aitheantas a thabhairt don luach geilleagrach, sóisialta, comhshaoil agus fisiciúil atá le Bonneagar Glas. |
| | CFEI 1.4 Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú i mbeartas agus i gcleachtas | CS OBJ 20 Comhlíonadh ceanglas um Athrú Aeráide a chinntiú |
| Sprioc 2: Contae nasctha agus inrochtana | CPI 2.1 Tacú le gréasáin iompartha poiblí nasctha agus chomhtháite laistigh de cheantair uirbeacha agus thuaithe agus eatarthu | MOV POL 1 Tacú le comhtháthú talamhúsáide le bonneagar iompair agus é a éascú, trí lonnaíochtaí dlútha inbhuanaithe ina bhfuil iompar poiblí maith a fhorbairt, ar aon dul leis na treoirphrionsabail a achoimrítear sa Chuspóir Beartais Réigiúnaigh (CBR) 8.1 de SSER TROLT, 2019-2031 |
| | CPI 2.2 Iompar gníomhach a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó (rothaíocht agus siúl) | SOC POL 3 A chinntiú, i gcás inarb indéanta é, go gcnuasaítear saoráidí pobail, áineasa agus spásanna oscailte agus go lonnaítear saoráidí pobail in ionaid áitiúla nó i dteannta saoráidí scoile, de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh saoráidí pobail lonnaithe gar do thithe nó faoi fhad siúil díobh, go mbeadh rochtain ag gach earnáil den phobal orthu agus go n-éascófaí feidhmeanna ilúsáide iontu mar gheall ar a ndearadh agus a leagan amach.<br><br>MOV POL 17 Gréasán straitéiseach comhleanúnach ardchaighdeáin rothaíochta agus siúil a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ar fud an chontae atá comhtháite leis an iompar poiblí agus idirnasctha le cinn scríbe agus taitneamhachtaí cultúrtha, áineasa, miondíola, oideachais agus fostaíochta. A chinntiú, i gcás inarb indéanta é, go gcnuasaítear saoráidí pobail, áineasa agus spásanna oscailte agus go lonnaítear saoráidí pobail in ionaid áitiúla nó i dteannta saoráidí scoile, de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh saoráidí pobail lonnaithe gar do thithe nó faoi fhad siúil díobh, go mbeadh rochtain ag gach earnáil den phobal orthu agus go n-éascófaí feidhmeanna ilúsáide iontu mar gheall ar a ndearadh agus a leagan amach. |
| | CFEI 2.3 An t-aistriú go patrúin iompair níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn | SOC POL 16 Soláthar saoráidí oideachais réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile a chinntiú i gcomhar le pleanáil agus forbairt limistéar cónaithe agus deiseanna siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a uasmhéadú.<br><br>RPO 8.7 Úsáid bainistíochta soghluaisteachta agus pleananna iompair a chur chun cinn chun athrú iompraíochta agus úsáid níos inbhuanaithe iompair a chothú |
| | CFEI 2.4 Tacú le rochtain chothrom ar an idirlíon agus le scileanna digiteacha | INF OBJ 51 Tacú leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a sholáthar agus a chur i bhfeidhm<br><br>INF POL 54 Soláthar bonneagar ardacmhainneachta Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), líonra leathanbhanda agus craoltóireacht dhigiteach a éascú ar fud an chontae<br><br>SOC POL 29 Tacú agus comhoibriú le tionscnóirí nó oibritheoirí saoráidí cúraim sláinte phoiblí nó phríobháidigh trí sholáthar saoráidí feabhsaithe cúraim sláinte i suíomhanna cuí a éascú agus a spreagadh |

| | | |
|---|---|---|
| Sprioc 3: Contae folláin agus bisiúil | CPI 3.1 Torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú | SOC POL 26 A chinntiú go bhfuil tailte agus seirbhísí leordhóthanacha ar fáil chun seirbhísí sláinte a fheabhsú, a bhunú agus a leathnú |
| | CPI 3.2 Tacú le tithíocht agus dídean leordhóthanach a sholáthar | CS OBJ 2 A chinntiú go bhfuil tailte criosaithe leordhóthanacha ar fáil chun riachtanais tithíochta an Chontae a chomhlíonadh i lonnaíochtaí arna n-ainmniú thar shaolré an Phlean. |
| | CPI 3.3 Tacú le freagairtí réamhghníomhacha do riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn agus atá práinneach | CS OBJ 12 A chinntiú go bhforbróidh gach lonnaíocht, a mhéid is indéanta, ar bhealach féinleorga ina dtiocfaidh fás ar an daonra i gcomhar le soláthar bonneagair fhisiciúil agus shóisialta. |
| | CPI 3.4 Cuir le braistintí agus taithí ar shábháilteacht sa phobal | SOC POL 12 Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Chomhphóilíneachta na Mí, 2015-2020 (nó straitéis arna cur ina hionad sin) i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus na húdaráis ábhartha. |
| | CPI 3.5 Cuir le rannpháirtíocht san áineas, sa spórt agus san fhóillíocht | SOC POL 2 Tacú le réimse saoráidí bonneagair phobail a sholáthar agus a dháileadh de réir na Straitéisí Lonnaíochta agus na gCroístraitéisí chun freastal ar riachtanais phobal an Chontae i gcomhar le grúpaí eile reachtúla, deonacha, earnála príobháidí agus pobail. |
| | CPI 3.6 Tacú le tacaíochtaí sláinte pobail a sholáthar | SOC POL 2 Tacú le réimse saoráidí bonneagair phobail a sholáthar agus a dháileadh de réir na Straitéisí Lonnaíochta agus na gCroístraitéisí chun freastal ar riachtanais phobal an Chontae i gcomhar le grúpaí eile reachtúla, deonacha, earnála príobháidí agus pobail.<br><br>CS OBJ 6 Struchtúr sóisialta agus geilleagrach bailte agus sráidbhailte tuaithe a neartú trí thacaíocht a thabhairt d' athúsáid foirgneamh atá ann cheana féin agus athghiniúint foirgneamh agus tailte tearcúsáidte. |
| Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach | CPI 4.1 Cuir chuige idirghníomhaireachta agus chomhoibríocha san earnáil phoiblí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh | CS OBJ 17 Oibriú go dlúth le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun cuidiú leo le soláthar príomhbhonneagair lena n-éascófaí fás geilleagrach an chontae, ag tagairt go háirithe d'fhorbairt an iarnróid go dtí an Uaimh. |
| | CPI 4.2 Tacú le hacmhainn inmheánach don PÁEP agus don CFPÁ | SOC POL 1 Soláthar na gcuspóirí agus na ngníomhartha arna leagan amach i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Mí, 2016-2021 (nó i bplean ar bith arna thabhairt isteach ina dhiaidh sin) a chur chun cinn agus a éascú. |
| | CPI 4.3 Rannpháirtíocht saoránach a spreagadh, lena n-áirítear próisis dhaonlathacha na gcónaitheoirí agus na bpobal ar fad | ED OBJ 3 Leanúint d'obair a dhéanamh le príomhghníomhaireachtaí stáit agus le páirtithe leasmhara eile chun deiseanna a fhorbairt le fostaíocht a chruthú sa Chontae. |
| | CPI 4.4 Cur chuige comhtháite maidir le soláthar faisnéise sa phobal a chumasú | SOC POL 2 Tacú le réimse saoráidí bonneagair phobail a sholáthar agus a dháileadh de réir na Straitéisí Lonnaíochta agus na gCroístraitéisí chun freastal ar riachtanais phobal an Chontae i gcomhar le grúpaí eile reachtúla, deonacha, earnála príobháidí agus pobail. |
| | CFEI 4.5 Líonraí níos láidre a chruthú i measc gníomhaireachtaí agus fiontair ríthábhachtacha | HER POL 54 Oidhreacht seandálaíochta, carachtar tuaithe, suíomh agus conláiste thírdhreach na Teamhrach, Chnoc Loch Craobh agus Shliabh na Caillí a chosaint. |
| SPRIOC 5: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí | CPI 5.1 Gníomhartha ealaíon agus cultúrtha sa phobal a fhorbairt níos mó | SOC POL 2 Tacú le réimse saoráidí bonneagair phobail a sholáthar agus a dháileadh de réir na Straitéisí Lonnaíochta agus na gCroístraitéisí chun freastal ar riachtanais phobal an Chontae i gcomhar le grúpaí eile reachtúla, deonacha, earnála príobháidí agus pobail. |
| | CPI 5.2 Oidhreacht na Mí a chaomhnú agus rochtain chuí a chumasú | HER POL 54 Oidhreacht seandálaíochta, carachtar tuaithe, suíomh agus conláiste thírdhreach na Teamhrach, Chnoc Loch Craobh agus Shliabh na Caillí a chosaint. |
| | CPI 5.3 Stádas na Gaeilge a fheabhsú laistigh agus lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta | SOC POL 32 Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí spóirt agus pobail áitiúla agus do ghrúpaí eile chun saoráidí pobail lasmuigh agus laistigh a sholáthar agus a fhorbairt. |
| | CPI 5.4 Spásanna poiblí agus páirceanna atá tarraingteach agus inrochtana a chur ar fáil ar fud an chontae | HER POL 1 Láithreáin, séadchomharthaí, áiteanna, ceantair nó réada sna catagóirí seo a leanas a chosaint: Láithreáin agus séadchomharthaí arna n-áireamh leis na Taifid Láithreán agus Séadchomharthaí a choinníonn Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus áiteanna arna n-áireamh le Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna mar a bunaíodh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta; Séadchomharthaí stairiúla agus limistéir sheandálaíochta arna n-áireamh le Clár na Séadchomharthaí Stairiúla mar a bunaíodh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta; séadchomharthaí náisiúnta faoi réir Orduithe Caomhnaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus séadchomharthaí náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údarás áitiúil; réada seandálaíochta de réir bhrí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta; agus báid bhriste arna gcosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta nó arna n-áireamh ar shlí eile i bhFardal na Long Briste a choinníonn Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. |

| | | |
|---|---|---|
| | CPI 5.4 Spásanna poiblí agus páirceanna atá tarraingteach agus inrochtana a chur ar fáil ar fud an chontae | HER POL 1 Láithreáin, séadchomharthaí, áiteanna, ceantair nó réada sna catagóirí seo a leanas a chosaint:<br>Láithreáin agus séadchomharthaí arna n-áireamh leis na Taifid Láithreán agus Séadchomharthaí a choinníonn Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus áiteanna arna n-áireamh le Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna mar a bunaíodh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta; Séadchomharthaí stairiúla agus limistéir sheandálaíochta arna n-áireamh le Clár na Séadchomharthaí Stairiúla mar a bunaíodh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta; séadchomharthaí náisiúnta faoi réir Orduithe Caomhnaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus séadchomharthaí náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údarás áitiúil; réada seandálaíochta de réir bhrí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta; agus báid bhriste arna gcosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta nó arna n-áireamh ar shlí eile i bhFardal na Long Briste a choinníonn Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. |
| | CFEI 5.5 Taitneamhachtaí an chontae a chur chun cinn go réamhghníomhach | CS OBJ 2 A chinntiú go bhfuil tailte criosaithe leordhóthanacha ar fáil chun riachtanais tithíochta an Chontae a chomhlíonadh i lonnaíochtaí arna n-ainmniú thar shaolré an Phlean. |
| | CFEI 5.6 An ríocht phoiblí a fheabhsú agus láir phríomhbhailte na Mí a chur chun cinn mar ionaid mhiondíola, cuairteoirí agus fostaíochta | CS OBJ 2 A chinntiú go bhfuil tailte criosaithe leordhóthanacha ar fáil chun riachtanais tithíochta an Chontae a chomhlíonadh i lonnaíochtaí arna n-ainmniú thar shaolré an Phlean.<br>ED OBJ 3 Leanúint d'obair a dhéanamh le príomhghníomhaireachtaí stáit agus le páirtithe leasmhara eile chun deiseanna a fhorbairt le fostaíocht a chruthú sa Chontae. |
| **SPRIOC 6: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad** | CPI 6.1 Rochtain chothrom ar bhonneagar pobail a leathnú amach agus a neartú | CS OBJ 1 Cur i bhfeidhm na croístraitéise agus na Straitéise Lonnaíochta a dhaingniú, a mhéid is indéanta, trí fhás a stiúradh i dtreo lonnaíochtaí arna n-ainmniú, faoi réir infhaighteacht bonneagair agus seirbhísí. |
| | CPI 6.2 Imeascadh agus ionchuimsiú a chur chun cinn do gach pobal sa Mhí | SOC POL 7 Ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a spreagadh trí rochtain do chách ar sheirbhísí agus ar shaoráidí agus uasghrádú saoráidí pobail a spreagadh |
| | CPI 6.3 Míbhuntáiste oideachasúil a laghdú | SOC POL 15 Forbairt saoráidí oideachais réamhscoile, bunscoile, iar-bhunscoile, tríú leibhéal, for-rochtana, aosaigh agus breise a éascú chun freastal ar riachtanais oideachais shaoránaigh an Chontae |
| | CFEI 6.4 Soláthar éifeachtach bonneagair oideachasúil a chur ar fáil | SOC POL 2 Tacú le réimse saoráidí bonneagair phobail a sholáthar agus a dháileadh de réir na Straitéisí Lonnaíochta agus na gCroístraitéisí chun freastal ar riachtanais phobal an Chontae i gcomhar le grúpaí eile reachtúla, deonacha, earnála príobháidí agus pobail. |
| | CFEI 6.5 Leanúint den fhreagairt chomhoibríoch agus thacúil do phróisis pleanála áitiúla a stiúradh | SOC POL 4 A chinntiú go ndéantar saoráidí pobail atá ar cóimhéid le riachtanais an daonra chónaithigh a sholáthar in éineacht le forbairtí nua cónaitheacha ar mhaithe le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, agus cúnamh a thabhairt chun saoráidí den chineál sin a sholáthar |
| Sprioc 7: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo | CPI 7.1 Leibhéil fostaíochta áitiúla agus coinníollacha i gcomhair infhostaitheachta a mhéadú | CS OBJ 14 Tacú le fás geilleagrach na Mí mar a leagtar síos sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach |
| | CPI 7.2 Deiseanna i gcomhair cianoibre a mhéadú | ED OBJ 4 Suíomhanna oiriúnacha a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt chun saoráidí oibre comhionaid, moil dhigiteacha/ ríomh-mhoil agus ionaid ríomhoibrithe a sholáthar ar fud an Chontae agus iad ag feidhmiú mar mhoil for-rochtana d'fhostóirí lonnaithe sa chathair ina gcuirtear socruithe oibre solúbtha chun cinn. |
| | CPI 7.3 Leanúint d'éiteas a chur chun cinn i dtaca le forbairt gheilleagrach agus fostaíochta ar fud gach rannóige agus feidhme laistigh de Chomhairle Contae na Mí, i measc ionadaithe tofa na Comhairle san áireamh | CS OBJ 15: Leanúint d'fhorbairt gheilleagrach na Conaire Geilleagraí idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a chur chun cinn |
| | CFEI 7.4 Soláthar éifeachtach bonneagair a chur ar fáil - láithreáin agus réitigh réadmhaoine i gcomhair giniúint fostaíochta | CS OBJ 4 Níos mó fás dlúth a bhaint amach trí láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta/athghiniúna a fhorbairt agus talamh tearcúsáidte laistigh de nó gar do lorg talún foirgnithe lonnaíochtaí atá ann cheana féin a athfhorbairt de rogha ar shuíomhanna ar imeall an lárcheantair |
| | CFEI 7.5 Na deiseanna agus gnóthachtálacha geilleagracha sa Chontae a chur chun cinn | CS OBJ 16 Tacú le pobail 'oibre is saoil' a chruthú ina bhfuil fostaíocht agus cóiríocht chónaithe lonnaithe gar dá chéile agus do chonairí iompair ilmhódacha, agus treochtaí cianchomaitéireachta agus brú tráchta a laghdú |

# 7.0 Plean cur chun feidhme do Chontae na Mí

## 7.1 Sprioc 1: Contae Inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS 6, 7, 11, 12, 13, 14 & 15

Tá éagsúlacht tírdhreacha sa Mhí agus tá saibhreas acmhainní nádúrtha ann. Tá an Contae tiomanta don bhuanchoimeád agus don chaomhantas agus tá roinnt Limistéar faoi Chosaint Speisialta, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe ann. Ar leibhéal an chontae, tá pleananna gníomhaithe um bithéagsúlacht agus um ghníomhú ar son na haeráide forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an Mí, agus tá pleananna gníomhaithe áitiúla um bithéagsúlacht forbartha ag roinnt bailte. Ba léir ón gcomhairliúchán poiblí go bhfuil a lán tionscnamh faoi stiúir an phobail ann, agus luaigh rannpháirtithe go gcuirfidís fáilte roimh infheistiú agus comhordú méadaithe ón Údarás Áitiúil. Ar an gcaoi chéanna, bhí fonn ar rannpháirtithe arbh ionadaithe iad don earnáil ghnó glacadh le cleachtais ghlasa agus léirigh siad suim in oideachas agus i gcomhairle maidir le conas páirt a ghlacadh i ngníomhú ar son na haeráide. Úsáidtear ola chun formhór na dtithe ar fud na Mí a théamh agus bhí an contae ar an 6ú contae ab airde in 2021 ó thaobh leictreachas cónaithe méadraithe a ídiú de. Nochtadh san anailís ar shonraí ón gcomhairliúchán poiblí go bhfuiltear ag iarraidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid níos mó sa Mhí. Luaigh rannpháirtithe an deis atá ann cleachtais inbhuanaithe talmhaíochta agus feirmeoireachta a fhorbairt agus a mhéadú freisin.

Tugadh le tuiscint sa bheartas agus sna tionscnaimh atá ann cheana féin agus sa chomhairliúchán poiblí gur saincheist ríthábhachtach iad na dúshláin chomhshaoil sa Mhí agus nach mór iad a chur san áireamh i ngach plean, straitéis agus forbairt sa todhchaí. Dá réir sin, is é aidhm na gcuspóirí thíos ná a chinntiú gur Contae inbhuanaithe í an Mhí atá tiomanta do ghníomhú ar son na haeráide.

Leis an Sprioc Ardleibhéil agus leis na cuspóirí a ghabhann léi, tacaítear le Bunphrionsabal an Ghníomhaithe ar son na hAeráide a achoimrítear sa SSER, lena n-áirítear Cuspóirí Straitéiseacha Réigiúnacha (CSRanna) an SSER maidir le teacht aniar aeráide a chothú (CSR 8), tacaíocht a thabhairt don aistriú chuig fuinneamh glan ar bheagán carbóin (CSR 9), bonneagar glas a fheabhsú (CSR 10) agus bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha (CSR 11). Lena chois sin, tá an sprioc mar thaca ag CBR 3.7 maidir le breithnithe comhshaoil agus inbhuanaitheachta i gcomhair tograí forbartha nua.



**Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna)**

| | |
|---|---|
| **CPI 1.1** | An timpeallacht nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú |
| **CPI 1.2** | Oideachas agus páirt a thabhairt don phobal maidir le saincheisteanna agus deiseanna aeráide agus comhshaoil |
| **CPI 1.3** | An geilleagar glas a chur chun cinn |
| **CPI 1.4** | Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú i mbeartas agus i gcleachtas. |



# Sprioc 1: Contae Inbhuanaithe éiceabhách atá tiomanta don athrú aeráide

| CUSPÓIR | CPI 1.1 An timpeallacht nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 1.1.1 | An ghluaiseacht i dtreo neodrachta, nach mór, ó thaobh fuinnimh de a spreagadh agus a chur chun cinn i bhfoirgnimh na Comhairle atá ann cheana féin ar aon dul le Straitéis na Mí um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Saoráidí CCM | Timpeallacht CCM, Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | Gearrthéarma (2024) | Líon cásanna atá neodrach ó thaobh fuinnimh de arna gcur i bhfeidhm ar fud fhoirgnimh na comhairle agus céatadán an ardaithe ar fhigiúirí reatha |
| Gníomh 1.1.2 | Éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe a chur chun cinn i soláthar tithíochta na comhairle, lena n-áirítear iarfheistiú (clár 10 mbliana ina bhfuil spriocanna bliantúla). | Tithíocht CCM | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Fadtéarma – ach méaduithe bliantúla (2024) | Líon tithe atá tíosach ar fhuinneamh i soláthar tithíochta na comhairle agus céatadán an ardaithe ar fhigiúirí reatha. |
| Gníomh 1.1.3 | Straitéis an Údaráis Áitiúil um Fhuinneamh In-athnuaite a fhorbairt do Chontae na Mí ar aon dul le treoir ÚFIÉ | Comhshaol CCM | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | Gearrthéarma don straitéis – meántéarma do ghníomhartha arna gcur i bhfeidhm (2024) | Straitéis an Údaráis Áitiúil um Fhuinneamh In-athnuaite críochnaithe agus gníomhartha á gcur i bhfeidhm. |
| Gníomh 1.1.4 | Tacú le tionscadail fuinnimh phobail a fhorbairt agus a sholáthar agus comhoibriú le Grúpaí Pobail Fuinnimh Inmharthana chun buntáistí tionscadal pobail do phobail eile a chur chun cinn. | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP), Pobail Fuinnimh Inmharthana | Gearrthéarma (2024) | Líon tionscadal fuinnimh inbhuanaithe pobail agus céatadán an ardaithe ar fhigiúirí reatha. |
| Gníomh 1.1.5 | Acmhainn Chomhairle Contae na Mí a bheith i gceannas ar bheartais agus cláir inbhuanaitheachta comhshaoil agus á gcur chun cinn don Chontae a fheabhsú. | CCM | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Fadtéarma | Líon beartas agus clár inbhuanaitheachta comhshaoil atá i bhfeidhm agus neart na mbeartas sin |
| Gníomh 1.1.6 | Dul i dteagmháil leis an bpobal talmhaíochta chun tuiscint a fháil ar conas is féidir leis an gcomhairle tacú le hiarrachtaí maidir le teacht aniar agus le cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe. | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann; Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil; Teagasc | Fadtéarma | Líon cruinnithe arna reáchtáil agus cleachtas arna bhforbairt agus arna nglacadh leo. |
| Gníomh 1.1.7 | Dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí ábhartha agus comhoibriú leo chun an bhail atá ar thalamh portaigh a fheabhsú le hastaíochtaí a laghdú. | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | Bord na Móna | Gearrthéarma (2024) | Líon na gcruinnithe arna reáchtáil agus na ngníomhartha arna dteacht chun cinn |
| Gníomh 1.1.8 | Bunachar sonraí a choinneáil chun cinntí pleanála a éascú, lena n-áirítear taifid maidir le speicis ó shuirbhéanna de chuid na comhairle agus ó fhoinsí eile atá ar fáil (IWeBS, etc), láithreáin a bhfuil tábhacht leo don chontae agus Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta a rinneadh cheana féin chun breithiúnas a éascú ar bhealach níos fearr ar thionchair dhóchúla aonair agus charnacha tograí. A chinntiú go bhfuil an bunachar sonraí comhoiriúnach do bhunachair sonraí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus nasctha leo | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM - Oifigeach Bithéagsúlachta | Pleanáil CCM | Meántéarma - Fadtéarma | An bunachar sonraí a chruthú agus a chothabháil go rialta. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh 1.1.9 | Tacú le gníomhaíocht chun oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú agus an ghníomhaíocht sin a chumasú. | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | Oifigeach Oidhreachta agus Oifigeach Bithéagsúlachta CCM | Meántéarma | Líon gníomhaíochtaí arna gcur i bhfeidhm chun oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú |
| CUSPÓIR | CPI 1.2 Oideachas agus páirt a thabhairt don phobal maidir le saincheisteanna agus deiseanna aeráide agus comhshaoil | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 1.2.1 | Leanúint de Chúrsaí ar Leibhéil 4 & 5 sa Chomhshaol agus Inbhuanaitheacht a chur ar fáil san Uaimh, i gCeanannas, i mBaile Átha Buí agus i mBaile Átha Troim | Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) | Fostaithe & Cliaint ón Roinn Coimirce Sóisialaí fostaithe ar bhonn páirtaimseartha | Gearrthéarma (2024) | Líon cúrsaí arna reáchtáil sa 2 bhliain atá amach romhainn |
| Gníomh 1.2.2 | Leanúint d'oideachas a sholáthar i gcomhair cláir atá dírithe ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht | BOOLM | | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon clár arna reáchtáil sa 2 bhliain-5 bliana atá amach romhainn |
| Gníomh 1.2.3 | Úsáid saoráidí leabharlainne a chur chun cinn do Ghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide & rochtain Eagraíochtaí Pobail ar shaoráidí cruinnithe agus cláreagrú agus spás i gcomhair imeachtaí a chur chun cinn. | Leabharlanna | Grúpaí agus Gníomhaireachtaí Pobail agus Deonacha, LRP | Gearrthéarma / Fadtéarma 2024 | Líon clár arna reáchtáil sa 2 bhliain-5 bliana atá amach romhainn |
| Gníomh 1.2.4 | Oideachas agus páirt a thabhairt do phobail maidir le Gníomhú ar son na hAeráide trí chláir ealaíon bunaithe ar rannpháirtíocht shóisialta a sholáthar ina ndírítear ar an inbhuanaitheacht, an comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide. | M.A.O Rannóg CCM um Ghníomhú ar son na hAeráide | | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon clár arna reáchtáil sa 2 bhliain-5 bliana atá amach romhainn |
| Gníomh 1.2.5 | Tionscnamh clubanna inbhuanaithe a chruthú chun páirt a thabhairt do chlubanna CLG/Sacair/Rugbaí i leasuithe a chur i bhfeidhm, e.g. Caomhnú fuinnimh, luchtú feithiclí leictreacha, painéil ghréine, scéimeanna athchúrsála ICIT, etc. | Gníomhú ar son na hAeráide | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon clubanna a chuireann tionscnamh i bhfeidhm agus a leanann leis |
| Gníomh 1.2.6 | Feasacht agus rannpháirtíocht níos mó a chruthú i dtaca le saincheisteanna comhshaoil agus gníomhaíochtaí ar leibhéal an phobail. | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | LRP | Gearrthéarma/ Meántéarma/ Fadtéarma (2024) | Líon feachtas/tionscnamh feasachta arna gcur i bhfeidhm |
| Gníomh 1.2.7 | Tacú le Mol Bia Pobail a chur ar bun | Sonairte | CCM, táirgeoirí bia, LRP | Meántéarma/ Fadtéarma | Mol Bia Pobail arna chur ar bun |
| Gníomh 1.2.8 | Tacú leis an tionscadal URBACT a sholáthar i mBaile Átha Troim | Coiste URBACT | CCM, grúpaí pobail áitiúla, gnólachtaí áitiúla | Meántéarma | Tionscadal soláthartha |
| Gníomh 1.2.9 | Tacú le Pobail Fuinnimh Inmharthana a chur ar bun i gCo. na Mí | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | ÚFIÉ, LRP | Fadtéarma | |

| CUSPÓIR | CFEI 1.3 An geilleagar glas a chur chun cinn | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 1.3.1 | An fhéidearthacht maidir le Baile Cúplach Digiteach Píolótach a chruthú chun eiseamláiriú a chumasú i dtaca le conas a d'fhéadfadh feabhsuithe comhshaoil agus athdhearadh sráide tionchar a imirt ar an gcomhshaol/ úsáid sráideanna, gnéithe amhairc, etc. | Oifigeach Leathanbhanda | Oifigeach Leathanbhanda, Gníomhú ar son na hAeráide, Lár Bailte ar dTús, URBACT | Meántéarma/ Fadtéarma | Baile píolótach arna chruthú agus arna chothabháil |
| Gníomh 1.3.2 | Tionscadail a rachaidh chun tairbhe don gheilleagar ciorclach nó don bhithgheilleagar agus a mhéadóidh iad a spreagadh agus a chur chun cinn chun forbairt gheilleagrach tuaithe agus uirbeach ar bheagán carbóin a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM | LEADER, Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ), Fiontraíocht Éireann | Gearrthéarma (2024) | Líon tionscadal arna dtabhairt fúthu |
| Gníomh 1.3.3 | Gnólachtaí i gContae na Mí atá ag baint tairbhe as an nGeilleagar Glas nó á chur chun cinn a chur os comhair an phobail. Gnólachtaí a ghlacann le hinbhuanaitheacht agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don aeráid ina gcuid córas agus a gcuid próiseas a chur os comhair an phobail agus tacaíocht a thabhairt dóibh. | OFÁ | Gníomhú ar son na hAeráide ag CCM, LEADER, Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Gearrthéarma (2024) | Líon modhanna le gnólachtaí a chur os comhair an phobail arna gcur ar taifead |

| CUSPÓIR | CFEI 1.4 Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú i mbeartas agus i gcleachtas. | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 1.4.1 | Úsáid na SFInna a nascadh le cláir deontas chun críocha tuilleadh eolais a fháil ar na SFInna. | CCM, LRP | Grúpaí pobail | Gearrthéarma (2024) | SFInna arna nascadh go rathúil le cláir deontas. Cláir deontas ina n-úsáidtear SFInna mar chuid dá gcritéir dhámhachtana |

## 7.2 SPRIOC 2: Contae nasctha agus inrochtana

**6, 7, 11, 12, 13, 14 & 15**

Tá naisc mhaithe bóithre idir an Mhí agus contaetha eile ar fud na hÉireann agus tá roinnt Bóithre Náisiúnta sa chontae. Bhí cónaí ar níos mó na leath de phobal na Mí 5km nó níos lú ná sin ó phríomhbhóthar náisiúnta nó bóthar den dara grád.

Braitheann daoine sa Mhí go mór ar an gcóras bóithre i gcomhair taisteal laistigh den Chontae freisin. Gné uathúil den fhostaíocht sa Mhí is ea an ráta ard comaitéireachta agus bíonn níos mó ná leath dá n-oibrithe ag comaitéireacht chuig post lasmuigh den Chontae.

Tá spleáchas fíor-ard ar ghluaisteáin sa chontae agus bhí na rátaí comaitéireachta chun na hoibre ar iompar poiblí nó iompar gníomhach (de shiúl na gcos nó ar rothar) ní b'ísle ná na rátaí don Stát. Tugadh le fios sa chomhairliúchán gur mhaith le rannpháirtithe go méadófaí iompar poiblí, busanna agus traenacha san áireamh, agus bonneagar siúil agus rothaíochta. Tá na tosaíochtaí seo ag teacht le Plean Forbartha Contae na Mí, inar sainaithníodh cuspóirí a bhaineann le hiompar gníomhach agus iompar poiblí a spreagadh agus a éascú. De réir an chomhairliúcháin phoiblí, bhí tábhacht ar leith le nascacht laistigh den chontae, agus luaigh rannpháirtithe go raibh easpa cóngaracht agus roghanna teoranta iompair mar bhacainní ó thaobh rochtain a fháil ar thacaíochtaí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí áineasa laistigh den Chontae. Dá réir sin, tá sé mar aidhm ag na cuspóirí thíos go mbeadh nascacht sa Mhí idir pobail agus go mbeadh rochtain acu ar a chéile.

Tá na cuspóirí seo mar thaca ag Bunphrionsabail an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus na Deise Geilleagraí a achoimrítear sa SSER, lena n-áirítear CSRanna maidir le Pobail Shláintiúla (CSR 4), Iompar agus Talamhúsáid a Chomhtháthú (CSR 6), agus Nascacht Straitéiseach Feabhsaithe (CSR 15). Lena chois sin, tá na spriocanna mar thaca ag CBRanna, lena n-áirítear CBR 9.10 maidir le roghanna iompair inbhuanaithe a spreagadh (siúl agus rothaíocht), CBR 4.57 maidir leis an turasóireacht agus CBR 8.1 maidir le pleanáil iompair agus talamhúsáide a chomhtháthú. Tá na cuspóirí a liostaítear thuas mar thaca ag na Treoirphrionsabail freisin chun Talamhúsáid agus Iompar a chomhtháthú, mar a achoimrítear sa SSER.



| Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) | |
|---|---|
| **CPI 2.1** | Tacú le gréasáin iompartha poiblí nasctha agus comhtháite laistigh de cheantair uirbeacha agus thuaithe agus eatarthu |
| **CPI 2.2** | Iompar gníomhach a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó (rothaíocht agus siúl) |
| **CPI 2.3** | An t-aistriú chuig patrúin iompair níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn |
| **CPI 2.4** | Tacú le rochtain chothrom ar an idirlíon agus le scileanna digiteacha |

## Sprioc 2: Contae nasctha agus inrochtana

| CUSPÓIR | CPI 2.1 Tacú le gréasáin iompartha poiblí nasctha agus comhtháite laistigh de cheantair uirbeach agus thuaithe agus eatarthu | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 2.1.1 | Tionscnaimh iompair chomhroinnte agus pobail a leathnú amach. | Iompar CCM/ an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) | Flexibus na Mí, cuideachtaí iompair agus daoine eile is ábhartha | Gearrthéarma (2024) | Líon bealaí nua/méadú ar an líon reatha |
| Gníomh 2.1.2 | Saincheisteanna a bhaineann le drochiompar poiblí a shainaithint, aird a tharraingt orthu agus aghaidh a thabhairt orthu, agus feabhas suntasach a chur ar an mbonneagar agus ar an rochtain don phobal. | Iompar CCM/ÚNI | Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach na Mí, Flexibus na Mí, cuideachtaí iompair agus daoine eile is | Meántéarma - Fadtéarma | Líon saincheisteanna a sainaithníodh ar tugadh aghaidh orthu, agus bonneagar feabhsuithe mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí |
| Gníomh 2.1.3 | Tacú le Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sa Mhí, go háirithe leis an mbeart RAIL4 maidir le líne iarnróid san Uaimh. Cé gurb é 2031-2036 an dáta tosaithe a bhfuiltear ag súil leis, d'fhéadfadh deis a bheith ann suirbhéanna réamhfhorbartha agus gníomhartha tacaíochta eile a imscrúdú | Iompar CCM/ÚNI | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Fadtéarma, leanúnach | Foireann deartha arna ceapadh, Suirbhéanna Réamhfhorbartha arna n-imscrúdú agus arna bplé, pleanáil arna doiciméadú |
| Gníomh 2.1.4 | Tacú le bonneagar bóithre a sholáthar chun tailte straitéiseacha cónaithe agus fostaíochta a fhuascailt i gcomhair forbairt inbhuanaithe agus chun nascacht agus gluaiseacht éifeachtúil daoine agus seirbhísí sa bhaile a fheabhsú. | Iompar CCM | An Roinn Iompair, úinéirí talún, Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Meántéarma - Fadtéarma | Líon bealaí nua/méadú ar an líon reatha |
| Gníomh 2.1.5 | Acomhal Bus na hUaimhe a chríochnú ar Bhóthar Uí Chinnéide san Uaimh. | Iompar - ATO | ÚNI | Gearrthéarma | Tionscadal arna chríochnú |
| Gníomh 2.1.6 | Páirceáil agus Taisteal nua a thógáil ag Crois Ghearla agus ag Fearann an Mhóta san Uaimh | Iompar - ATO | ÚNI | leanúnach (2024) | Páirceáil agus Taisteal arna chríochnú |
| Gníomh 2.1.7 | Comhoibriú le hoifig Páirceála agus Taistil an ÚNI chun faomhadh reachtúil a fhorbairt agus a fháil i gcomhair Páirceáil agus Taisteal ina bhfuil 350 spás ó dheas ó Chill Dhéagláin. | ÚNI | Iompar - ATO, Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Meántéarma - Fadtéarma | Faomhadh reachtúil i bhfeidhm |
| Gníomh 2.1.8 | Clár feabhsuithe ar stadanna bus, scáthláin bus agus stadanna inrochtana a sholáthar. | Iompar - ATO | ÚNI | Gearrthéarma (2024) | Líon saincheisteanna a sainaithníodh ar tugadh aghaidh orthu, agus bonneagar feabhsuithe mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí. |

| CUSPÓIR | CPI 2.2 Iompar gníomhach a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó (rothaíocht agus siúl) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 2.2.1 | Staidéir insiúltachta a dhéanamh chun feasacht agus rochtain ar sheirbhísí áitiúla a mhéadú do dhaoine scothaosta. | Aoisbhá na Mí | | Gearrthéarma | Líon staidéar insiúltachta arna ndéanamh - 1 cheann in aghaidh na bliana |
| Gníomh 2.2.2 | An líon spásanna páirceála aoisbháúla arna mhéadú, riachtanais áitiúla arna sainaithint, etc. | Aoisbhá na Mí | | Gearrthéarma (2024) | An líon spásanna arna soláthar |
| Gníomh 2.2.3 | Tacú le Glasbhealach na Bóinne a shíneadh chun an Uaimh a áireamh le roghanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn mar shócmhainn áineasa don bhaile. | Iompar CCM | Dul i gcomhairle le hIompar, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | Fadtéarma | Glasbhealach arna shíneadh |
| Gníomh 2.2.4 | Glasbhealach 30km a thógáil idir an Uaimh agus Dún an Rí feadh na líne iarnróid atá as úsáid | Iompar CCM | Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, CIÉ | Ráithe 4, 2023 | Construction complete and Greenway open |
| Gníomh 2.2.5 | Tástálacha a dhéanamh ar scéimeanna rothar ar cíos san Uaimh agus i gCill Dhéagláin. | CCM - ATO | Soláthraithe rothar ar cíos | Ráithe 2, 2024 | Úsáid bealaí arna cur ar taifead |
| Gníomh 2.2.6 | Faomhadh reachtúil a fháil i gcomhair glasbhealach feadh na Bóinne idir an Uaimh agus Teach an tSeandroichid. | Iompar CCM | Bonneagar Iompair Éireann, an Roinn Iompair, Oifig na nOibreacha Poiblí, An Taisce, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | Ráithe 4, 2025 | Faomhadh reachtúil i bhfeidhm |
| Gníomh 2.2.7 | Tógáil na scéime feabhsúcháin do choisithe agus rothaithe ar an R125 agus an R155 a chríochnú i Ráth Tó. | CCM - ATO | ÚNI | Ráithe 4, 2023 - Gearrthéarma (2024) | Tógáil arna cur i gcrích agus í i seirbhís. |
| Gníomh 2.2.8 | Faomhadh reachtúil a fhorbairt agus a fháil i gcomhair feabhsuithe do choisithe agus rothaithe i nDún Búinne. | ATO | ÚNI, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | Ráithe 4, 2024 | An rogha is fearr le daoine arna foilsiú agus an t-iarratas pleanála arna chur isteach |
| Gníomh 2.2.9 | Soláthar páirceála breise rothar a éascú ar fud an chontae | CCM - ATO | Comhlachas tráchtála; Scoileanna, Coláistí, Saoráidí Spóirt, Clubanna Spóirt | Gearrthéarma - Meántéarma (2024) | Líon saoráidí nua páirceála rothar arna suiteáil. |
| Gníomh 2.2.10 | Scéimeanna rothaíochta a chríochnú san Uaimh ar Bhóthar Bhaile Átha Troim, ar an gCuarbhóthar agus ar an R147 (Droichead Naomh Marta go dtí an Cuarbhóthar). | CCM - ATO | ÚNI | Ráithe 4, 2025 | Tógáil arna críochnú. |

| CUSPÓIR | CFEI 2.3 An t-aistriú chuig patrúin iompair níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 2.3.1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht ar iompar poiblí, go háirithe ar stadanna. | Iompar CCM | Flexibus / ÚNI | Fadtéarma - Leanúnach | Iniúchadh Inrochtaineachta ar Iompar Poiblí arna chríochnú |
| Gníomh 2.3.2 | Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí | Iompar CCM | ÚNI; Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | Fadtéarma - Leanúnach | Féach Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath |

| CUSPÓIR | CFEI 2.4 Tacú le rochtain chothrom ar an idirlíon agus le scileanna digiteacha | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 2.4.1 | Ceardlanna/cruinnithe faisnéise a sholáthar ar uirlisí agus tacaíochtaí digiteacha trí ghrúpaí pobail, lena n-áirítear grúpaí Aoisbhá, Cultúir, Slándála Tí agus Cibearshlándála. | Oifigeach Leathanbhanda | LRP, Comhaontas Aoisbhá | Meántéarma | Líon ceardlann/cruinnithe faisnéise arna soláthar; Líon |
| Gníomh 2.4.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Straitéis Dhigiteach na Mí agus tacaíocht a thabhairt di. | Oifigeach Leathanbhanda/ HIS/ Leathanbhanda | Coiste Stiúrtha, CCM | Meántéarma | Straitéis arna seoladh agus sprioc arna baint amach de réir na straitéise |
| Gníomh 2.4.3 | Tionscnaimh a fhorbairt chun bochtaineacht dhigiteach a laghdú agus rochtain chuimsitheach ar theicneolaíocht a chur chun cinn. | Oifigeach Leathanbhanda | Pleanáil CCM, Iompar, Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (LNÉ), Ceardlann na hUaimhe don Lucht Siúil, LRP | Fadtéarma - Leanúnach | Tionscnaimh arna bhforbairt agus arna soláthar; straitéis arna cur i bhfeidhm |
| Gníomh 2.4.4 | Straitéis Mol a fhorbairt chun forbairt mol nua a chothú agus moil atá ann cheana féin a chur chun cinn i gcomhair obair phobail agus cianoibre. | Fiontraíocht na Mí | Oifigeach Leathanbhanda CCM | Gearrthéarma (2024) | Straitéis Mol arna forbairt; straitéis arna cur i bhfeidhm |

## 7.3 Sprioc 3: Contae folláin agus bisiúil

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS 2, 3 & 10

Tá daonra na Mí óg agus measartha sláintiúil agus tá sé ag dul i méid go tapa. Cé gur léiríodh san anailís ar shonraí go bhfuil cónaitheoirí cóngarach do sheirbhísí sláinte, léiríodh sa chomhairliúchán poiblí gur minic nach mbíonn spás ag dochtúirí ginearálta d'othair nua, agus tá liostaí feithimh fada ann i gcomhair seirbhísí sláinte coirp agus meabhrach. Tá roinnt tionscnamh agus straitéisí ag an Mí atá dírithe ar shláinte agus folláine a fheabhsú agus ar thacaíocht a thabhairt dóibh ar fud an Chontae, lena n-áirítear Straitéis na Mí Sláintiúla, 2023-2025. Éascaíonn Comhpháirtíocht Spóirt na Mí cláir agus imeachtaí ionas go mbeidh "níos mó daoine níos gníomhaí níos minice". Tugadh le tuiscint sa chomhairliúchán poiblí gur mhaith le rannpháirtithe go laghdófaí bacainní ar rochtain ar sheirbhísí sláinte coirp agus meabhrach, lena n-áirítear costas, cóngaracht agus stiogma. Bhí dóchas ag rannpháirtithe freisin go méadófaí rochtain ar ranganna corpacmhainne, imeachtaí agus ballraíocht in ionaid aclaíochta, agus luaigh siad go bhfuil dlúthcheangal idir sláinte choirp agus sláinte mheabhrach chun críocha folláine a bhaint amach.

Tugadh le tuiscint san anailís ar an mbonn fianaise gur contae measartha sábháilte í an Mhí agus gur tháinig laghdú ar an líon cionta coiriúla idir 2019-2022. Tá Comhchoiste Póilíneachta na Mí lonnaithe sa chontae, ar a bhfuil baill de Chomhairle Contae na Mí agus den Gharda Síochána. D'fhorbair an Comhchoiste Póilíneachta Plean Straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta na Mí, 2021-2026, agus tá sé ag leanúint dá chur i bhfeidhm. Eochairthosaíocht ab ea an tsábháilteacht do rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Tugadh le fios sa chomhairliúchán gur bhraith rannpháirtithe go bhféadfaí sábháilteacht a fheabhsú trí láithreacht infheicthe na ngardaí a mhéadú, soilsiú poiblí, cothabháil ríochta poiblí, tacaíochtaí a mhéadú maidir le mí-úsáid alcóil agus substaintí, agus leanúint d'iarrachtaí gníomhaíocht fhrithshóisialta a laghdú.



Chun na láidreachtaí seo a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus deiseanna a chruthú sa todhchaí, leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhartha thíos atá dírithe ar Chontae sábháilte, sláintiúil agus bisiúil mar sprioc fhoriomlán.

Tá na cuspóirí seo mar thaca ag Bunphrionsabal na Comhfhorbartha Áite Sláintiúla a achoimrítear san SSER, lena n-áirítear an CSR maidir le Pobail Shláintiúla (CSR 4). Léirítear iontu freisin go bhfuil siad ag teacht le CBRanna amhail CBR 9.13 maidir le forbairtí nua bonneagair shóisialta a bheith inrochtana agus ionchuimsitheach go réimse úsáideoirí agus CBR 9.16 maidir le tacaíochtaí do bheartais sláinte poiblí. Sna cuspóirí sa liosta thuas, tacaítear chomh maith leis na Treoirphrionsabail chun spásanna sláintiúla agus tarraingteacha a chruthú mar a shonraítear i Mír 9.4 den SSER.

| Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) | |
|---|---|
| **CPI 3.1** | Torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú |
| **CPI 3.2** | Tacú le tithíocht agus dídean leordhóthanach a sholáthar |
| **CPI 3.3** | Tacú le freagairtí réamhghníomhacha do riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn agus atá práinneach |
| **CPI 3.4** | Cuir le braistintí agus taithí ar shábháilteacht sa phobal |
| **CPI 3.5** | Cuir le rannpháirtíocht san áineas, sa spórt agus san fhóillíocht |
| **CPI 3.6** | Tacú le tacaíochtaí sláinte pobail a sholáthar |

## Sprioc 3: Contae folláin agus bisiúil

| CUSPÓIR | CPI 3.1 Torthaí sláinte agus folláine a fheabhsú | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 3.1.1 | Tacú le béim níos mó a chur ar idirghabháil luath chun tacaíocht a thabhairt do leanaí óga. | Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Tusla, Coiste Cúraim Leanaí na Mí, an Garda Síochána | Gearrthéarma (2024) | Pointí béime arna sainaithint agus arna gcur i bhfeidhm. |
| Gníomh 3.1.2 | Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí le cúrsaí sláinte agus folláine pobail a reáchtáil agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais chlárúcháin na gcúrsaí seo. | BOOLM | LRP (i gcomhair cur chun cinn) | Gearrthéarma (2024) | Riachtanais chlárúcháin arna nuashonrú agus cúrsaí arna gcríochnú |
| Gníomh 3.1.3 | Tacú le hócáidí reathaíochta agus siúil a fhorbairt i bpáirceanna (an Abhainn Dhubh a luadh go háirithe). | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí | pobail áitiúla, LRP | Gearrthéarma (2024) | Líon ócáidí reathaíochta agus siúil arna bhforbairt i bpáirceanna |
| Gníomh 3.1.4 | Eolas agus ceardlanna a chruthú agus a dháileadh chun meabhairshláinte dhearfach don óige a chur chun cinn. | Jigsaw | Dul i gcomhairle le Jigsaw | Gearrthéarma (2024) | Leibhéal eolais arna dháileadh agus líon ceardlann arna bhforbairt agus arna soláthar |
| Gníomh 3.1.5 | Clár cóitseála maidir le meabhairshláinte dhearfach a fhorbairt chun feasacht ar shaincheisteanna agus ar straitéisí chun déileáil le dúshláin a spreagadh. | Jigsaw | EAA, dul i gcomhairle le Jigsaw | Gearrthéarma (2024) | Clár cóitseála arna fhorbairt agus arna soláthar |
| Gníomh 3.1.6 | Tacú le 'Líonra Folláine na Mí' a fhorbairt chun feasacht a spreagadh agus eolas a sholáthar ar thacaíochtaí maidir le meabhairshláinte dhearfach ar fáil sa Chontae | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | SOSAD | Gearrthéarma (2024) | Líonra arna bhunú |
| Gníomh 3.1.7 | Tacú le cláir, ceardlanna agus imeachtaí le feasacht a spreagadh maidir le meabhairshláinte dhearfach agus iad a chur chun cinn, agus teacht aniar an phobail a chothú i measc spriocghrúpaí. | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | FSS | Gearrthéarma (2024) | Líon clár, ceardlann nó imeachtaí arna soláthar; spriocghrúpaí páirteacha |
| Gníomh 3.1.8 | Tacú le cláir Ealaíon agus Sláinte a chur i bhfeidhm ina bhfuil béim ar an tsláinte agus ar an bhfolláine. | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | Oifig Ealaíon na Mí, Leabharlanna | Gearrthéarma (2024) | Líon clár ealaíon agus sláinte arna soláthar |
| Gníomh 3.1.9 | Tacú le Plean nuashonraithe don Mhí Shláintiúil, 2023-2025, a chur i bhfeidhm. | CCM | FSS/LRP/Jigsaw/Foroige | Gearrthéarma (2024) | Líon gníomhartha arna gcur i bhfeidhm don Mhí Shláintiúil |

| CUSPÓIR | CPI 3.2 Tacú le tithíocht agus dídean leordhóthanach a sholáthar | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 3.2.1 | Dul chun cinn a dhéanamh i bhforbairt an tearmainn nua do mhná agus leanaí a bhfuil taithí acu ar Sheirbhísí um Fhoréigean Baile, Foréigean Gnéis agus Foréigean Bunaithe ar an Inscne. | Tearmann na Mí do Mhná agus Seirbhísí Tacaíochta | Tithíocht CCM, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, FSS | Meántéarma | Coiste arna cheapadh |
| Gníomh 3.2.2 | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht Cóiríocht Céim Síos a sholáthar do mhná agus leanaí a bhfuil taithí acu ar Sheirbhísí um Fhoréigean Baile, Foréigean Gnéis agus Foréigean Bunaithe ar an Inscne. | Tearmann na Mí do Mhná agus Seirbhísí Tacaíochta | Tithíocht Chomhairle Contae na Mí, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Meántéarma - Fadtéarma | Athbhreithniú arna chríochnú; tuairisc arna heisiúint |
| Gníomh 3.2.3 | Soláthar tithíochta sóisialta agus tithíochta inacmhainne a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Gníomhaithe um Sholáthar Tithíochta. | Tithíocht CCM | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, oifig comhordúcháin Soláthair Tithíochta na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, FSS | Meántéarma / Fadtréimhse | Líon aonad tithíochta sóisialta/inacmhainne arna soláthar |
| Gníomh 3.2.4 | Leanúint den fhreastal ar riachtanais na ndaoine atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean trí acmhainn bhreise a sholáthar; spriocanna bliantúla Tithíocht ar dTús agus Aimsitheoir Áite ÍCT a bhaint amach; athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaithe reatha do Dhaoine gan Dídean Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus glacadh le plean nua ina áit in 2024. | Foireann Lonnaíochta Tithíochta CCM | Comhpháirtithe réigiúnacha; Foireann Gníomhaíochta Tithíochta; Soláthraithe Seirbhíse | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Féach spriocanna Tithíocht ar dTús agus cuspóirí Phlean Gníomhaithe do Dhaoine gan Dídean Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre |
| Gníomh 3.2.5 | Leanúint den obair chun na spriocanna tithíochta arna leagan amach i Straitéis na Mí um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh | Tithíocht CCM | Grúpa Stiúrtha Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, FSS | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Líon aonad tithíochta inrochtana arna soláthar |
| Gníomh 3.2.6 | Leanúint den obair chun na spriocanna tithíochta arna leagan amach i bPlean na Mí um Chóiríocht do Thaistealaithe a chomhlíonadh | Tithíocht CCM | An Coiste um Chóiríocht do Thaistealaithe Áitiúla, FSS | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Líon aonad sonrach cóiríochta do Thaistealaithe arna soláthar |
| Gníomh 3.2.7 | Soláthar cóiríochta a spreagadh i gcomhair coigeartú méide laistigh den earnáil phoiblí agus den earnáil phríobháideach | CCM | Pleanáil CCM, Comhairleoir Teicneolaíochta Aoisbhá | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Prionsabail arna nglacadh leo i mbeartas |
| Gníomh 3.2.8 | Láithreáin fholmha a d'fhéadfaí a fhorbairt i gcomhair tithíochta a shainaithint mar scéimeanna tithíochta (sóisialta agus príobháideacha) lena n-áirítear Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a úsáid i gcás inar cuí. | Foireann Lár Bailte ar dTús CCM, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | Foirne Bailte, Tithíocht CCM | Meántéarma | Líon láithreán arna sainaithint; líon láithreán arna gcur ar aghaidh lena bhforbairt |
| Gníomh 3.2.9 | Leathadh amach Chlár Sláintecare um Thithe Sláintiúla Aoisbhháula a chur chun cinn sa Mhí. | Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann | FSS, AFA, Comhairle na nDaoine Scothaosta, Baill Thofa | Meántéarma/ Fadtéarma | Feachtas feasachta arna reáchtáil; spriocanna arna mbaint amach maidir le Tithe Sláintiúla Aoisbháula Sláintecare |

| CUSPÓIR | CPI 3.3 Tacú le freagairtí réamhghníomhacha do riachtanais áitiúla atá ag teacht chun cinn agus atá práinneach | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 3.3.1 | Acmhainní a chur ar fáil do thionscadal slógtha pobail chun oideachas a chur ar dhaoine maidir le Seirbhísí um Fhoréigean Baile, Foréigean Gnéis agus Foréigean Bunaithe ar an Inscne agus na hacmhainní sin a leathadh amach. | Tearmann agus Seirbhísí Tacaíochta na Mí do Mhná | Tearmann agus Seirbhísí Tacaíochta na Mí do Mhná, áirítear leis an ngrúpa bainistíochta páirtithe leasmhara an earnáil C+V, CCM, an Roinn Dlí agus Cirt | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Líon daoine ag freastal ar chláir oideachais/ ag glacadh páirte iontu |
| Gníomh 3.3.2 | Tacú le hospidéal réigiúnach a fhorbairt chun freastal ar oirthuaisceart na tíre. | FSS, an Roinn Sláinte | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Fadtéarma | |
| Gníomh 3.3.3 | Cláir um Chúram Pobail Feabhsaithe agus um Chúram Sláinte Feabhsaithe a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. | FSS | CCM | Gearrthéarma - Fadtéarma | Líon daoine ag baint leas as Cláir um Chúram Pobail Feabhsaithe |

| CUSPÓIR | CPI 3.4 Cuir le braistintí agus taithí ar shábháilteacht sa phobal | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 3.4.1 | Feasacht a mhéadú ar an ngá le héagsúlacht i mBallraíocht an Chomhchoiste Póilíneachta. | An Comhchoiste Póilíneachta | LRP | Gearrthéarma (2024) | Líon pobal a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an gComhchoiste Póilíneachta. |
| Gníomh 3.4.2 | Prótacal a fhorbairt mar fhreagairt ar theagmhais chriticiúla a bhaineann le daoine óga. | Coiste na Mí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga | Tusla; CCM; FSS; an Garda Síochána | Gearrthéarma (2024) | Prótacal éifeachtach arna fhorbairt agus arna nglacadh leis |
| Gníomh 3.4.3 | Tacú leis an bhfeachtas "Úsáid d'Inchinn seachas do Dhorn" a leathadh amach, lena gcuimsítear cód iompraíochta atá dírithe ar íde béil agus mí-úsáid chorpartha a laghdú ar pháirceanna imeartha. | AGS; Pobail áitiúla | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí | Meántéarma | Líon daoine a ghlacann páirt san fheachtas |
| Gníomh 3.4.4 | Bearta ábhartha arna leagan amach i bPlean Gníomhaithe Dhroichead Átha a chur i bhfeidhm, go háirithe i gCeantar Oirthear na Mí | CCM/CCL | Leabharlanna na Mí, | Gearrthéarma (2024) | Bearta arna soláthar |

| CUSPÓIR | CPI 3.5 Cuir le rannpháirtíocht san áineas, sa spórt agus san fhóillíocht | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 3.5.1 | Tacú le grúpa Dads and Lads a chur ar bun i gcomhair áineas spóirt neamhiomaíoch. | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí | Clubanna spóirt áitiúla, Sláinte Fir FSS | Gearrthéarma (2024) | Líon daoine ón bpobal ag freastal go rialta |
| Gníomh 3.5.2 | Tacú le grúpa Mothers and Others a chur ar bun i gcomhair áineas spóirt neamhiomaíoch. | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí | Clubanna spóirt áitiúla | Gearrthéarma (2024) | Líon daoine ón bpobal ag freastal go rialta |
| Gníomh 3.5.3 | Cuir le deiseanna páirt a ghlacadh i spórt, áineas agus gníomhaíocht coirp laistigh den Mhí. | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí | Oifigeach Forbartha Spóirt | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon ceantar ina a bhfuil deiseanna nua i gcomhair gníomhaíochtaí coirp |

| CUSPÓIR | CPI 3.6 Tacú le tacaíochtaí sláinte pobail a sholáthar | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 3.6.1 | Díriú ar eolas ar an tábhacht atá le nósanna maireachtála sláintiúla a fheabhsú agus scagthástáil a chur ar fáil chun an baol i leith galair neamhtheagmhálacha a laghdú i measc spriocghrúpaí na Mí Sláintiúla. | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | FSS, Obair Óige na hÉireann sa Mhí, LRP | Gearrthéarma - Fadtéarma (2024) | Táscairí sláinte feabhsaithe i spriocghrúpaí na Mí Sláintiúla |
| Gníomh 3.6.2 | Cur chuige comhpháirtíochta a úsáid chun feasacht a mhéadú agus eolas agus tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil do spriocghrúpaí na Mí Sláintiúla. | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | FSS, Obair Óige na hÉireann sa Mhí, LRP | Meántéarma - Gearrthéarma | Líon comhpháirtíochtaí arna gcur ar bun |
| Gníomh 3.6.3 | Meabhairshláinte dhearfach daoine aonair laistigh de spriocghrúpaí Éire na Sláinte a fheabhsú agus a choinneáil trí bhéim a chur ar thosca cosantacha chun folláine agus cáilíocht na beatha a fheabhsú. | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | FSS, Obair Óige na hÉireann sa Mhí, LRP | Meántéarma/ Fadtéarma | Táscairí meabhairshláinte feabhsaithe i measc na spriocghrúpaí |
| Gníomh 3.6.4 | Clár spriocdhírithe a sholáthar i gcomhair tacaíochtaí sláinte don lucht siúil | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | FSS, Obair Óige na hÉireann sa Mhí, LRP | Meántéarma | Clár arna fhorbairt agus líon pobal den lucht siúil páirteach |
| Gníomh 3.6.5 | Clár ilghnéitheach a sholáthar do dhaoine atá ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun nósanna maireachtála sláintiúla a fheabhsú. | Comhordaitheoir Éire na Sláinte | FSS, Obair Óige na hÉireann sa Mhí, LRP | Meántéarma | Líon pobal a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh dóibh |
| Gníomh 3.6.6 | Leanúint den fheachtas 'Not Around Us' ('Ní Timpeall Orainne') a chur chun cinn ar fud an chontae | Grúpaí spóirt pobail CCM, | LRP | Gearrthéarma - leanúnach | Líon clubanna agus tionscnamh tacaíochta breise |
| Gníomh 3.6.7 | Tacú le Straitéis Thascfhórsa Réigiúnach an Oirthuaiscirt um Dhrugaí agus Alcól | Tascfhórsa Réigiúnach an Oirthuaiscirt um Dhrugaí agus Alcól | FSS, CCM | Meántéarma | Clocha míle Thascfhórsa Réigiúnach an Oirthuaiscirt um Dhrugaí agus Alcól arna mbaint amach go héifeachtach |
| Gníomh 3.6.8 | Díriú ar fheabhas a chur ar eolas ar na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine faoi 18 mbliana a bhfuil deacrachtaí acu maidir le drugaí agus/nó alcól a úsáid agus ar na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí agus do theaghlaigh. | FSS | CCM, LRP | Gearrthéarma (2024) | Líon ceantar/teaghlach ag a bhfuil rochtain ar an eolas agus na seirbhísí |
| Gníomh 3.6.9 | Rochtain ar sheirbhísí cuí meabhairshláinte do dhaoine óga a mhéadú | FSS | CCM | Meántéarma | Líon seirbhísí éifeachtacha arna gcur ar fáil |
| Gníomh 3.6.10 | Tacú níos mó le tacaíochtaí agus seirbhísí d'andúiligh | FSS | CCM | Meántéarma | Líon seirbhísí éifeachtacha arna gcur ar fáil |
| Gníomh 3.6.11 | Tacú le soláthar Straitéis Éire na Sláinte 2023 sa Mhí agus an soláthar sin a éascú | FSS | CCM | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Féach na spriocanna i Straitéis na Mí Sláintiúla |

## 7.4 Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS 6, 7, 11, 12, 13, 14 & 15

Tá líonra láidir soláthraithe seirbhíse sa Mhí, agus tá os cionn 450 eagraíocht agus grúpa cláraithe mar bhaill den Líonra Rannpháirtíochta Pobail. Tá roinnt samplaí de chuir chuige chomhoibríocha ann maidir le forbairt gheilleagrach agus pobail, lena n-áirítear an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (ar a bhfuil 51% den bhallraíocht neamhreachtúil agus 49% reachtúil) agus Comhchoiste Póilíneachta na Mí (comhpháirtíocht idir Comhairle Contae na Mí, ionadaithe pobail agus an Garda Síochána).

Tugadh le fios sa chomhairliúchán poiblí go mbeadh idir eagraíochtaí agus bhaill den phobal sásta leanúint de chuir chuige chomhoibríocha maidir le forbairt agus lena méadú. Mhol rannpháirtithe a bhí mar ionadaithe don earnáil ghnó go méadófaí deiseanna líonraithe dóibh siúd a bhfuil baint acu le gnólachtaí áitiúla, agus luaigh baill den phobal go bhfuil tábhacht le cumarsáid shoiléir ó sholáthraithe seirbhísí maidir leis na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil. Thug soláthraithe seirbhísí le fios, dá réir sin, go dtiocfadh feabhas ar sholáthar seirbhísí trí chumarsáid shoiléir ón údarás áitiúil lena gcuid eagraíochtaí agus trí líonrú idir iad féin agus gníomhaireachtaí eile reachtúla agus deonacha. Dá réir sin, leagtar amach na cuspóirí thíos chun an sprioc fhoriomlán maidir le contae ina n-oibríonn daoine le chéile a bhaint amach.

Tá na cuspóirí seo mar thaca ag Bunphrionsabail na Deise Geilleagraí agus na Comhfhorbartha Áite a achoimrítear san SSER, lena n-áirítear an CSR maidir le hArdán Comhoibríoch (CSR 16). Léirítear leo comhsheasmhacht le réimse CBRanna, lena n-áirítear CBR 6.25 agus CBR 6.26 i dtaca le comhoibriú le soláthraithe oideachais agus tionscail agus gníomhaireachtaí taighde maidir le scileanna agus dul chun cinn nuálaíochta.



| Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) | |
|---|---|
| CPI 4.1 | Cuir chuige idirghníomhaireachta agus chomhoibríocha san earnáil phoiblí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh |
| CPI 4.2 | Tacú le hacmhainn inmheánach don PÁEP agus don CFPÁ |
| CPI 4.3 | Rannpháirtíocht saoránach a spreagadh, lena n-áirítear próisis dhaonlathacha na gcónaitheoirí agus na bpobal ar fad |
| CPI 4.4 | Cur chuige comhtháite maidir le soláthar faisnéise sa phobal a chumasú |
| CFE 4.5 | Líonraí níos láidre a chruthú i measc gníomhaireachtaí agus fiontair ríthábhachtacha |

## Sprioc 4: Contae ina n-oibríonn daoine le chéile chun an leas coiteann a bhaint amach

| CUSPÓIR | CPI 4.1 Cuir chuige idirghníomhaireachta agus chomhoibríocha san earnáil phoiblí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 4.1.1 | Leanúint den rannpháirtíocht le Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae Chill Dara chun Comhphlean Ceantair Uirbigh Dhroichead Átha agus Comhphlean Ceantair Uirbigh Mhaigh Nuad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Comhairle Contae Lú; Comhairle Contae Chill Dara | Gearrthéarma (2024) | Pleananna arna gcríochnú agus arna bhfoilsiú |
| CUSPÓIR | CPI 4.2 Tacú le hacmhainn inmheánach don PÁEP agus don CFPÁ | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 4.2.1 | Tairseach idirghníomhach ar líne a chruthú lena chinntiú go gcuirfear gníomhartha agus tionscadail an PÁEP chun cinn, go mbeidh siad infheicthe agus go mbeidh na torthaí/an dul chun cinn ar fáil i gcomhair athbhreithniú leanúnach agus monatóireacht leanúnach. | An Coiste Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁ) | | Gearrthéarma (2024) | Tairseach ar líne arna cruthú agus í ar fáil |
| Gníomh 4.2.2 | Líonraí reatha na gCoistí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga a neartú i measc príomhghníomhaireachtaí agus príomhfhiontar. | Coiste na Mí um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga | TUSLA, FSS, GACPAT | Meántéarma - leanúnach | Comhpháirtíochtaí arna gcur ar bun |
| Gníomh 4.2.3 | Athbhreithniú leathbhliantúil ar dhul chun cinn an PÁEP a chinntiú. | CFPÁnna | | Gearrthéarma (2024) | Athbhreithnithe arna bhfoilsiú |
| Gníomh 4.2.4 | Tabhairt faoi fhorbairt na bpleananna cur chun feidhme don PÁEP gach re bliain. | CFPÁnna | | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Pleananna arna bhfoilsiú |
| Gníomh 4.2.5 | A chinntiú go mbeidh na pleananna ar fad sa todhchaí ailínithe lena chéile agus iad comhtháite leis an PÁEP. | CFPÁnna | | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon pleananna ailínithe arna bhfoilsiú |
| CUSPÓIR | CPI 4.3 Rannpháirtíocht saoránach a spreagadh, lena n-áirítear próisis dhaonlathacha na gcónaitheoirí agus na bpobal ar fad | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 4.3.1 | Ionadaíocht pobal inimirceach a spreagadh ag CCM agus i struchtúir eile chinnteoireachta. | An Fóram um Imeascadh Imirceach | CCM, CCL, FSS | Gearrthéarma (2024) | Líon pobal a ndéantar ionadaíocht dóibh i ngrúpaí cinnteoireachta |
| Gníomh 4.3.2 | A chinntiú go mbeidh eolas ar thoghcháin ar fáil i roinnt teangacha agus spreagadh a thabhairt do pháirtithe polaitíochta déanamh amhlaidh. | An Fóram um Imeascadh Imirceach | CCM, CCL | Gearrthéarma - Meántéarma (2024) | Líon teangacha ina bhfuil eolas ar thoghcháin ar fáil |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh 4.3.4 | A chinntiú go mbeidh an t-eolas a theastaíonn ó gach pobal acu chun clárú do thoghcháin agus vótáil iontu. | CCM | Ionad Imirceach Cultúr | Gearrthéarma (2024) | Líon pobal ar tugadh eolas dóibh |
| Gníomh 4.3.5 | Clár um Oideachas ar Fheasacht Idirchultúrtha a chur chun cinn. | Ionad Imirceach Cultúr | FSS | Gearrthéarma/ Meántéarma (2024) | Líon daoine a chríochnaigh an clár oideachais |
| Gníomh 4.3.6 | Iniúchtaí a úsáid chun spriocanna, amlínte agus éagsúlacht mhéadaithe a chruthú ar fud na heagraíochta. | Leabharlanna | | Meántéarma | Líon spriocanna arna sainaithint agus arna gcríochnú |
| Gníomh 4.3.7 | Infheictheacht daoine ó ghrúpaí mionlach ar fostaithe nó ceannairí iad cheana féin a chur chun cinn trí ionchuimsiú spriocdhírithe in imeachtaí, leabharlanna agus ábhair bholscaireachta an Údaráis Áitiúil | CCM, Leabharlanna | | Meántéarma | Líon pobal páirteach |
| CUSPÓIR | CPI 4.4 Cur chuige comhtháite maidir le soláthar faisnéise sa phobal a chumasú | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 4.4.1 | CFPÁ ag roinnt eolais laistigh de na hearnálacha éagsúla, agus eatarthu, a bhfuil baint acu leis an PÁEP a chur i bhfeidhm, fiontair shóisialta san áireamh | CFPÁnna | | Gearrthéarma (2024) | Líon comhpháirtíochtaí arna gcur ar bun |
| Gníomh 4.4.2 | Tuilleadh feasachta a chruthú ar nuachtlitir an líonra oideachais agus oiliúna. | BOOLM | LRP na Mí, CCM | Gearrthéarma (2024) | Feachtas feasachta arna sheoladh |
| Gníomh 4.4.3 | Feasacht ar ionadaíocht mhéadaithe do dhaoine scothaosta sa chinnteoireacht agus sa rannpháirtíocht phoiblí a spreagadh trí Chomhairle na nDaoine Scothaosta. | Aoisbhá na Mí | Aoisbhá Éireann, an Comhaontas Aoisbhá, Third Age, FSS | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon ball ar Chomhairle na nDaoine Scothaosta; líon rannpháirtithe scothaosta ar Chomhairle na nDaoine Scothaosta agus ag imeachtaí poiblí |
| Gníomh 4.4.4 | A chinntiú go soláthrófar eolas i réimse teangacha éagsúla i bhfoirm chló agus fuaime. | CFPÁnna | An Fóram um Fhaisnéis d'Imircigh, CCM, Leabharlanna, Ceardlann na Mí don lucht siúil | Meántéarma , Leanúnach (2024) | Eolas/acmhainní pobail nó údaráis áitiúil arna bhforbairt i dteangacha agus i bhfoirmeacha éagsúla |
| CUSPÓIR | CFEI 4.5 Líonraí níos láidre a chruthú i measc gníomhaireachtaí agus fiontair ríthábhachtacha | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 4.5.1 | Fóram Eacnamaíoch na Mí a athbhunú | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Ceannairí gnó agus pobail | Gearrthéarma | Fóram arna athbhunú |
| Gníomh 4.5.2 | Tacú leis an gConair Gheilleagrach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a chur i bhfeidhm agus deiseanna a threisiú | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Fadtéarma | Feachtas feasachta arna sheoladh; Líon cuairteoirí/ síntiúsóirí leis an nuachtlitir |
| Gníomh 4.5.3 | Líonraí Mná sa Ghnó a chur chun cinn | OFÁ | | Gearrthéarma (2024) | Méadú sa bhallraíocht a thomhas |
| Gníomh 4.5.4 | Forbairt nasc pobail agus gnó thuaidh/theas a spreagadh | Rannán Eacnamaíoch na Mí, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | Idir-Thrádáil Éireann, Ciste an Oileáin Chomhroinnte | Gearrthéarma (2024) | Eolas/acmhainní pobail nó údaráis áitiúil arna bhforbairt i dteangacha agus i bhfoirmeacha éagsúla |

## 7.5 SPRIOC 5: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS 6, 7, 11, 12, 13, 14 & 15

Tá saibhreas oidhreachta cultúrtha sa Mhí, agus tá dlúthbhaint aige seo le féiniúlacht an Chontae agus lena chuid cónaitheoirí. Tá níos mó ná 3,000 séadchomhartha agus láithreán oidhreachta sa Mhí, lena n-áirítear Brú na Bóinne, atá ar cheann den dá Láithreán Oidhreachta Domhanda de chuid EOECNA in Éirinn. Tá réimse taitneamhachtaí turasóireachta sa Chontae freisin, lena n-áirítear Emerald Park (Tayto Park tráth), Avoca, agus Boyne Valley Food, ceann scríbe náisiúnta bia.

Tá os cionn 20 eagraíocht Ealaíon agus Cultúir sa Mhí agus is í an Mhí an t-aon chontae amháin i gCúige Laighean ina bhfuil ceantair Ghaeltachta. Dírítear i bPlean Cultúir agus Cruthaitheachta na Mí ar thacaíocht a thabhairt do na healaíona, don chultúr agus don chruthaitheacht ar fud an Chontae. Tá roinnt páirceanna agus ceantair phoiblí sa Mhí inar féidir le daoine bailiú le chéile ar bhonn sóisialta. De réir an chomhairliúcháin phoiblí, príomhthosaíocht do rannpháirtithe ab ea spás glas méadaithe, agus go háirithe páirceanna faoi fhad siúil nó rothaíochta óna n-áit chónaithe. Tugadh le fios sa chomhairliúchán freisin go gcuirfeadh rannpháirtithe fáilte roimh spásanna tiomnaithe laistigh agus lasmuigh arna ndearadh le gur féidir le déagóirí bualadh le chéile.




Dírítear sna cuspóirí thíos ar bhród mhuintir na Mí as an áit a chothú agus ar obair a dhéanamh lena chinntiú gur Contae í an Mhí ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá mar cheann scríbe a roghnaíonn daoine chun cur fúthu, chun cuairt a thabhairt air, agus chun spraoi a bheith acu ann.

Tá na cuspóirí seo mar thaca ag Bunphrionsabail na Deise Geilleagraí agus na Comhfhorbartha Áite a achoimrítear san SSER, lena n-áirítear an CSR maidir le Fás Dlúth agus Athghiniúint Uirbeach (CSR 2) agus le hÁiteanna Cruthaitheacha (CSR 5). Léirítear leo comhsheasmhacht le CBRanna 9.24 agus 9.25 maidir leis na healaíona agus leis an gcultúr agus le turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn sa Réigiún. Sna cuspóirí sa liosta thuas, tacaítear chomh maith leis na Treoirphrionsabail chun spásanna sláintiúla agus tarraingteacha a chruthú mar a shonraítear i Mír 9.4 den SSER.

| Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) | |
|---|---|
| CPI 5.1 | Gníomhartha ealaíon agus cultúrtha sa phobal a fhorbairt níos mó |
| CPI 5.2 | Oidhreacht na Mí a chaomhnú agus rochtain chuí a chumasú |
| CPI 5.3 | Stádas na Gaeilge a fheabhsú laistigh agus lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta |
| CPI 5.4 | Spásanna poiblí agus páirceanna atá tarraingteach agus inrochtana a chur ar fáil ar fud an chontae |
| CFE 5.5 | Taitneamhachtaí an chontae a chur chun cinn go réamhghníomhach |
| CFE 5.6 | An ríocht phoiblí a fheabhsú agus láir phríomhbhailte na Mí a chur chun cinn mar ionaid mhiondíola, cuairteoirí agus fostaíochta |

## SPRIOC 5: Contae ina ndéantar ceiliúradh ar an saibhreas cultúir agus oidhreachta agus atá tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí

| CUSPÓIR | CPI 5.1 Gníomhartha ealaíon agus cultúrtha sa phobal a fhorbairt níos mó | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 5.1.1 | Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta na Mí, 2023-2027, a nuashonrú agus leanúint dá cur i bhfeidhm | Foireann Cultúir | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Clocha míle na Straitéise Cruthaitheachta arna gcríochnú |
| Gníomh 5.1.2 | Tacú le Plean Forbartha Ealaíon Contae, 2019-2024, a chur i bhfeidhm. | Oifig Ealaíon na Mí | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Cloch mhíle forbartha arna críochnú |
| Gníomh 5.1.3 | Aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do róil sa chleachtas ealaíon rannpháirtíochta sóisialta agus do chúnamh le forbairt pobail. | Oifig Ealaíon na Mí | | Meántéarma | Líon tacaíochtaí arna soláthar |
| Gníomh 5.1.4 | Aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don chomhfhorbairt áite chruthaitheach mar spreagadh d'forbairt pobail agus gheilleagrach | Oifig Ealaíon na Mí, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM | | Meántéarma | Líon tionscadal comhfhorbartha áite arna gcríochnú |

| CUSPÓIR | CPI 5.2 Oidhreacht na Mí a chaomhnú agus rochtain chuí a chumasú | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 5.2.1 | Cartlann ailtireachta/tionsclaíochta a fhorbairt. | Cartlannaí an Chontae | Leabharlanna; Oifigigh Phleanála, Oidhreachta agus Chaomhantais CCM | Meántéarma | Cartlann arna bunú agus í curtha ar fáil. |
| Gníomh 5.2.2 | Bonneagar nua ar líne a fhorbairt i gcomhair rochtain ar oidhreacht chultúrtha, stair áitiúil agus ábhair eile. | Staidéar Áitiúil sna Leabharlanna | Oifigigh Phleanála, Oidhreachta agus Chaomhantais CCM | Fadtéarma | Líon ábhar cultúrtha ar fáil ar líne. |
| Gníomh 5.2.3 | Tacú le bainistíocht cuairteoirí/láithreáin oidhreachta a chosaint agus rochtain ar láithreáin a fheabhsú ag an am céanna | Oifig na nOibreacha Poiblí | Oifig Turasóireachta Ghleann na Bóinne, Oifigigh Phleanála, Oidhreachta agus Chaomhantais CCM, Úinéirí talún, Grúpaí pobail | Fadtéarma | Líon na gcuairteoirí ag láithreáin oidhreachta |
| Gníomh 5.2.4 | Plean Oidhreachta na Mí a nuashonrú | Oidhreacht CCM | | Gearrthéarma (2024) | Plean Oidhreachta arna fhorbairt agus arna nglacadh leis |
| Gníomh 5.2.5 | Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Caomhantais na Teamhrach i gcomhair tailte faoi úinéireacht an stáit ag Cnoc na Teamhrach | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM, Oifig na nOibreacha Poiblí Grúpaí Pobail Áitiúla | Meántéarma - Leanúnach | Líon cuspóirí straitéise arna gcur i bhfeidhm |

| CUSPÓIR | CPI 5.3 Stádas na Gaeilge a fheabhsú laistigh agus lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 5.3.1 | Tacú leis an turasóireacht sna ceantair Ghaeltachta ar bhealach a chosnaíonn an Ghaeilge. | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Foireann Forbartha Cultúir CCM | Fadtéarma | Líon cuairteoirí agus ioncam ón turasóireacht |
| Gníomh 5.3.2 | Na Gaeltachtaí a chur chun cinn mar áiteanna a bhfuil tábhacht chultúrtha leo. | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Foireann Cultúir CCM | Gearrthéarma (2024) | Feachtais bholscaireachta arna gcríochnú |
| Gníomh 5.3.3 | Scéim Gaeilge Chomhairle Contae na Mí a chur i bhfeidhm. | CCM | Leabharlanna | Gearrthéarma (2024) | Scéim arna forbairt agus arna nglacadh léi |
| Gníomh 5.3.4 | Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga a chur chun cinn. | Oifigeach Gaeilge CCM | | Meántéarma | Clocha míle an Phlean Teanga arna gcríochnú go héifeachtach agus go tráthúil |
| Gníomh 5.3.5 | A chinntiú go mbeidh eolas agus seirbhísí poiblí ar fáil sa Ghaeilge | CCM | | Gearrthéarma (2024) | Líon seirbhísí ar fáil sa Ghaeilge |

| CUSPÓIR | CPI 5.4 Spásanna poiblí agus páirceanna atá tarraingteach agus inrochtana a chur ar fáil ar fud an chontae | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 5.4.1 | Tacú le tionscadail lena spreagtar athnuachan bhailte agus shráidbhailte Chontae na Mí agus lena gcuirtear chun cinn í agus béim a chur ar sheirbhísí a sholáthar agus ar fhorbairt chliste agus inbhuanaithe. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM, oifig Lár Bailte ar dTús | Comhpháirtíocht na Mí (Ceannaire) | Fadtéarma | Líon tionscadal arna moladh, arna nglacadh leo agus arna gcríochnú |
| Gníomh 5.4.2 | Tacú le tionscadail lena spreagtar rannpháirtíocht iomlán san fhorbairt shóisialta, gheilleagrach agus pobail agus iad a chur chun cinn. | CFPÁnna | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM, oifig Lár Bailte ar dTús, Comhpháirtíocht na Mí, Ceardlann na Mí don lucht siúil, FSS | Fadtéarma | Líon tionscadal arna moladh, arna nglacadh leo agus arna gcríochnú |
| Gníomh 5.4.3 | Tacaíocht a thabhairt d'infheistiú leanúnach chun caighdeáin arda a bhaint amach maidir le cosaint/feabhsú tírdhreacha, áineasa lasmuigh agus comhshaoil | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | ATO CCM, CCM Comhshaol | Meántéarma | € arna infheistiú i bhfeabhsú tírdhreacha agus i dtionscadail áineasa lasmuigh |

| CUSPÓIR | CFEI 5.5 Taitneamhachtaí an chontae a chur chun cinn go réamhghníomhach | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 5.5.1 | Leanúint de Ghleann na Bóinne a chur chun cinn mar Cheann Scríbe Turasóireachta | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Fáilte Éireann, Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon feachtas bolscaireachta arna soláthar |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh 5.5.2 | An Plean Eispéiris ar Chinn Scríbe Ársa (2021-2026) a chur i bhfeidhm. | Fáilte Éireann/ Turasóireacht Ghleann na Bóinne | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Féach spriocanna/cuspóirí an Phlean Eispéiris ar Chinn Scríbe Ársa |
| Gníomh 5.5.3 | Turasóireacht atá bunaithe ar bhia a chur chun cinn i gContae na Mí | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | | Meántéarma, Leanúnach | Líon tionscadal agus feachtas feasachta arna soláthar |
| Gníomh 5.5.4 | Púca a fhorbairt mar fhéile bharántúil atá mar dhlúthchuid den togra idirnáisiúnta Ireland, Home of Halloween, chun cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh chuig Contae na Mí | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Fáilte Éireann | Meántéarma (2024) | Líon daoine ag freastal ar an bhféile; méadú san ioncam arna ghnóthú |
| Gníomh 5.5.5 | Tacú le Plean Bainistíochta Bhrú na Bóinne, 2017, a fhorbairt | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM, Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Contae Lú, pobail áitiúla | Meántéarma, Leanúnach | Líon cuspóirí straitéise arna gcur i bhfeidhm |
| Gníomh 5.5.6 | Deiseanna táirge turasóireachta atá ag teacht chun cinn a phlé e.g. Glasbhealaí, Gormbhealaí. | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | CCM, Oifig na nOibreacha Poiblí, Uiscebhealaí Éireann | Fadtéarma | Líon láithreán tionscadal féideartha arna sainaithint |
| Gníomh 5.5.7 | Leanúint de na príomhthaitneamhachtaí turasóireachta atá ann cheana féin agus atá ag eascairt a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chosaint. | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | | Fadtéarma | Féach cuspóirí na Straitéise Turasóireachta |
| CUSPÓIR | CFEI 5.6 An ríocht phoiblí a fheabhsú agus láir phríomhbhailte na Mí a chur chun cinn mar ionaid mhiondíola, cuairteoirí agus fostaíochta | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 5.6.1 | Láir bailte agus sráidbhailte stairiúla a chaomhnú, a athchóiriú, a athnuachan agus a athfhorbairt. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | An tOifigeach Athnuachana Bailte, Foirne Baile, Pobail Áitiúla, Úinéirí Gnó | Meántéarma | Líon tionscadal arna dtacú leo |
| Gníomh 5.6.2 | Infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí lena gcumasaítear agus lena soláthraítear forbairt gheilleagrach a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt di. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | An tOifigeach Athnuachana Bailte, Foirne Baile, Pobail Áitiúla, Úinéirí Gnó | Meántéarma, Leanúnach | Líon tionscadal arna dtacú leo |
| Gníomh 5.6.3 | Tacú le pleananna Lár Bailte ar dTús a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail deartha uilíoch. | Oifig Lár Bailte ar dTús | Clár Aoisbhá, Foirne Baile | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon pleananna arna bhforbairt ó thaobh prionsabail deartha uilíoch de |
| Gníomh 5.6.4 | Leanúint de chlár pleananna ríochta poiblí agus straitéisí comhfhorbartha áite a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | ATO, TRO CCM | Meántéarma, Leanúnach | Líon pleananna arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú |

## 7.6 Sprioc 6: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS 6, 7, 11, 12, 13, 14 & 15

Tá pobail bhríomhara agus réimse leathan éagsúlachta sa Mhí. Mar a luadh thuas, tá próifíl aoise fhoriomlán na Mí níos óige ná mar atá don Stát. Ní mór a aithint freisin go bhfuil pobal daoine fásta na Mí ag dul i méid, rud a léiríonn an treocht náisiúnta. Tá roinnt clár agus straitéisí sa Mhí chun tacú leis na haoisghrúpaí éagsúla seo, Plean na Mí do Leanaí agus Daoine Óga (2019-2020) agus Straitéis Aoisbháúil na Mí (2023-2028) ina measc. Tugadh le fios sa chomhairliúchán poiblí go bhfuil tacaíocht ann do thionscnaimh mhéadaithe agus cláreagrú méadaithe do dhaoine óga agus scothaosta araon agus tugadh le fios go bhféadfadh cláir idirghlúine cur le comhtháthú pobail.

Tá trí Ionad Acmhainní Teaghlaigh sa Mhí faoi láthair (Ceanannas, Baile Átha Troim agus an Inse/Baile an Bhiataigh) agus thart ar 20 ionad pobail níos lú ar fud an Chontae. Tugadh le fios sa chomhairliúchán go gcuirfí fáilte roimh chistiú méadaithe agus áitribh i gcomhair ionaid phobail. De réir rannpháirtithe i suirbhéanna, i bhfócasghrúpaí agus ar an tsráid, tá iompar poiblí idir bailte teoranta in go leor ceantar agus, dá réir sin, féadann rochtain theoranta a bheith ar ionaid phobail agus acmhainní, go háirithe do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Cé go bhfuil formhór dhaonra na Mí ina gcónaí i gceantair uirbeacha, tá an céatadán daoine atá ina gcónaí faoin tuath níos airde ná mar atá don Stát.

Le linn 2022, lonnaigh dídeanaithe ón Úcráin sa Mhí agus táthar ag súil go gcuirfear leis an bpobal nua seo sna míonna atá amach romhainn. Tá cónaí ar dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn in Ionad Soláthair Dhírigh Mhaigh Muirí freisin. Léiríodh sa chomhairliúchán poiblí gur fearr le daoine go méadófaí imeascadh sóisialta agus pobail, go háirithe do phobail nua. Faoi láthair, soláthraíonn Comhpháirtíocht na Mí an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail sa Chontae, agus d'aithin rannpháirtithe sa chomhairliúchán deiseanna chun an obair ríthábhachtach seo a fhorbairt sna blianta atá amach romhainn.

Tá daonra na Mí ag fás agus tá an éagsúlacht ag dul i méid. Tá na cuspóirí seo mar thaca ag Bunphrionsabal na Deise Geilleagraí a achoimrítear sa SSER, lena n-áirítear an CSR maidir le Scileanna Oideachais agus Ionchuimsiú Sóisialta a Fheabhsú (CSR 13). Léirítear leo comhsheasmhacht le CBRanna, lena n-áirítear CBRanna 4.16, 4.24 agus 4.61 maidir le hathghiniúint uirbeach agus feabhsuithe ar leibhéil gnóthachtála oideachais i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.



**Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna)**

| | |
|---|---|
| CPI 6.1 | Rochtain chothrom ar bhonneagar pobail a leathnú amach agus a neartú |
| CPI 6.2 | Imeascadh agus ionchuimsiú a chur chun cinn do gach pobal sa Mhí |
| CPI 6.3 | Míbhuntáiste oideachasúil a laghdú |
| CFE 6.4 | Soláthar éifeachtach bonneagair oideachasúil a chur ar fáil |
| CFE 6.5 | Leanúint den fhreagairt chomhoibríoch agus thacúil do phróisis pleanála áitiúla a stiúradh |



## Sprioc 6: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad

| CUSPÓIR | CPI 6.1 Rochtain chothrom ar bhonneagar pobail a leathnú amach agus a neartú | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 6.1.1 | An CISGP a sholáthar chun leibhéil bhochtaineachta a laghdú. | CFPÁ | Feidhmeoir cláir an CISGP | Gearrthéarma, Leanúnach | Tionscadail den CISGP ina ndírítear ar an mbochtaineacht arna gcur i bhfeidhm |
| Gníomh 6.1.2 | Tionscadail ón CISGP agus ón AE a sholáthar chun éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn. | CFPÁ | Feidhmeoir cláir an CISGP, Ionad Imirceach Cultúr, Ceardlann na Mí don lucht siúil | Gearrthéarma (2024) | Tionscadail den CISGP ina ndírítear ar an éagsúlacht agus ionchuimsiú arna gcur i bhfeidhm |
| Gníomh 6.1.3 | Tacú le tionscnaimh phobail gheilleagracha ar fud na Mí. | CFPÁ | Feidhmeoir cláir an CISGP | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon tionscnamh arna soláthar |
| Gníomh 6.1.4 | Tacú le seirbhísí leabharlainne atá ann cheana féin agus forbairt craobhacha nua a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais an phobail ar aon dul le Straitéis Náisiúnta na Leabharlann. | Seirbhís Leabharlainne CCM | | Gearrthéarma, Leanúnach | Féach spriocanna/cuspóirí Straitéis Náisiúnta na Leabharlann |
| Gníomh 6.1.5 | An réimse saoráidí inrochtana agus inacmhainne d'eagraíochtaí san earnáil phobail a leathnú amach. | CFPÁ | LRP, Feidhmeoir cláir an CISGP | Meántéarma (2024) | Líon saoráidí ar fáil ina bhfuil táillí cíosa fóirdheontais nó ar chostas íseal |

| CUSPÓIR | CPI 6.2 Imeascadh agus ionchuimsiú a chur chun cinn do gach pobal sa Mhí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 6.2.1 | Tairseach Eolais a chruthú tríd an LRP agus comhroinnt eolais a éascú i dtionscadail rathúla. | LRP | | Meántéarma | Tairseach Eolais arna cruthú |
| Gníomh 6.2.2 | Rochtain ar 'Mo Leabharlann Oscailte' a leathnú amach le rochtain ar 'Mo Chruinniú Pobail' a mhéadú, agus rochtain ar leabharlanna a éascú gach lá den tseachtain ó 8am go 10pm. | Leabharlanna | | Meántéarma | Rochtain mhéadaithe ar fáil |
| Gníomh 6.2.3 | Ceardlanna ar inniúlacht cultúrtha agus laofacht neamh-chomhfhiosach a sholáthar. Oideachas frithchiníochais a sholáthar. | Cultúr | Ceardlann na Mí don lucht siúil | Gearrthéarma | Ceardlanna arna soláthar |
| Gníomh 6.2.4 | Deiseanna rannpháirtíochta a mhéadú agus pobail mionlach eitneach a chumasú. | LRP, Cultúr | Foireann Úcránach MCC, Ceardlann na Mí don lucht siúil | Gearrthéarma | Líon ionadaithe ó mhionlach eitneach ar choistí |
| Gníomh 6.2.5 | Tacú le rannpháirtíocht daoine scothaosta ó mhionlaigh eitneacha sa Chomhairle do Dhaoine Scothaosta i gcomhair ionadaíocht níos éagsúla i measc daoine scothaosta. | Comhfhóram Imirceach Lú agus na Mí | Aoisbhá na Mí | Gearrthéarma | Líon ionadaithe ó mhionlach eitneach sa Chomhairle do Dhaoine Scothaosta |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh 6.2.6 | Meastóireacht ar Phlean na Comhstraitéise um Imeascadh Imirceach 2019 go 2022 & straitéis nua imeasctha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart go ndéanfaí tagairt sa Straitéis nua don Phlean Gníomhaithe Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais | Grúpaí spóirt pobail CCM, | Fóram um Imeascadh Imirceach | Gearrthéarma/ meántéarma (2024) | Meastóireacht arna críochnú; straitéis nua arna forbairt agus arna cur i bhfeidhm |
| Gníomh 6.2.7 | Bealaí a phlé chun feabhas a chur ar chúinsí agus taithí an lucht iarrtha tearmainn, na ndaoine a bhfuil cead fanachta acu, na ndaoine a athlonnaíodh ó thíortha eile, agus dídeanaithe cláir. | Foireann an Údaráis Áitiúil um Imeascadh | Feidhmeoir cláir an CISGP | Gearrthéarma - leanúnach (2024) | Tionscadail den CISGP ina ndírítear ar an mbochtaineacht arna gcur i bhfeidhm |
| Gníomh 6.2.8 | Forbairt straitéise um ionchuimsiú sóisialta a phlé ar leibhéal an Chontae, bunaithe ar an Treochlár náisiúnta um Ionchuimsiú Sóisialta, 2020 - 2025. | Rannán Pobail CCM | | Meántéarma | Riachtanais i gcomhair fhorbairt an phlean |
| CUSPÓIR | CPI 6.3 Míbhuntáiste oideachasúil a laghdú | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 6.3.1 | Imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar ionad oiliúna go sonrach i gcomhair printíseachtaí i gContae na Mí. | BOOLM, an Roinn Coimirce Sóisialaí, ÚNI | | Meántéarma | Measúnú féidearthachta arna chríochnú |
| Gníomh 6.3.2 | Rochtain ar bhreisoideachas agus oiliúint bhreise, lena n-áirítear printíseachtaí agus scileanna, a chur chun cinn agus a mhéadú. | BOOLM/SOLAS | Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Feidhmeoir cláir an CISGP, Ceardlann na Mí don lucht siúil | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon cúrsaí ar fáil; líon mac léinn cláraithe |
| Gníomh 6.3.3 | Oiliúint CISGP agus AE+ chun míbhuntáiste oideachasúil a laghdú. | Feidhmeoir cláir an CISGP | CFPÁ | Gearrthéarma (2024) | Rochtain mhéadaithe ar fáil |
| Gníomh 6.3.4 | Bealaí chuig ardoideachas agus breisoideachas sa Chontae a fhorbairt níos mó. | Pleanáil CCM | | Meántéarma/ Fadtéarma | Conairí soiléire arna bhforbairt chuig deiseanna breisoideachais, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil |
| CUSPÓIR | CFEI 6.4 Soláthar éifeachtach bonneagair oideachasúil a chur ar fáil | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 6.4.1 | Oideachas 3ú leibhéal atá inrochtana do mhic léinn lonnaithe sa Mhí a sholáthar sa Mhí | An Roinn Oideachais | ÚNI (rochtain ar iompar), BOOLM, institiúidí 3ú leibhéal in aice láimhe | Fadtéarma | Oideachas 3ú Leibhéal ar fáil |
| CUSPÓIR | CFEI 6.5 Leanúint den fhreagairt chomhoibríoch agus thacúil do phróisis pleanála áitiúla a stiúradh | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 6.5.1 | Leanúint de thacaíocht agus eolas a sholáthar d'iarratasóirí ionchasacha ar phleanáil maidir le tograí forbartha | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon iarratasóirí ar tugadh cabhair dóibh; litríocht cothrom le dáta ar fáil; líon iarratas pleanála arna dtaisceadh |

## 7.7 Sprioc 7: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS 1, 5, 8, 9, 10 & 12

Tá naisc mhaithe bóithre idir an Mhí agus contaetha eile ar fud na hÉireann agus tá roinnt Bóithre Náisiúnta sa chontae. Bhí cónaí ar níos mó na leath de phobal na Mí 5km nó níos lú ná sin ó phríomhbhóthar náisiúnta nó bóthar den dara grád.

Braitheann daoine sa Mhí go mór ar an gcóras bóithre i gcomhair taisteal laistigh den Chontae freisin. Gné uathúil den fhostaíocht sa Mhí is ea an ráta ard comaitéireachta agus bíonn níos mó ná leath dá n-oibrithe ag comaitéireacht chuig post lasmuigh den Chontae.

Tá spleáchas fíor-ard ar ghluaisteáin sa chontae agus bhí na rátaí comaitéireachta chun na hoibre ar iompar poiblí nó iompar gníomhach (de shiúl na gcos nó ar rothar) ní b'ísle ná na rátaí don Stát. Tugadh le fios sa chomhairliúchán gur mhaith le rannpháirtithe go méadófaí iompar poiblí, busanna agus traenacha san áireamh, agus bonneagar siúil agus rothaíochta. Tá na tosaíochtaí seo ag teacht le Plean Forbartha Contae na Mí, inar sainaithníodh cuspóirí a bhaineann le hiompar gníomhach agus iompar poiblí a spreagadh agus a éascú. De réir an chomhairliúcháin phoiblí, bhí tábhacht ar leith le nascacht laistigh den chontae, agus luaigh rannpháirtithe go raibh easpa cóngarachta agus roghanna teoranta iompair mar bhacainní ó thaobh rochtain a fháil ar thacaíochtaí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí áineasa laistigh den Chontae. Dá réir sin, tá sé mar aidhm ag na cuspóirí thíos go mbeadh nascacht sa Mhí idir pobail agus go mbeadh rochtain acu ar a chéile.



Tá na cuspóirí seo mar thaca ag Bunphrionsabal na Deise Geilleagraí a achoimrítear sa SSER, lena n-áirítear an CSR maidir le Scileanna Oideachais agus Ionchuimsiú Sóisialta a Fheabhsú (CSR 13). Léirítear leo comhsheasmhacht le CBRanna, lena n-áirítear CBRanna 4.16, 4.24 agus 4.61 maidir le hathghiniúint uirbeach agus feabhsuithe ar leibhéil gnóthachtála oideachais i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

| Cuspóirí Pobail Inmharthana (CPInna) & Cuspóirí Forbartha Eacnamaíochta Inmharthana (CFEInna) | |
|---|---|
| **CPI 7.1** | Leibhéil fostaíochta áitiúla agus coinníollacha i gcomhair infhostaitheachta a mhéadú |
| **CPI 7.2** | Deiseanna i gcomhair cianoibre a mhéadú |
| **CPI 7.3** | Leanúint d'éiteas a chur chun cinn i dtaca le forbairt gheilleagrach agus fostaíochta ar fud gach rannóige agus feidhme laistigh de Chomhairle Contae na Mí, i measc ionadaithe tofa na Comhairle san áireamh |
| **CFE 7.4** | Soláthar éifeachtach bonneagair a chur ar fáil - láithreáin agus réitigh réadmhaoine i gcomhair giniúint fostaíochta |
| **CFE 7.5** | Na deiseanna agus gnóthachtálacha geilleagracha sa Chontae a chur chun cinn |

## Sprioc 7: Contae ina spreagtar go gníomhach geilleagar agus fórsa saothair atá ag fás agus ina dtacaítear leo

| CUSPÓIR | CPI 7.1 Leibhéil fostaíochta áitiúla agus coinníollacha i gcomhair infhostaitheachta a mhéadú | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 7.1.1 | Leibhéil mhéadaithe fostaíochta áitiúla a spreagadh trí chláir nua agus cláir atá ann cheana féin | OFÁ | CFPÁ/GÁG, Comhpháirtíocht na Mí, Fiontraíocht Éireann, GFT, BOOLM | Meántéarma / Fadtréimhse | Líon fostaithe |
| Gníomh 7.1.2 | Feasacht ar thacaíochtaí agus seirbhísí maoinithe ar fáil do dhaoine in GBManna agus d'fhostaithe a mhéadú. | BOOLM | Fóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Oirthir, Fiontraíocht Éireann, LEADER | Gearrthéarma/ meántéarma (2024) | Líon iarratasóirí ar thacaíochtaí agus seirbhísí |
| Gníomh 7.1.3 | Anailís ar riachtanais spriocdhírithe d'imircigh lonnaithe sa Mhí, lena n-áirítear oibrithe imirceacha agus a gcuid teaghlach, daoine ag iarraidh cosaint idirnáisiúnta agus dídeanaithe cláir, agus dídeanaithe Úcránacha faoi Threoir Éigeandála an AE | Cultúr | Le deimhniú: LEADER; BOOLM; An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; Ceardlann na Mí don lucht siúil; Grúpa Tacaíochta na hÚcráine | Gearrthéarma (2024) | Anailís ar riachtanais arna cruthú |
| Gníomh 7.1.4 | Freagairt spriocdhírithe do na riachtanais arna sainaithint san Anailís ar Riachtanais Imirceach sa ghníomh thuas. | Cultúr | Ceardlann na Mí don lucht siúil | Fadtéarma | Féach na spriocanna ón anailís ar riachtanais thuas |
| Gníomh 7.1.5 | Tacú le hoideachas a chur ar fhostóirí ionchasacha imirceach maidir le cearta fostaithe, agus cuidiú le feasacht a spreagadh ar chearta agus freagrachtaí i measc fostóirí ionchasacha, lena n-áirítear oibrithe imirceacha | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | FAÉ, Cultur, Feidhmeoir cláir an CISGP, CFPÁ, BOOLM | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Ceardlanna/Seisiúin eolais arna reáchtáil |
| Gníomh 7.1.6 | Úsáidfidh Comhlachas Chontae na Mí a líonraí chun dea-chleachtas fostaíochta a chur chun cinn agus feasacht a spreagadh ar dhea-chleachtas agus díreoidh sé ar fhostóirí agus ar fhostaithe araon. Soláthróidh Comhlachas Chontae na Mí eolas d'fhostóirí ar a n-oibleagáidí reachtúla freisin. | Comhlachas Chontae na Mí | | Gearrthéarma, Leanúnach | Litríocht arna forbairt agus arna dáileadh; líon seisiún eolais arna reáchtáil |
| Gníomh 7.1.7 | Naisc agus comhpháirtíochtaí atá chun tairbhe an dá thaobh a chothú le gnólachtaí agus institiúidí tríú leibhéal, lena n-áirítear saoráidí um thaighde agus forbairt | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Meántéarma-fadtéarma, Leanúnach | Láithreacht fhrithpháirteach ar Bhoird Bhainistíochta/coistí |
| Gníomh 7.1.8 | Cuidiú le fiontair rochtain a fháil ar réimse roghanna cistiúcháin ionas gur féidir le GBManna agus tionscail dhúchasacha leas a bhaint as deontais agus iasachtaí | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon iarratas ar chistiú arna gcur isteach; Líon iarratas rathúil ar chistiú |
| Gníomh 7.1.9 | Tacaíochtaí gnó, lena n-áirítear cláir oiliúna agus mheantóireachta, tionscnaimh forbartha gnó agus deiseanna líonraithe | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon ceardlann/tionscnamh/imeachtaí arna reáchtáil |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh 7.1.10 | Cuidiú agus tacú le hobair chomhoibríoch le soláthraithe oideachais agus oiliúna, le páirtithe leasmhara ábhartha agus le fostóirí áitiúla chun freagairtí spriocdhírithe do riachtanais scileanna agus fostaíochta a sholáthar | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Meántéarma | Líon nasc foirmiúil idir comhlachtaí oideachais/ oiliúna agus fostóirí |
| CUSPÓIR | Deiseanna i gcomhair cianoibre a mhéadú | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 7.2.1 | Tacú le forbairt leanúnach na mol (tráchtála agus pobalbhunaithe) agus naisc a chruthú le fiontair/ fiontraithe/fiontair shóisialta áitiúla ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán | Fiontraíocht na Mí/Oifigeach Leathanbhanda CCM | OFÁ, CCM, Comhpháirtíocht na Mí | Fadtéarma | Líon Mol sa Mhí; Líon gnólachtaí agus grúpaí pobail a úsáideanna na spásanna mol |
| Gníomh 7.2.2 | Grúpa mol áitiúil a chruthú do Bhainisteoirí na Mol le gur féidir leo obair a dhéanamh le chéile agus comhoibriú. | Fiontraíocht na Mí | ED CCM, Moil Fiontraíochta/ Oifigeach Leathanbhanda | Gearrthéarma (2024) | Grúpa Mol arna chur ar bun |
| Gníomh 7.2.3 | Deiseanna a phlé maidir le moil dhigiteacha agus chianoibre, ar aon dul le Cianobair a Chumasú: An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair. | Oifigeach Leathanbhand CCM | Fiontraíocht na Mí | Meántéarma / Fadtréimhse | Féach spriocanna/cuspóirí na Straitéise Náisiúnta maidir le Cianobair |
| Gníomh 7.2.4 | Tacú le cianoibrithe trí dhul i gcomhairle le moil chun scileanna a chur chun cinn agus a sholáthar le hoiliúint chistithe a chur chun cinn chuig na fostaithe/úsáideoirí mol seo. | Ofigeach Leathanbhanda CCM | CCM, BOOLM, Fiontraíocht na Mí | Gearrthéarma (2024) | Féach na spriocanna ón anailís ar riachtanais thuas |
| CUSPÓIR | CPI 7.3 Leanúint d'éiteas a chur chun cinn i dtaca le forbairt gheilleagrach agus fostaíochta ar fud gach rannóige agus feidhme laistigh de Chomhairle Contae na Mí, i measc ionadaithe tofa na Comhairle san áireamh | | | | |
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 7.3.1 | Plean agus tionscnaimh mhargaíochta a fhorbairt atá dírithe ar an Straitéis Forbartha Geilleagraí a chur chun cinn. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | OFÁ, Comhlachas na Mí, Fiontraíocht na Mí | Gearrthéarma (2024) | Plean arna chruthú |
| Gníomh 7.3.2 | Straitéis Gheilleagrach nuashonraithe a fhorbairt ar leibhéal an Chontae. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Gearrthéarma (2024) | Comhairleoir arna cheapadh; Plean arna fhorbairt |
| Gníomh 7.3.3 | Beidh Comhlachas Chontae na Mí páirteach go gníomhach le gnólachtaí agus tionscail chun cur leis na fostóirí atá ann cheana féin agus chun fostóirí nua a mhealladh. | Comhlachas Chontae na Mí | | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon post nua arna gcruthú |

| CUSPÓIR | CFEI 7.4 Soláthar éifeachtach bonneagair a chur ar fáil - láithreáin agus réitigh réadmhaoine i gcomhair giniúint fostaíochta | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 7.4.1 | Ár mbailte agus ár láithreáin straitéiseacha fostaíochta a chur chun cinn mar na cúiseanna a spreagann an geilleagar i gcomhair fostaíochta sa Mhí agus aitheantas a thabhairt do ról an gheilleagair tuaithe ag an am céanna. | Forbairt Gheilleagrach CCM, Pleanáil CCM | Uisce Éireann, ÚNI, BIÉ | Meántéarma | Líon gnólachtaí tuaithe a bhaineann leas as tacaíocht; líon láithreán arna bhforbairt |
| Gníomh 7.4.2 | Tacú le comhfhorbairt áite chruthaitheach agus tionscadail chruthaitheacha phobail agus a bheith mar eiseamláir do phobail tuaithe agus don athghiniúint gheilleagrach. | Oifig Ealaíon na Mí, Pleanáil & Forbairt Gheilleagrach CCM - Oifigigh Oidhreachta | BOOLM, OFÁ, Comhpháirtíocht na Mí, CCM, Forbairt Gheilleagrach CCM, Turasóireacht Ghleann na Bóinne, Foireann Cultúir CCM | Gearrthéarma, Leanúnach (2024) | Líon tionscadal arna soláthar |
| Gníomh 7.4.3 | Mol ealaíon a fhorbairt chun deiseanna fostaíochta cruthaithí a mhéadú agus a spreagadh. | MAO | CCM, Foireann Cultúir CCM | Fadtéarma | Mol arna forbairt |
| Gníomh 7.4.4 | Socrúcháin chruthaitheacha a chur chun cinn mar eiseamláir i gcomhair forbairt pobail agus gheilleagrach. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | CCM, Forbairt Gheilleagrach CCM, Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon socrúchán ar fáil; Líon socrúchán arna líonadh |
| Gníomh 7.4.5 | Iarracht a dhéanamh forbairt na 12 láithreán fostaíochta straitéisí ríthábhachtacha a achoimrítear i bPlean Forbartha Contae na Mí a chur chun cinn i gcomhair giniúint fostaíochta sa Mhí | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Meántéarma/ Fadtéarma Meántéarma/ Fadtéarma | Láithreáin arna bhforbairt |
| Gníomh 7.4.6 | Talamh atá criosaithe cheana féin i gcomhair fostaíochta a úsáid i suíomh oiriúnach d'úsáid tionsclaíochta agus fiontraíochta. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Meántéarma/ Fadtéarma | Líon láithreán arna bhforbairt nó arna n-athfhorbairt |
| Gníomh 7.4.7 | Comhoibriú a éascú chun tacú le forbairt na Conaire Geilleagraí idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, le sineirge a spreagadh sa líonra trasteorann Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr agus naisc gheilleagracha a neartú leis an oirdheisceart a shíneann go hEoraphort Ros Láir. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Fadtéarma | Féach na spriocanna ón anailís ar riachtanais thuas |
| Gníomh 7.4.8 | Bailte uirbeacha Dhún Búinne, Mhaigh Nuad agus Chill Choca a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh soláthar seasta tailte forbartha seirbhísithe ann chun tacú le fás inbhuanaithe. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | | Fadtéarma | Líon láithreán arna bhforbairt |

| CUSPÓIR | CFEI 7.5 Na deiseanna agus gnóthachtálacha geilleagracha a chur chun cinn sa chontae | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Cur síos ar an nGníomh | Ceannasaí an Ghnímh | Comhpháirtithe an Ghnímh | Sprioc-am | PTF |
| Gníomh 7.5.1 | Tacú le Margaíocht Chomhaontaithe chun Co. na Mí a chur chun cinn. | Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach CCM | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Meántéarma | Ábhair agus cleachtais bholscaireachta chomhordaithe a chruthú agus dháileadh |
| Gníomh 7.5.2 | Gleann na Bóinne a chur chun cinn mar ionad bairr feabhais bia, lena n-áirítear athbhreithniú agus cur i bhfeidhm Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne 2016-2021 | Blasanna Ghleann na Bóinne | Forbairt Gheilleagrach Líonra Bia na Mí, OFÁ, Fiontraíocht na Mí, Turasóireacht Ghleann na Bóinne | Meántéarma / Fadtréimhse | Féach cuspóirí Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne |
| Gníomh 7.5.3 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis nua um Fhorbairt Turasóireachta 2023 - 2027, agus tairiscintí a lorg lena haghaidh | Turasóireacht Ghleann na Bóinne | | Gearrthéarma (2024) | Tairiscintí arna lorg le haghaidh an tionscadail; comhairleoir arna cheapadh |

# 8.0 Monatóireacht agus meastóireacht

## 8.1 Cé a dhéanfaidh monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn an PÁEP?

Tabharfaidh grúpa oibre neamhspleách de pháirtithe leasmhara áitiúla fiontraíochta, nuálaíochta agus pobail faoi mhonatóireacht ar na pleananna cur chun feidhme seo.

## 8.2 Cé chomh minic a dhéanfar athbhreithniú ar an PÁEP?

Soláthrófar an PÁEP trí shraith pleananna cur chun feidhme bliantúla arna n-aontú ag tús gach bliana chun na spriocanna arna leagan amach a bhaint amach. Déanfar monatóireacht ar na pleananna cur chun feidhme seo ar bhonn leanúnach agus ullmhófar tuarascáil bhliantúil a chuirfear faoi bhráid CFPÁ na Mí.

Déanfar dhá athbhreithniú eatramhacha chun tuilleadh monatóireachta a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun cuspóirí agus gníomhartha ábhartha a ailíniú le riachtanais arna dteacht chun cinn. Déanfar na hathbhreithnithe eatramhacha seo in 2025 agus 2027.

## 8.3 Conas a dhéantar meastóireacht ar an PÁEP?

Áirítear Spriocanna Ardleibhéil leis an PÁEP agus tá roinnt cuspóirí agus gníomhartha gaolmhara ag baint le gach ceann díobh.

Áirítear le gach cuspóir aon táscaire ratha amháin, nó níos mó ná sin, chun dul chun cinn a thomhas chun críocha na Spriocanna Ardleibhéil a bhaint amach (féach na táblaí gníomhartha thuas).

Déanfar monatóireacht leanúnach orthu seo, bunaithe ar bheartú tosaíochta na ngníomhartha agus ar chinntí faoi thorthaí agus táscairí gach plean cur chun feidhme.

Chun tacú le meastóireacht chuimsitheach ar idirghabhálacha an PÁEP, forbrófar cás-staidéir freisin mar chuid den phróiseas monatóireachta do na PÁEPanna. Chun tacú le cur chuige comhsheasmhach i leith na gcás-staidéar seo, úsáidfear an teimpléad cás-staidéir arna úsáid don Chlár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CISGP) mar theimpléad do na cás-staidéir sa PÁEP.

Beidh athbhreithniú deiridh agus tacaíocht chun an chéad bhabhta eile de PÁEPanna a fhorbairt treoraithe ag na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon arna mbailiú mar chuid den phlean cur chun feidhme agus ag an bpróiseas leanúnach monatóireachta.

## 8.4 An bhfuil fáil ag an bpobal ar an bpróiseas monatóireachta agus meastóireachta?

Foilseofar na tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla ar bhonn bliantúil agus foilseofar na tuarascálacha eatramhacha gach re bliain.



# 9.0 Aguisíní

## 9.1 Comhthéacs Beartais

### 9.1.1 Beartais & Pleananna Náisiúnta Geilleagracha

*Fostaíocht*

- Straitéis Bealaí chun Oibre 2021 – 2025
- An Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna 2020 – 2024
- Forbairt a Dhéanamh ar Scileanna Amach Anseo: An tÉileamh ar Scileanna in Earnáil na Timpeallachta Tógtha in Éirinn go dtí 2030

*Forbairt*

- Tithíocht do Chách: Plean Nua Tithíochta d'Éirinn
- Tionscadal Éireann 2040
- Beartas Lár Bailte ar dTús
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027
- An Creat Náisiúnta Pleanála
- Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 – Ár dTodhchaí Thuaithe

*Nascacht*

- Bonneagar Iompair Éireann
- An Plean Soghluaisteachta Tuaithe, Éire a Nascadh: Iompar Poiblí a Fheabhsú ar fud Cheantar Tuaithe na hÉireann
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Tús Áite do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta i gcomhair Rialtas Áitiúil Éifeachtach

*Geilleagar agus Fiontraíocht*

- An Plean Eacnamaíochta Náisiúnta
- An Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar
- Daoine, Áit agus Beartas - Ag Forbairt Na Turasóireachta go dtí 2025
- Fiontar 2025 Athnuaite - Athléimneacht a Chothú i láthair dhúshláin dhomhanda
- An Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022
- Tuarascáil an Tascfhórsa FBManna: an Plean Fáis FBManna agus Fiontraíochta

*Inbhuanaitheacht*

- An Plean Forbartha Náisiúnta um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018- 2020
- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach

*Beartais agus Straitéisí Réigiúnacha agus Contae*

- Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER) don TROLT
- Plean Réigiúnach Fiontraíochta go dtí 2024 - Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

- Straitéis Forbartha Geilleagraí na Mí
- Straitéis Forbartha Áitiúil LEADER - an Mhí
- Plean Forbartha Contae na Mí, 2019-2025
- An Straitéis Iompair do Bhaile Dhroichead Átha agus don Chóngaracht
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 2022-2042

## 9.1.2 Pobal

*Beartais agus Pleananna Náisiúnta*

- Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024
- Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an bPlean Straitéiseach CBT Bitheacnamaíochta 2023-2027
- Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 - Ár dTodhchaí Thuaithe
- Tithíocht do Chách: Plean Nua Tithíochta d'Éirinn
- Roghanna Tithíochta dár Ráiteas ar Bheartas Daonra um Aosú 2020
- Beartas Lár Bailte ar dTús
- Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide
- Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021 - 2027
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015- 2021
- Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnte
- Cosaint Shibhialta - i dTreo 2030
- Cianobair a Chumasú: An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair
- GFT Éireann: Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Spreagadh 2021-2024
- An Plean Forbartha Náisiúnta um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018- 2020
- An Straitéis um Sheirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
- Straitéis Diaspóra na hÉireann 2020-2025
- Straitéis Cur chun Feidhme agus Plean Gníomhaithe Sláintecare, 2021-2023
- Creat Éire na Sláinte, 2019-2025
- An Treochlár um Ionchuimsiú Sóisialta 2020 - 2025
- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach (SNAD)
- An Straitéis Náisiúnta Néaltraithe
- An Straitéis Náisiúnta Cúramóirí
- Tús Áite do Dhaoine - Clár Gníomhaíochta i gcomhair Rialtas Áitiúil Éifeachtach
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030
- Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017 - 2021
- An Straitéis Náisiúnta um Imeascadh Imirceach
- An Straitéis Náisiúnta Um Chuimsiú Míchumais (2017-2021)
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ 2019-2021
- An Plean Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais
- An Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Foréigean Gnéis agus Foréigean Bunaithe ar an Inscne

Beartais agus Straitéisí Réigiúnacha agus Contae

- Plean Éire na Sláinte, Eagraíocht Phobail um Chúram Sláinte Lú agus na Mí, 2018-2022
- Plean don Mhí Shláintiúil, 2019–2021
- Straitéis Chomhtháite Imirceach Lú & na Mí, 2019-2022
- Clár Cóiríochta na Mí do Thaistealaithe, 2019-2024
- Plean Straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta na Mí, 2021-2026
- Plean Choiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga na Mí um Leanaí agus Daoine Óga 2018- 2020
- Straitéis Ghníomhaithe na Mí ar son na hAeráide, 2019-2024
- Plean Gníomhaithe na Mí um Bithéagsúlacht, 2015-2020
- Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta na Mí

## 9.2 Ballraíocht CBSanna

*CBS um Pleanáil, Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Gnóthaí Eorpacha*

*Ionadaithe Tofa*

- An Clr Stephen McKee
- An Clr Joe Fox
- An Clr Brian Fitzgerald
- An Clr Padraig Fitzsimons
- An Clr Aishling Dempsey
- An Clr Tommy Reilly
- An Clr Helen Meyer
- An Clr Sarah Reilly
- An Clr Elaine McGinty
- An Clr Alan Tobin

*Ionadaithe Earnála*

Comhshaol/Caomhantas:

- Ag fanacht le hainmniúchán

Earnáil na Talmhaíochta/ Feirmeoireachta:

- Fergal Hennessy

Gnó/Tráchtáil:

- Sean Boyle

Forbairt/Tógáil:

- Gary Plunkett



## 9.3 Ballraíocht an PÁEP

*Earnáil Reachtúil*

- Fiona Lawless - Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na Mí
- An Clr Yemi Adenuga - Comhairle Contae na Mí
- An Clr Elaine McGinty - Comhairle Contae na Mí
- An Clr Mike Bray - Comhairle Contae na Mí
- Sharon Curran - an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Sadie Ward McDermott - Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
- Lorraine Flynn - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Sean O'Coisdealbha - Údaras na Gaeltactha
- Joe English - Oifigeach Fiontraíochta Áitiúla

*Earnáil Neamhreachtúil*

- Colin Ludlow - Comhpháirtíocht na Mí
- Garret O'Brien - Earnáil Phobail
- Earnáil Phobail - Folúntas
- Susuana Komolafe - Ionchuimsiú Sóisialta
- Shola Yahya - Ionchuimsiú Sóisialta
- Ciara Burke - Comhlachais Tráchtála
- Suzanne Brady - Earnáil Chomhshaoil
- Seamus McGee - Earnáil Feirmeoireachta
- Noel Maguire - Earnáil na gCeardchumann
- Geraldine Hogarty - Obair d'Ógra Éireann

*Príomhoifigeach CFPÁ*

- Ms Fiona Fallon, Comhairle Contae na Mí

## 9.3 Sonraí maidir le haighneachtaí an chomhairliúcháin

| | Údar na hAighneachta | Teideal | Aighneacht a bhaineann leis seo: | Conas a cuimsíodh aiseolas: |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Líonra Rannpháirtíochta Pobail na Mí | Aighneacht ó Cholún Ionchuimsithe Shóisialta LRP na Mí | • Deis straitéiseach agus priacail an PÁEP<br>• Cur i bhfeidhm, pleanáil idirghníomhaireachta, comhordú acmhainní<br>• Monatóireacht agus Meastóireacht atá neamhspleách<br>• Straitéis an Chontae um Ionchuimsiú Sóisialta | • Bhí aiseolas mar threoir ag an moladh go ndéanfaí monatóireacht agus meastóireacht go neamhspleách ar an PÁEP.<br>• Bhí aiseolas mar threoir ag CPInna laistigh de Sprioc Ardleibhéil 5:Contae ina n-oibríonn daoine le chéile<br>• Bhí aiseolas mar threoir ag an CPI agus gníomhartha gaolmhara laistigh de Sprioc Ardleibhéil 3: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad. |
| 2 | Nasc Áitiúil Lú, na Mí agus Fhine Gall | Aighneacht ag Nasc Áitiúil Lú, na Mí agus Fine Gall chuig Comhairle Contae na Mí i gcomhair Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029 | • Éifeachtúlacht roghanna iompair phoiblí a mhéadú chun nascacht agus rochtain a chinntiú | • Bhí aiseolas mar threoir ag an gcinneadh Sprioc Ardleibhéil inti féin a dhéanamh den iompar.<br>• Bhí aiseolas mar threoir ag réimsí tosaíochta agus gníomhartha laistigh de Sprioc 7: Contae nasctha atá inrochtana do chách. |
| 3 | Patrick Finn | Soilse braiteoirí | • Soilsiú poiblí | • Bhí aiseolas mar threoir ag an CPI agus ag gníomhartha gaolmhara laistigh de Sprioc Ardleibhéil 3: Contae ina gcuirtear fáilte roimh gach pobal agus ina gcumasaítear agus ina gcuimsítear iad. |
| 4 | Jack Holmes | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Mí 2023-2029 Aighneacht | • Cur le tarraingteacht Chill Dhéagláin mar áit do chónaitheoirí, oibrithe agus cuairteoirí | • Bhí aiseolas mar threoir ag an gcinneadh Sprioc Ardleibhéil inti féin a dhéanamh den iompar. |
| 5 | Cumann Snámha na hÉireann | | • An snámh a áireamh mar ghné den tsláinte agus den fholláine trí bhonneagar agus tacaíocht straitéiseach a chur ar fáil chun tacú le deiseanna snámha sa Chontae. | • Bhí aiseolas mar threoir ag réimsí tosaíochta agus gníomhartha laistigh de Sprioc 7: Contae nasctha atá inrochtana do chách. |

LCDC

Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil na Mi
Meath Local Community Development Committee

comhairle chontae na mí
*meath county council*

Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail na Mí